

ervia

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2021

# Clár Ábhair

## Tuairisc Straitéiseach


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Chathaoirligh | 02 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 04 |
| Struchtúr Rialachais | 08 |
| Ceisteanna Ábhartha | 09 |
| Creat Straitéiseach | 12 |
| Tosca a imríonn tionchar ar Chruthú Luacha | 15 |
| Samhail Ghnó Ervia | 16 |
| Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara | 18 |
| Buaicphointí | 22 |
| Feidhmíocht Oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann | 26 |
| Bainistíocht Riosca | 28 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 34 |
| Athbhreithniú Oibriúcháin | 40 |
| Príomhthionscadail 2022 | 52 |
| Inbhuanaitheacht | 54 |


## Tuairisc Rialachais


| | |
|---|---|
| An Bord | 68 |
| Tuarascáil an Bhoird | 70 |
| Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | 83 |


## Ráitis Airgeadais


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ervia | 86 |
| Ráiteas faoi Ioncam an Ghrúpa | 89 |
| Ráiteas an Ghrúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile | 90 |
| Clár Comhardaithe an Ghrúpa | 91 |
| Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe sa chaipiteal gnáthscaireanna | 92 |
| Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid | 93 |
| Nótaí le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa | 94 |
| Ráiteas Ioncaim na Máthairchuideachta | 142 |
| Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Ioncam Cuimsitheach Eile | 143 |
| Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta | 144 |
| Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Athruithe sa Chothromas | 144 |
| Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Shreafaí Airgid | 146 |
| Nótaí le Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta | 147 |

# Tuairisc Straitéiseach

Is cuideachta thráchtála leathstáit é Ervia a sholáthraíonn na bonneagair agus seirbhísí gáis agus uisce straitéiseacha náisiúnta atá mar bhonn ag fás gheilleagar na hÉireann. Tá ról lárnach againn ó thaobh feabhas a chur ar an gcomhshaol, a bheith i gceannas ar an aistriú i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin, acmhainní uisce luachmhara a chosaint agus athléimneacht a mhéadú. Cuirimid seirbhísí rialachais agus tacaíochta lárnaí ar fáil dár ngnólachtaí rialáilte, Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann.

Tá *Líonraí Gáis Éireann* i mbun, agus is leo ceann de na líonraí gáis is nua-aimseartha agus is sábháilte ar domhan.

Soláthraíonn *Aurora Telecom*, bonneagar leathanbhanda snáithín dhorcha d'ardchaighdeán.

Tá *Uisce Éireann* freagrach as oibriú agus cothabháil sócmhainní uisce agus fuíolluisce na hÉireann. Is féidir eolas maidir lena fheidhmíocht in 2021 a aimsiú i dTuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Uisce Éireann ag www.water.ie

**Ceanncheathrú**
Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, T12 RX96

# Tuarascáil an Chathaoirligh





**Tony Keohane**
*Cathaoirleach*

Mar Chathaoirleach, is mian liom mo mhíle buíochas a chur in iúl dár mbaill foirne agus dár gcomhpháirtithe ar fad as a bheith páirteach agus tiomanta ar bhonn leanúnach i leith na soláthairtí slán sábháilte gáis atá mar bhonnchloch dár ngeilleagar a chur ar fáil, agus é sin ar fad le linn bliain thar a bheith dúshlánach.

Is imeacht díchobhsaitheach go geopholaitiúil í an choimhlint san Úcráin a bhfuil freagairt daoncharadais atá stóinsithe agus comhréireach de dhíth air. Táimid ag déanamh dlúthfhaireachán ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann dár n-oibríochtaí mar a thagann cúrsaí chun cinn.

Is é is príomhchuspóir do Líonraí Gáis Éireann feidhmiú, cothabháil, forbairt agus dícharbónú an líonra gáis agus na n-idirnascairí ar bhonn sábháilte, iontaofa agus éifeachtúil. Táimid fós go hiomlán tiomanta ó thaobh a bheith ag obair i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas leis an leas is mó is féidir a bhaint as an líonra gáis agus lena chinntiú go mbíonn slándáil soláthair ann san aistriú i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin.

Bhíomar fós ag dul i ngleic le dúshláin shuntasacha a bhaineann le COVID-19 agus ár n-oibríochtaí á mbainistiú againn i mbealach atá ag teacht le treoirlínte sláinte poiblí. Rinne freagairt chuimsitheach cinnte de go raibh leanúnachas seirbhíse ann ar feadh na bliana, léiriú ar na pleananna leanúnachais ghnó stóinsithe dár gcuid chomh maith le tiomantas agus obair chrua ár bhfoirne agus soláthraithe seirbhíse.

Mar sin féin, d'éirigh linn tairbhe eacnamaíoch a chruthú go leanúnach in 2021 dár bhfostaithe, scairshealbhóirí, conraitheoirí, comhpháirtithe agus infheisteoirí. Déantar cuid den luach a chruthaítear a choinneáil san eagraíocht chun sócmhainní a chothabháil agus a athsholáthar. Leagtar amach eolas mionsonraithe maidir leis an luach a chruthaigh Líonraí Gáis Éireann dár bpáirtithe leasmhara ar leathanaigh 9-17 den tuarascáil seo. Déantar cur síos ar fheidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais Uisce Éireann i dTuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Uisce Éireann 2021 atá le fáil ar www.water.ie.

Rinne freagairt chuimsitheach cinnte de go raibh leanúnachas seirbhíse ann ar feadh na bliana, léiriú ar na pleananna leanúnachais ghnó stóinsithe dár gcuid chomh maith le tiomantas agus obair chrua ár bhfoirne agus soláthraithe seirbhíse.

Leanfaimid orainn lenár bpleananna infheistíochta caipitil a fhorbairt agus a sholáthar chun go mbeidh siad ag teacht le chéile leis na tionscnaimh bheartais a leagtar amach i dTionscadal Éireann 2040 agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 agus sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2021. Chuige sin, fanfaimid i dteagmháil lenár gcustaiméirí, rialtóirí agus scairshealbhóirí agus leis an bpobal chun tuiscint a fháil ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn de réir mar a fhorbraíonn ár dtír agus geilleagar.

I rith na bliana lean an Bord le tús áite a thabhairt do rialachas corparáideach ar aon dul le dea-chleachtas, rialúchán atá ag teacht chun cinn, beartas rialtais agus trédhearcacht. Cloímid leis na forálacha is infheidhme den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déantar athbhreithniú agus monatóireacht ar rioscaí ar bhonn leanúnach lena chinntiú go bhfuil na maolaithe agus rialuithe cuí i bhfeidhm. Mar Chathaoirleach, táim sásta go bhfuil na rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm agus go ndéantar bainistiú éifeachtach orthu chun ár riachtanais rialachais a bhaint amach.

Déanann an Bord a chinntiú, ar bhonn leanúnach, go mbeidh cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtaí Ervia idir inbhuanaithe agus fhreagrach go sóisialta. Táimid i ndiaidh tabhairt faoi obair shuntasach chun an comhlíonadh a bhaint amach faoi mar is cuí i dtaca leis na prionsabail, ceanglais agus treoirlínte ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí. Leanfaimid ar aghaidh le hUisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann a rialú go dtí go gcuirfear ar bun dhá fhóntas thráchtála rialáilte faoi leith in 2023 a bheidh faoi úinéireacht phoiblí. Tá gá ann le reachtaíocht chun scaradh Uisce Éireann ón Ghrúpa Ervia a éascú, tá an scaradh seo curtha i bhfeidhm go héifeachtach cheana, áfach, ar bhonn neamhreachtúil tar éis POF ar Uisce Éireann, Niall Gleeson a cheapadh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hairí agus leis na hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus sa Roinn Cumarsáide, Aeráide agus Comhshaoil as a gcuid tacaíochta i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hoifigigh NewERA fosta a mbímid ag plé ceisteanna rialachais leo ar bhonn rialta.

Gabhaim buíochas le mo chomhghleacaithe ar an mBord agus leis an bhFoireann Feidhmiúcháin as a dtiomantas agus tacaíocht leanúnach agus as a rialachas éifeachtach ar an ngnólacht in 2021.

Mar Chathaoirleach, is mian liom mo mhíle buíochas a chur in iúl dár mbaill foirne agus dár gcomhpháirtithe ar fad as a bheith páirteach agus tiomanta ar bhonn leanúnach i leith na soláthairtí slán sábháilte gáis atá mar bhonnchloch dár ngeilleagar a chur ar fáil, agus é sin ar fad le linn bliain thar a bheith dúshlánach.

**Tony Keohane**
*Cathaoirleach*

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh





**Cathal Marley**
*Príomhfheidhmeannaigh*

## Luach a chruthú do mhuintir na hÉireann

Is é ár bpríomhghníomhaíocht ná gás nádúrtha a iompar thar ceann os cionn 711,000 custaiméir gáis gnó agus cónaithe, is cuma cén cuideachta soláthair gáis nádúrtha a roghnaíonn siad. Mar shócmhainn ríthábhachtach náisiúnta, d'iompraigh an líonra gáis 34% de riachtanais fuinnimh príomha na hÉireann in 2021.

Oibríonn agus tógann sé é agus déanann sé cothabháil air. Áirítear leis sin píblínte 14,600 km ar fad, dhá idirnascaire fhomhuirí agus píblínte in Albain, i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann san áireamh. Chomh maith leis sin, soláthraímid seirbhísí snáthoptaice teileachumarsáide mórdhíola faoin ainm gnó Aurora Telecom.

Cuireann ár gclár 'Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile' an t-iompar ceart chun cinn agus spreagann sé ár gcultúr sábháilteachta. Tá sé á thacú ag na córais riachtanacha ó thaobh na bainistíochta sábháilteachta de.

Cuireann gás go mór le soláthairtí leictreachais, ag giniúint 46% de leictreachas na hÉireann. I ngeall ar athraitheacht cineálacha breosla sa mheascán giniúna leictreachais, go háirithe an ghaoth agus an ghrianchumhacht, bhain giniúint leictreachais gáis buaicphointe 84% éilimh amach le linn 2021, ag athdhearbhú an tábhacht a bhaineann le soláthair gáis solúbtha iontaofa. In 2021, ba thart ar 74.3 TWh toirt iomlán an gháis a iompraíodh tríd an líonra gáis d'Éirinn, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann.

Tá sé fíorthábhachtach dúinn go bhfuil ár mbeartais infheistíochta ag teacht leis na torthaí straitéiseacha náisiúnta atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018–2027, sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2021 agus i mbeartas bonneagair níos leithne an Rialtais.

Tá a fhios agam go maith an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht a aimsiú idir aidhmeanna eacnamaíocha, mar bhrabúsacht agus cruthú luacha do scairshealbhóirí, aidhmeanna socheacnamaíocha agus timpeallachta chun fás luacha fhadtéarmaigh  inbhuanaithe a chur chun cinn.

Tá tionchar ag macrathreochtaí agus forbairtí sa gheilleagar i gcoitinne ar an mbealach a gcruthaímid luach go fadtéarmach, agus tá roinnt díobh sin leagtha amach ar leathanach 13. Ó am go chéile, cruthaíonn na treochtaí sin éiginnteacht dúinn, dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara i gcoitinne. Tá mionsonraí maidir leis na príomhrioscaí romhainn agus leis na gníomhartha maolaitheacha atá ar bun againn ar fáil ar leathanaigh 28-31.

Tá daoine ag fáil bháis go tragóideach, daoine ag fulaingt go mór, sreabha ollmhóra dídeanaithe agus ollscrios mar gheall ar an gcoimhlint san Úcráin. Tá an choimhlint atá ag teacht chun cinn i ndiaidh cur le héifeachtaí na gcoinníollacha sa mhargadh domhanda a bhí ann roimhe mar gheall ar fhachtóirí a bhaineann le héilimh tomhaltóirí atá ag borradh go mór i ndiaidh COVID-19 agus ag cur le leibhéil bhreise rioscaí thar a lán gnéithe dár ngnó. Ina measc tá méaduithe ar phraghas an fhuinnimh, slándáil gáis fhéideartha agus cuir isteach ar shlabhraí soláthair. Is é an tionchar is mó go dtí seo ná an méadú suntasach ar phraghsáil mhórdhíola gáis agus táimid ag déanamh dlúthfhaireachán ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann dár n-oibríochtaí mar a leanann an staid ar aghaidh.

## Feidhmíocht in 2021

D'éirigh go han-mhaith linn arís maidir le feidhmíocht sábháilteachta in 2021. Cuireann ár gclár 'Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile' an t-iompar ceart chun cinn agus spreagann sé ár gcultúr sábháilteachta. Tá sé á thacú ag na córais riachtanacha ó thaobh na bainistíochta sábháilteachta de. I mí Iúil 2021, ainmníodh Líonraí Gáis Éireann mar bhuaiteoir sa chatagóir 'Fóntais' ag na Dámhachtainí um Shármhaitheas Sláinte agus Sábháilteachta 2021.

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean)



In 2018 d'fhógair an Rialtas go ndéanfar dhá fhóntas thráchtála rialáilte aonair faoi úinéireacht phoiblí de Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann le linn 2023. I Meitheamh 2020 chuireamar tús leis an gclár oibre chun dhá fhóntas neamhspleácha leithleacha a chur ar bun. Rinneadh obair ollmhór le linn na bliana 2021 chun scaradh oibriúcháin a bhaint amach ó mhí Eanáir 2022 ar aghaidh. Leanfaidh Bord Ervia ar aghaidh mar an t-údarás ceannais deiridh ar Uisce Éireann go dtí go mbainfear idirscaradh dlíthiúil iomlán amach in 2023.

In 2021, sheolamar le bród ár gclár meabhair-shláinte 'Time to Talk'. Is éard atá sa Time to Talk ná clár Meabhairshláinte eagraíochtúil dár gcuid a bhfuil mar aidhm aige cur chuige struchtúrtha i leith tionscnamh maidir le meabhairshláinte inár n-ionad oibre sna blianta amach romhainn. Is é an aidhm atá ann ná timpeallacht oibre dhearfach a chruthú, trínár ngníomhaíochtaí agus iompraíochtaí aonair agus comhchoiteanna d'fhonn cabhrú leis an smál atá bainteach le meabhairshláinte san ionad oibre a dhíbirt.

Tá lúcháir orm a rá, i ngeall cuid mhaith ar ár dtiomantas leanúnach don inbhuanaitheacht, gur bhaineamar rátáil B amach i gclár nochtadh carbóin, suas ó B- in 2020. Ina theannta sin, bhaineamar Gradam Tacaíochta Comhphobail Sármhaith ag Gradaim Sármhaitheasa CCA agus dhá Ghradam Ghlasa le haghaidh Gnó Glas na bliana agus Móreagraíocht Ghlas na bliana 2021.

Chuir COVID-19 isteach go mór agus go diongbháilte ar ár modh saoil agus modh oibre agus ní fhéadfaí barraíocht béime a chur ar an tionchar a bhain leis. Bíodh sin mar atá, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir lenár gcláir oibre ar ghníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, inbhuanaitheacht agus fás; ar thionscadail agus cláir chaipitil ; in oibríochtaí gáis a chothabháil; i dtionscnaimh nua maidir le custaiméirí agus sábháilteacht a fhorbairt, i mbainistiú géarchéime agus i dtacaíocht a thabhairt dár bhfoirne chun na seirbhísí gairmiúla is fearr a chur ar fáil. I mbliana, rinneamar na nithe seo a leanas :

- Conradh Seirbhíse agus Oibreacha Líonraí nua a chur i gcrích go rathúil le haistriú leanúnach foirne agus gníomhaíochtaí chuig an soláthraí seirbhíse nua i mí Lúnasa.
- Tionscadail shlándáil an tsoláthair ríthábhachtaigh a chríochnú amhail an tionscadal Seachbhealach Bhaile Locha agus tionscadal athchumraíochta ar Stáisiún Comhbhrúiteora Beattock, chomh maith le clár cuimsitheach oibreacha allamuigh.
- Comhaontú Iompair 15 bliana déanta againn le Cowith Premier Transmission Limited chun gás nádúrtha in Albain a iompar chuig líonra gáis Thuaisceart Éireann.
- Aighneachtaí cúig bliana ar Rialú Praghsanna curtha faoi bhráid againn, atá faoi athbhreithniú faoi láthair ag Rialtóir Fóntais Thuaisceart Éireann agus an Coimisiún um Rialáil Fóntais.
- 70km de líonra snáithín nua coimisiúnaithe, ag tacú le nasc sonraí ardluais le cábla snáithín fomhuirí idir Éire, Oileán Mhanainn agus mórthír RA.

Is féidir leat athbhreithniú oibriúcháin 2021 a léamh ina iomláine ar leathanaigh 40-51.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha 2022

Chuireamar fáilte i mí na Nollag 2021 roimh fhoilsiú Iarscríbhinn de Ghníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2021. Treisíonn sé roinnt príomhghníomhaíochtaí agus róil do Líonraí Gáis Éireann agus léiríonn sé conas a chuirfear na pleananna dícharbónaithe don líonra gáis i gcrích. Aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2021, áfach, gur gá le beartais bhreise chun scála d'uaillmhianta Éireann maidir le laghdú ar astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030. Tabharfaidh na beartais bhreise seo aghaidh ar ról an líonra gáis agus déanfar iad a bheachtú i bPleananna Gníomhaíochta Aeráide amach anseo. Leanfaidh an líonra gáis ar aghaidh lena ról ríthábhachtach in earnáil fuinnimh na hÉireann agus tá mé ag tnúth le bheith ag obair go dlúth sna blianta amach romhainn leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Coimisiún um Rialáil Fóntais d'fhonn gás in-athnuaite san eangach gáis a fhorbairt.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir lenár dtosaíochtaí 2022 féach ar leathanach 53.

## Buíochas

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do sheirbhísí chomhaltaí an Bhoird. Cuireann siad maoirseacht, rialachas agus treorú ríthábhachtach ar fáil agus táim an-bhuíoch as a dtacaíocht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí na Foirne feidhmiúcháin as a bhfuinneamh, a ngairmiúlacht agus a gceannaireacht i rith na bliana.

Ar deireadh, agus thar aon ní eile, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoireann go léir agus lenár gcomhpháirtithe seachadta as a n-obair chrua agus a dtiomantas. Táim bródúil as an dóigh a ndeachamar i ngleic leis na dúshláin agus as an dul chun cinn a rinneamar in 2021.

**Cathal Marley**
*Príomhfheidhmeannaigh*



# Struchtúr Rialachais



Gas Networks Ireland

- Arna bhunú faoin Acht um Rialú Gáis 2013.
- Freagrach as úinéireacht agus oibriúchán na gcóras tarchurtha agus dáilte don líonra gáis.
- Is iompróir agus soláthróir seirbhísí fiontair é Aurora Telecom a oibríonn líonra nua-aimseartha aisiompair snáthoptaice dorcha de ghrád iompróra.

Cuspóirí Straitéiseacha

- **Seachadadh Gnó**
- **Inbhuanaitheacht**
- **Custaiméir**
- **Daoine & Cultúr**
- **Fás**

Tá eolas ann maidir le feidhmíocht Líonraí Gáis Éireann in 2021 ar leathanaigh 40-51.

ervia

Comhlacht Stáit tráchtála a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976 (arna leasú).

Cuideachta sealbhaíochta ag a bhfuil dhá phríomhfhochuideachta oibriúcháin, fochuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó sheirbhísí lárnacha tacaíochta.

UISCE ÉIREANN : IRISH WATER

- An tÚdarás Náisiúnta um Sheirbhísí Uisce, ar comhlacht Stáit tráchtála é, a bunaíodh faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2013.
- Freagrach as córais bhailiúcháin a sholáthar, fuíolluisce a chóireáil agus soláthairtí uisce a sholáthar, áiseanna cóireála uisce san áireamh.

Cuspóirí Straitéiseacha

- **Uisce**
- **Inbhuanaitheacht**
- **Fuíolluisce**
- **Daoine & Cultúr**
- **Custaiméir**

Tá eolas ann maidir le feidhmíocht Uisce Éirinn in 2021 i dTuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Uisce Éireann ar www.water.ie.

# Ceisteanna Ábhartha



Oibrímid go dlúth lenár scairshealbhóirí agus páirtithe leasmhara chun tuiscint a fháil ar na saincheisteanna is tábhachtaí dóibh agus chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

## Slándáil Soláthair agus Iomaíochas



Líonra gáis eacnamúil éifeachtúil a fhorbairt, a oibriú agus a chothabháil chun slándáil soláthair agus iomaíochas a áirithiú le linn an aistrithe i dtreo an dícharbónaithe.

## Gníomhú ar son na hAeráide



Páirt mhór a ghlacadh san aistriú i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin agus scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna infheistíochta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi raon ár sainordaithe thráchtála.

## Cumas



Na scileanna agus an cumas a fhorbairt in Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann go mbeidh siad ábalta oibriú mar dhá fhóntas rialáilte aonair atá faoi úinéireacht phoiblí faoi 2023.





# Luach a chruthú – mar a dhéanaimidne é

Creat Straitéiseach



## Cuspóir

Feabhas a chur ar shláinte agus ar cháilíocht bheatha mhuintir na hÉireann, ár dtimpeallacht a chosaint agus forbairt eacnamaíoch a chumasú trí bhonneagar agus seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar bhealach sábháilte éifeachtach.

## Luachanna

Is iad na cúig luach sin atá i gcoitinne againn a shainíonn carachtar ár n-eagraíochta. Is iad a dhéanann ár ngníomhartha agus ár gcinntí a threorú agus a chuireann creat ar fáil don chaoi a ndéanaimid idirghníomhú agus cumarsáid lena chéile, lenár gcustaiméirí agus le páirtithe leasmhara.



**Feidhmíocht**

Déanaimid iarracht a bheith mar fhóntas ilghnéitheach ardfheidhmíochta a sholáthraíonn seirbhísí agus bonneagar ar ardchaighdeán an t-am ar fad.



**Ionracas**

Táimid oscailte agus macánta i ngach a ndéanaimid. Caithimid go measúil lena chéile, lenár gcustaiméirí, lenár sócmhainní agus leis na hacmhainní nádúrtha a bhfuilimid ag brath orthu.



**Sábháilteacht**

Cuireann muid an tsábháilteacht ag croílár ár gcuid oibre.



**Comhar**

Bímid ag obair as lámha a chéile chun torthaí a bhaint amach agus muid ag roinnt lena chéile agus ag foghlaim óna chéile.



**Seirbhís do Chustaiméirí**

Is é is cuspóir ná dúinn seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí. Éistimid leo maidir lena bhfuil uathu agus déanaimid iarracht níos mó ná sin a bhaint amach.

## Cuspóirí Straitéiseacha



Is é an straitéis atá againn ná bonneagar agus seirbhísí gáis, uisce agus fuíolluisce bunriachtanacha a chur ar fáil go héifeachtúil agus go sábháilte i gcomhréir lenár bplean fadtéarmach. Tá ról lárnach againn in Ervia feabhas a chur ar an gcomhshaol, a bheith mar cheannairí san aistriú go córas fuinnimh ísealcharbóin, acmhainní uisce luachmhara a chosaint agus athléimneacht a mhéadú. Is éard a dhéanfaimid:

### 1. Eagraíocht

Samhail eagraíochta a fhorbairt atá struchtúrtha go cuí agus a rialaítear go cuí do raon agus nádúr an ghnó a bhainistítear.

### 2. Gníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Fuinnimh

An ról lárnach a d'fhéadfadh a bheith ag an líonra gáis i ndícharbónú gheilleagar na hÉireann a léiriú agus tacú leis an ról sin, agus an bonneagar náisiúnta tacaíochta a sholáthar atá de dhíth chun líonra go hiomlán dícharbónaithe a bhaint amach faoi 2050.

### 3. Neart Airgeadais

Staid láidir airgeadais a chaomhnú agus leas a bhaint as sin chun maoiniú iomaíoch a fháil le riachtanais ghnó a chomhlíonadh agus luach scairshealbhóra a uasmhéadú.

### 4. Inbhuanaitheacht

A bheith ar na príomhghnóthais ghlasa inbhuanaithe in Éirinn faoi 2025.

### 5. Nuálaíocht

Scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le deiseanna nua a bhaineann le bonneagar a théann i ngleic le míreanna tosaíochta an scairshealbhóra ar chlár cruinnithe, agus béim a leagan mar chuid de sin ar dhícharbónú fuinnimh, agus toradh tráchtála a tháirgeadh.

### 6. Daoine agus Cultúr

Tacú le cultúr a mheallann, a spreagann agus a chumasaíonn ár ndaoine agus comhpháirtithe gnó trí thimpeallacht foirne chomhoibríoch as a bhfuilimid bródúil agus a sholáthraíonn sábháilteacht do mhuintir na hÉireann.



# Tosca a imríonn tionchar ar Chruthú Luacha



| | Is é an dúshlán | Mar sin, ní mór dúinn | Agus cruthóimid luach mar seo a leanas |
|---|---|---|---|
| **Slándáil an tSoláthair** | Iomaíochas eacnamaíoch a chothabháil in aghaidh arduithe ar phraghsanna fuinnimh agus neamhchobhsaíocht gheopholaitiúil ag eascairt as coimhlint san Úcráin. | Soláthar daingean iontaofa gáis a chinntiú. | Obair i gcomhar le páirtithe leasmhara le hullmhú le haghaidh teagmhais sa líonra |
| **Gníomhú ar son na hAeráide** | Astaíochtaí carbóin in Éirinn a laghdú 51% faoi 2030. | An líonra gáis a dhícharbónú. | Leanúint ar aghaidh agus uaillmhianta an Rialtais maidir leis an dícharbónú a bhaint amach mar aon le tacú leo. |
| **Custaiméir** | Eispéireas do chustaiméirí a sholáthar a shásaíonn gcuid riachtanas a riachtanais. | Leanúint ar aghaidh le guth an chustaiméara agus na páirtithe leasmhara a ghabháil chun seirbhís breisluacha a chinntiú. | Feabhas a spreagadh i rith an ama gur féidir an iarracht a laghdú ar fud rann-pháirtíocht an chustaiméara. Táimid tiomanta i leith oibríochtaí a chur ar fáil do chustaiméirí atá éifeachtúil ó thaobh costais de. |
| **Fás Geilleagrach** | Tacú le Plean Náisiúnta Geilleagrach na hÉireann a fhorbairt agus díriú isteach ar iarrachtaí le dul i ngleic leis an athrú aeráide. | Fuinneamh inacmhainne glan a chur ar fáil. | Infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar chun tacú leis an bhfás geilleagrach náisiúnta.<br>Múnla inbhuanaithe gnó a fhorbairt.<br>An nuálaíocht a chur chun cinn. |
| **Inbhua-naitheacht** | An comhshaol a chosaint, úsáid chuí a bhaint as acmhainní agus meas a léiriú ar fhostaithe. | A bheith ar na príomhghnóthais ghlasa inbhuanaithe in Éirinn faoi 2025. | Gnólacht inbhuanaithe a fheidhmiú, ár n-astaíochtaí agus dramhaíl a íoslaghdú, a dhéanann an bhithéagsúlacht a bharrfheabhsú agus tacú lenár muintir agus ár bpobail. |

# Samhail Ghnó Ervia

## Luach a chruthú - mar a dhéanaimidne é

### Ionchuir

#### Airgeadais

Tuillimid ioncam ar mheascán sócmhainní rialáilte agus neamhrialáilte.

| | Sócmhainní Iomlána |
|---|---|
| Líonraí Gáis Éireann | €2.7bn |
| Aurora Telecom | €32m |

#### Líonraí

Clúdaíonn ár líonraí gáis uisce agus teileachumarsáide an tír ar fad.

| | Km Líonraí |
|---|---|
| Líonraí Gáis Éireann | 14,664 km |
| Aurora Telecom | 1,200 km |

#### Daoine agus Comhpháirtithe

Má bhímid ag obair le chéile agus má bhainimid leas as ár saineolas i dteannta a chéile is féidir linn ár ngnó a chaomhnú agus a fhás.

538 fostaí i Líonraí Gáis Éireann

chomh maith le 551 fostaí i Seirbhísí Lárnacha a sholáthraíonn seirbhísí d'Uisce Éireann freisin

#### Páirtithe Leasmhara

Téann muid i gcomhairle lenár bpobail agus bíonn muid go gníomhach ag lorg a dtuairimí : ár gcustaiméirí, ár rialtóirí, an Rialtas agus infheisteoirí.

#### Acmhainní Nádúrtha

Oibrímid chun ár gcomhshaol a chosaint le linn an aistrithe i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin.

Déanaimid **74.3** TWh gás nádúrtha a iompar gach bliain

### Gníomhaíochtaí Gnó

#### Na córais a Oibriú

- Soláthar leanúnach ar ardchaighdeán
- Sábháilteacht
- Rialú eangaí
- Freagairt do thuairiscí faoi sceitheadh gáis

#### Ag Cur Feabhais ar ár dTairiscint go Leanúnach

- Gás Nádúrtha Comhbhrúite
- Hidrigin
- Éifeachtúlacht a fheabhsú

#### Freastal go maith ar ár gCustaiméirí

- Comhoibritheach
- Naisc nua

Agus iad ag obair le chéile, tógann agus oibríonn ár ndaoine agus ár gcomhpháirtithe ár líonraí gáis agus snáthoptaice, agus déanann siad cothabháil orthu, chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar dár gcustaiméirí, don phobal agus don gheilleagar.

### Ár mbonn sócmhainní a chothabháil

- Slándáil chórais
- Straitéis sócmhainne
- Cláir chothabhála

### Infheistiú i Sócmhainní

- Fás
- Athfheistiú
- Acmhainn
- Slándáil an tSoláthair
- Caomhnú

### Déanaimid Forbairt agus Maoiniú ar Phleananna le haghaidh an Todhchaí

- Plean gnó
- Tosaíochtaí infheistíochta
- Gníomhú ar son na hAeráide

## Aschuir



Seirbhísí éifeachtúla atá cost-éifeachtúil agus dírithe ar chustaiméirí

Bonneagar daingean seasmhach



## Sochair

### Custaiméirí

- Freastal a dhéanamh ar bhreis is **711,000** custaiméir gáis
- Soláthairtí leanúnacha sábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil
- Seirbhísí a chur ar fáil atá ag éirí níos éifeachtúla i dtólamh

### Fostaithe

- Foghlaim agus Forbairt
- Sláinte agus Folláine
- Éagsúlacht agus Cuimsiú

### Pobail

- Ag cosaint na timpeallachta agus ag tacú le bithéagsúlacht
- Gníomhú ar son na hAeráide
- Ag tacú le pobail áitiúla

### Rialtóirí

- Feabhas a chur ar fheidhmíocht de réir na gcaighdeán rialála

### Scairshealbhóir

- Díbhinní

### Geilleagar

- Ag cumasú forbairt gheilleagrach
- Tacú le fostaíocht
- Infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar

# Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara



Ag Ervia, tugaimid an-aird ar nádúr agus cáilíocht ár gcaidrimh lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Bímid ag obair go dlúth leo chun a dtuairimí agus a leasanna a thuiscint, chun ár dtionscadail a chur i gcrích i gcomhpháirt, agus chun freagairt dá leasanna de réir mar a dhéanaimid dul chun cinn maidir lenár gcuid bpleananna.

| | I measc na gComhlachtaí Ionadaíochta tá | Tosaíochtaí |
|---|---|---|
| **An Pobal i gCoitinne agus Pobail** | Daoine aonair, pobail, grúpaí comhshaoil, grúpaí tomhaltóirí, grúpaí le leas i ngnó, forais feirmeoireachta, etc. | • Soláthairtí sábháilte seasmhacha gáis nádúrtha a áirithiú.<br>• Iomaíochas a chaomhnú.<br>• Tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch. |
| **Páirtithe** | Comhpháirtithe, soláthraithe seirbhíse tríú páirtí agus soláthróirí. | • Oibriú go héifeachtúil le chéile chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar. |
| **Rialtóirí** | An Coimisiún um Rialáil Fóntas, Rialtóir Fóntas (Tuaisceart Éireann), Office of Gas and Electricity Markets (Ríocht Aontaithe). | • Tionscnaimh a chur i gcrích chun beartais fuinnimh agus aeráide a chur i bhfeidhm.<br>• Leanúint ar aghaidh le Pleananna Gnó a chur i bhfeidhm go céimneach, lena n-áirítear an Plean Infheistíochta Caipitil a chur ar fáil.<br>• Oibriú go héifeachtúil agus costais a laghdú. |
| **Scairsheal-bhóirí** | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. | • Beartas Rialtais a chur i bhfeidhm.<br>• Cumarsáid a dhéanamh go cruinn trédhearcach agus dul chun cinn maidir le pleananna a léiriú.<br>• Uisce Éireann a bhunú mar eagraíocht aonair agus na scileanna agus cumais a fhorbairt laistigh d'Uisce Éireann chun go mbeidh sé ina fhóntas tráchtála rialáilte faoi úinéireacht phoiblí. |

| Freagra | Suirbhéanna | Duine le Duine | Cruinnithe Comhchéime | Ócáidí eolais | Grúpaí oibre | Suíomh Gréasáin | Na meáin shóisialta | Cruinnithe il-pháirtithe leasmhara |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Díriú ar rannpháirtíocht a dhéanamh ag an leibhéal áitiúil agus ag leibhéal an phobail.<br>• Feidhmíocht den scoth a chaomhnú maidir le freagairt phras nuair a thuairiscítear gás éalaithe.<br>• Leanúint de bheith ag feidhmiú go héifeachtúil.<br>• Bonneagar a chur ar fáil chun fás geilleagrach a éascú. | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| • Athbhreithnithe feidhmíochta rialta a dhéanamh agus dul i mbun an phlé phleanála dírithe ar an am atá romhainn lenár gcomhpháirtithe seirbhíse. | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| • Leanúint ar aghaidh le Plean Gnó Líonraí Gáis Éireann a chur i bhfeidhm go céimneach, lena n-áirítear na bearta a thugtar faoin bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2021.<br>• Infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail Gháis Nádúrtha Chomhbhrúite. | | ● | | | ● | | | |
| • Líonra sábháilte, iontaofa agus éifeachtúil a oibriú, a chothabháil, a fhorbairt agus a dhícharbónú.<br>• Pleananna gnó a fhorbairt agus a bhaint amach atá ag teacht le beartais Rialtais.<br>• Déantar tuairiscí agus nuashonraithe feidhmíochta rialta a chur ar fáil d'fhorais mhonatóireachta agus mhaoirseachta.<br>• Ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh idirscaradh dlíthiúil le linn 2023. | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |


your partner in green logistics
IVECO
Virginia
POWERED BY
NATURAL GAS
VT290
Carbon




# Ár Straitéis a Chomhlíonadh

# Buaicphointí

Tháinig an chuid is mó den toirt incriminteach a soláthraíodh in 2021 ó na hearnálacha Ginte Cumhachta agus Láríonad Sonraí le dhá Ualach Eisceachtúil conraithe in 2021.

Rinneadh na conarthaí seo chun gás a sholáthar chuig Láríonad Sonraí Digiteacha agus Fuinnimh agus forbairt Láríonad Sonraí, i gCluain Dolcáin araon, siar ó dheas ó Chathair Bhaile Átha Cliath.

D'oibrigh Líonraí Gáis Éireann go dlúth le h'Eirgrid agus an Coimisiún um Rialáil Fóntais le linn 2021 maidir le saincheist shlándáil an tsoláthair leictreachais don tír. Rinneadh iliomad fiosrúcháin maidir le nascadh gáis a phróiseáil agus rinneadh tairiscintí chuig an earnáil Ginte Cumhachta d'fhonn tacú leis an méadú ar an acmhainneacht giniúna cumhachta a bheidh riachtanach sna blianta amach romhainn. Fuair Líonraí Gáis Éireann faomhadh freisin ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais chun dul ar aghaidh, i gcásanna áirithe, le hoibreacha deartha ardleibhéil le haghaidh tionscadal giniúna straitéisí roimh forghníomhú conarthaí. Tá Líonraí Gáis Éireann ag súil leis an iliomad conarthaí nasc Tarchurtha le linn 2022 agus sna blianta ina diaidh chun tacú le forbairt ghléasra cumhachta gásadhainte solúbtha.

Fuair Líonraí Gáis Éireann conarthaí nasc le haghaidh 12 Bhloc Árasán in 2021 agus 2,864 árasán ag fáil teas agus uisce te ó réitigh gásadhainte gléasra lárnaigh mar thoradh air. Ba é an réiteach teicniúil a roghnaíodh sa chuid is mó de na forbairtí seo ná teaglaim hibrideach trealaimh gásadhainte de Theas agus Cumhacht le chéile (CHP) in éineacht le teicneolaíochtaí Teaschaidéil tráchtála leictreacha d'fhonn réiteach ardéifeachtach ar chostas íseal a chur ar fáil ag baint amach agus ag dul níos faide ná na riachtanais a bhaineann le Foirgnimh Nach Mór Neodrach Ó Thaobh Fuinnimh (NZEB) a thagann ó na Rialacháin Foirgníochta is déanaí. Sna horduithe naisc seo bhí forbairt Chuan na Canálach Móire, ceann de na forbairtí Árasáin agus Tráchtála sa tír, 596 árasán agus 7,000$m^2$ de spás miondíola tráchtála i lár chathair Bhaile Átha Cliath san áireamh.

**708 GWh**
**31**
Úsáideoirí móra tionsclaíochta

**71 GWh**
**547**
Gnólachtaí tráchtála

**33 GWh**
**2,726**
Seantithe

**12 GWh**
**1,254**
Tithe nua


**19 GWh**
**12**
Bloc árasán nua

**Breis agus**
**34%**
de bhunriachtanais fuinnimh a chumhachtú

**Breis agus**
**40%**
teasa a chumhachtú

**Breis agus**
**46%**
de ghiniúint leictreachais a chumhachtú

## Bithmheatán: réiteach inbhuanaithe d'fheirmeoirí Éireannacha agus slándáil fuinnimh




I measc na n-orduithe naisc a bhain le fiontair bheaga agus mheánmhéide bhí 22 nasc chuig scoileanna ar fud na tíre. D'oibrigh Líonraí Gáis Éireann le páirtithe leasmhara uile, an Roinn Oideachais, an Oifig um Soláthar Poiblí, Boird Bhainistíochta, agus Príomhoidí agus Bainisteoirí Saoráidí chun cabhrú leis na teicneolaíochtaí is fearr a roghnú d'fhonn a gcuid riachtanas a bhaint amach.

Rinne 2,726 úinéir tí an cinneadh in 2021 an rogha le hathrú ó bhreoslaí eile chuig gás nádúrtha. Shuiteáil an chuid is mó de na custaiméirí seo grianteicneolaíochtaí chun an réiteach a chomhlánú le giniúint leictreachais in-athnuaite.



Buaicphointí (ar lean)



### 1. Is é Gás go fóill an crann taca do mheascán fuinnimh na hÉireann

In 2021 ba leis an gás a rinneadh 46% de leictreachas na hÉireann a ghiniúint; 43% ar bhonn uile-oileáin. Laghdaíodh roinnt den ghiniúint leictreachais ag gaoth ó 35% in 2020 go dtí 29% in 2021, agus chuaigh giniúint as gual in airde ó 5% in 2020 go dtí 11% in 2021.

Nuair a bhí gás agus gaoth in ard a réime, chumhachtaigh siad suas go dtí 84% agus 77% de riachtanas leictreachais na hÉireann faoi seach, ach mar gheall ar an nádúr eadrannach atá ag gaoth tháinig laghdú uirthi go dtí go raibh sé níos ísle ná 1% in amanna, níor tháinig laghdú ar an méid a ghin gás níos lú ná 10% le linn 2021. Sholáthraigh gual suas go dtí 29%.

### 2. Naisc nua

San iomlán, tá 547 gnólacht beag go meánmhéide, 31 custaiméir mór tionsclaíochta, níos mó ná 4,000 baile agus 12 bhloc árasáin a bhfuil conarthaí leo chun iad a nascadh leis an líonra gáis in 2021. Críochnaíodh níos mó ná 6,200 nasc nua in 2021 agus na hoibreacha ar fad déanta i gcomhréir le treoirlínte sláinte poiblí an Rialtais.

- 708 GWh - 31 Úsáideoirí móra tionsclaíocha
- 71 GWh - 547 Gnólachtaí tráchtála
- 33 GWh - 2,726 Seantithe
- 12 GWh - 1,254 Tithe nua
- 19 GWh – 12 Bhloc árasáin nua

### 3. €147m d'infheistíocht isteach chuig líonra gáis Éireann agus é ag aistriú chuig todhchaí fuinnimh níos glaine

Tá líonra gáis Éireann ag déanamh scoith oibre cheana d'Éirinn, ag tacú leis an aistriú chuig todhchaí fuinnimh níos glaine. Ar aon dul lenár leithéidí sa RA agus san Eoraip, táimid dírithe ar ár soláthar gáis a aistriú chuig teicneolaíochtaí in-athnuaite amhail bithmheatán agus hidrigin.




### 4. Freagairt taobh istigh d'uair an chloig, gach uair

In 2021 thugamar freagra ar 14,646 cás inar measadh gur scaoileadh gás, nó ina raibh fadhbanna a bhain le haonocsaíd charbóin, agus teagmhais eile, taobh istigh de 29 nóiméad ar an meán.



### 5. Comhoibriú ar thaighde ar hidrigin i gcomhar le COBÁC

Agus úsáid á bhaint as na saoráidí tástála ag COBÁC agus saoráid hidrigine nuálaíochta nua de chuid Líonraí Gáis Éireann in iarthar Bhaile Átha Cliath araon, lena bhfuiltear in ann píblínte, méadair agus fearais amach ón líonra a thástáil go sábháilte; in 2021 thosaigh foireann taighdeoirí ag obair chun tuiscint a fháil ar lánacmhainneacht hidrigine agus a chinntiú go bhfuil píblínte gáis na hÉireann ábalta an gás ríthábhachtach saor ó charbón seo a iompar agus a stóráil go sábháilte.

### 6. Éire ar an mbealach chun iompar tráchtála atá neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach

In 2021, chuireamar réamhchúirteanna Circle K ag Cluain Seach i mBaile Átha Cliath agus Bóthar Bhéal Átha Síomoin i gCathair Luimnigh leis an líonra atá ag fás de stáisiúin athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal le Gás Comhbhrúite Nádúrtha (CNG) a fháil. Tá 11 eile á bhforbairt againn.

Ina theannta sin, d'fhonn cabhrú le hoibritheoirí flít agus tarlóirí aistriú chuig feithiclí níos glaine incheannaithe CNG, sheolamar Scéim Deontais Feithicil CNG de €2.9m, cómhaoinithe ag Clár TEN-T an Aontais Eorpaigh faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa mar pháirt den Thionscadal Nascadh Glas.




## 7. Bithmheatán: réiteach inbhuanaithe d'fheirmeoirí Éireannacha agus slándáil fuinnimh

Agus toirteanna beaga bithmheatáin táirgthe go dúchasach a ritheann isteach go líonra gáis na hÉireann ag an aon saoráid instealltа gáis saintógtha sa tír i gCois Co. Chill Dara, in 2021 chuireamar tús leis an dearadh mionsonraithe agus forbairt an dara saoráid instealltа gáis in-athnuaite i mBaile Mhistéala Co. Chorcaí.



## 8. Aurora Telecom

Lean Aurora lena lorg náisiúnta a leathnú in 2021, ag nascadh na bpríomhchathracha; na bpríomhionad uirbeach agus na n-ionad sonraí ar fud 15 chontae. D'éirigh leis an bhfoireann Aurora nasc défhothaithe de 70km a choimisiúnú chun cábla fomhuirí nua a nascann Éire chuig an Oileán Mhanainn, chuig mórthír RA a idirnascadh. Soláthraíonn an bonneagar criticiúil seo ceann de na líonraí is giorra agus is sláine idir an dá thír.

## 9. Gnólacht glas na bliana 2021

I ngeall cuid mhaith ar ár dtiomantas leanúnach don inbhuanaitheacht, bhaineamar rátáil B amach i gclár nochta carbóin (CDP), suas ó B- in 2020. Ina theannta sin, bhaineamar Gradam Tacaíochta Comhphobail Sármhaith ag Gradaim Sármhaitheasa CCA agus dhá Ghradam Ghlasa le haghaidh Gnólacht Glas na bliana agus Móreagraíocht Ghlas na bliana 2021.

## 10. An tríú tuarascáil ar inbhuanaitheacht

In 2021 d'fhoilsíomar ár dtuarascáil bhliantúil maidir leis an Inbhuanaitheacht a bhí ag teacht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe, ina ndéantar achoimre ar an dul chun cinn atá déanta le prionsabail na forbartha inbhuanaithe a chur i bhfeidhm ar fud gach gné dár n-oibríochtaí. Bhain tuarascáil na bliana seo caighdeán tuairiscithe ar inbhuanaitheacht de chuid an Tionscnamh Tuairiscithe Domhanda amach den chéad uair.




## 11. Freagairt ar phaindéim COVID-19


Mar gheall ar na nósanna imeachta láidre seanbhunaithe atá againn, bhíothas cinnte go raibh líonra riachtanach gáis na hÉireann in ann feidhmiú go sábháilte gan chliseadh i rith na paindéime in 2021.

# Feidhmíocht Oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann



## Sábháilteacht


Iomlán RMTAC – Fostaithe (>1 lá)#/100k uair




- Úsáidimid an Ráta Minicíochta Teagmhas Ama Caillte chun líon na dtimpistí a rianú a tharlaíonn d'fhostaithe in aghaidh gach 100,000 uair an chloig a oibrítear, a fhágann gur gá do bhall foirne > 1 lá amháin saor a thógáil ón obair.
- Tá an tsábháilteacht mar luach lárnach in Ervia. Tá an clár cultúrtha sábháilteachta Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile i bhfeidhm ó 2015 agus táimid ag obair i gcónaí le cúrsaí feidhmíochta sábháilteachta a fheabhsú..

## Sábháilteacht


# nóiméad ar an meán le freagairt ar Thuairiscí ón bPobal faoi Sceitheadh Gáis




- Déanann an tomhas seo an fhad ar an meán a rianú a thógann sé orainn freagairt ar thuairiscí ón bpobal faoi sceitheadh gáis. Is é an mhéadracht atá socraithe againn leis an CRU ná ráta freagartha 97% laistigh d'uair amháin; in 2021 baineadh amach ráta comhlíonta 100%.
- Méadracht sábháilteachta an-tábhachtach atá ansin. Taispeánann sé cé chomh tábhachtach is atá sé dúinn na caighdeáin ardfheidhmíochta sin a choimeád go leanúnach thar am.

## Seirbhís do Chustaiméirí


Réiteach Céad Theagmhála




- Déanaimid athbhreithniú ar shampla dár dteagmhálacha le custaiméirí gach mí thar réimse éagsúla cineálacha glaonna. Déantar suirbhé neamhspleách ar rogha dár nglaonna chun na scóir a bhailíochtú.
- Cuirtear in iúl dúinn leis an tomhas seo cé chomh minic a bheimid in ann iarratas an chustaiméara a réiteach ar an gcéad teagmháil, gan gá tuilleadh eolais a fháil, an t-iarratas a chur chun na hoifige cúil, gearán a chruthú nó as scéal a fhiosrú níos mó.

## Fás

Ceangail Nua Carnacha 2014-2021




- Déanaimid an méadú ar úsáid an líonra mar gheall ar naisc nua a thomhas.
- Tá líon na gceangal nua á fhás againn ag an am céanna. Den chuid is mó, is iad custaiméirí agus cuideachtaí tionsclaíocha atá taobh thiar den mhéid.

## Caiteachas Caipitiúil


Caiteachas Caipitiúil €m




- Cuirimid caiteachas ar bhonneagar amhail gléasra, réadmhaoin, trealamh, agus sócmhainní doláimhsithe san áireamh.
- Tá cur i gcrích na gclár caipitiúil i gcroílár ár gcumais líonraí a fhorbairt agus a chothabháil.

## Éifeachtúlachtaí Oibriúcháin Carnacha

Éifeachtúlachtaí Opex €m




- Cuirimid éifeachtúlachtaí chun cinn ar bhonn leanúnach sa chaoi a ndéanaimid ár seirbhísí a chur ar fáil.

# Bainistíocht Riosca



Bíonn an tírdhreach maidir le bainistiú riosca le haghaidh Líonraí Gáis Éireann ag forbairt i gcónaí agus tá bainistiú riosca mar dhlúthpháirt dár ngníomhaíochtaí uile.

Tá Bainistiú Riosca ag cabhrú linn chun déileáil le dúshláin agus deiseanna a thapú d'fhonn ár gcuspóirí straitéiseacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a bhaint amach.

Tá ár n-oibríochtaí gnó ag feidhmiú ar bhonn fadtéarmach. Mar sin, táimid ag plé go leanúnach le lear mór de na rioscaí. Féadtar na rioscaí sin teacht chun cinn agus a bheith ag athrú i rith an ama, de réir mar a thagann athrú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu – nó ar cé chomh cosúil is atá sé go mbeidh siad ann – mar gheall ar eachtraí inmheánacha agus seachtracha. Ag an am céanna, bíonn rioscaí nua ag teacht chun cinn an t-am ar fad. Mar gheall ar bhainistíocht riosca réamhghníomhach, is féidir linn breisluach a chruthú dár ngeallsealbhóirí, dár gcustaiméirí agus don phobal i gcoitinne.

Bhí dúshlán ag baint leis an tírdhreach riosca 2021, bíodh sin mar atá, d'éirigh le Líonraí Gáis Éireann na dúshláin seo a bhainistiú go héifeachtach agus tá siad fós á mbainistiú. I ngeall ar an bpaindéim leanúnach Covid-19 bhí bainistiú géarchéime leanúnaí agus gníomhaíochtaí leanúnachais gnó ar feadh na bliana le cinntiú go ndearnamar ullmhú do agus freagairt ar aon fhachtóirí treampánacha agus go ndearnamar ár mbaill foirne a chosaint agus leanúnachas seirbhíse a chinntiú. Tá dúshláin eile ag Líonraí Gáis Éireann aibhsithe sa mhír ar phríomhrioscaí agus éiginnteachtaí thíos. Rinneadh grinnmhonatóireacht ar an dtimpeallacht sheachtrach le haghaidh aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann do Líonraí Gáis Éireann (GNI) amhail mórthionchair ag eascairt as Covid-19, luaineacht Praghsanna Fuinnimh agus ag sásamh éilimh méadaithe le haghaidh gáis.

## Creat Bainistíochta Riosca

Tá struchtúir rialachais dea-bhunaithe ag Líonraí Gáis Éireann a chuimsíonn bainistíocht riosca chuimsithigh d'fhonn na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ár gcumas chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach a bhainistiú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú. Tá an córas chun riosca a bhainistiú agus maidir le beartas riosca bunaithe go maith faoin am seo agus cuirtear an córas i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na heagraíochta.

Tá an fhreagracht deiridh ag an mBord maidir le bainistíocht riosca, agus gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistíocht riosca ag dul ar aghaidh ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta chun bainistíocht riosca éifeachtach ó lá go lá agus bainistíocht ar bhonn réamhghníomhach ar na rioscaí atá ag teacht chun cinn a chinntiú. Ar bhonn bliantúil, déanann an Bord inghlacthacht riosca a shocrú. Déantar cineál agus fairsinge na rioscaí a bhfuil Uisce Éireann toilteanach glacadh leo a mheas le linn dúinn ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Tá údarás tarmligthe ag Coiste Iniúchóireachta agus Riosca chun tacú leis an mBord i dtaobh na n-oibleagáidí seo. Tacaítear leo timpeallacht éifeachtach le haghaidh bainistíochta riosca a choimeád ag foireann riosca tiomnaithe agus múnla coiste rialachais ón bharr anuas, ón bhun aníos. Rinneadh struchtúir rialachais oiriúnacha a fheabhsú agus a chomhtháthú níos mó lena chinntiú go bhfuil soiléireacht ann maidir le húinéireacht agus freagracht ó thaobh na bainistíochta riosca de.

Bhí fócas ar chultúr leanúnach bainistíochta riosca réamhghníomhaigh ar gach leibhéal na heagraíochta agus rinneadh feabhsú air seo trí fheachtas oiliúna ar fheasacht riosca a chur i gcrích go rathúil le linn 2021.

Baineann Ervia úsáid as próiseas simplí ceithre chéim chun aitheantas, measúnú, freagairt agus monatóireacht chomhréireach ar riosca ar fud na heagraíochta a chinntiú. (féach figiúr 1.1.)

### ERM próiseas 4 Chéim

| | |
|---|---|
| **Céim 01** | Déan an comhthéacs agus na cuspóirí a shainiú |
| **Céim 02** | Déan na rioscaí a mheas |
| **Céim 03** | Déan na rioscaí a bhainistiú |
| **Céim 04** | Monatóireacht, athbhreithniú agus tuairisciú |

Figiúr 1.1 - ERM Próiseas 4 Chéim

### Ár nGníomhaíochtaí Bainistíochta Riosca


| **Ó Lá go Lá** | **Ag comhtháthú le Straitéis & Próiseas** | **Rialachas** |
|---|---|---|
| Réimsí Oibriúcháin | Réimsí Oibriúcháin | Réimsí Oibriúcháin |
| Rioscaí a aithint, a bhainistiú, a cheistiú agus a thuairisciú. | Tá measúnú riosca ina chuid lárnach de phleanáil straitéiseach, infheistíocht a chur in ord tosaíochta agus meastóireacht tionscadal. | Tacaíonn Coistí Feidhmiúla agus Feidhmiúcháin Riosca leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca. |

# Na Príomhrioscaí agus Éiginnteachtaí agus príomhmhaoluithe

| | Riosca | Comhthéacs | Laghdú |
|---|---|---|---|
| **Sláinte, Sábháilteacht agus an Comhshaol** | | | |
| **1** | Tá riosca ann go mainnímid ullmhú agus freagairt a thabhairt ar fhachtóirí treampánacha suntasacha i ngeall ar an bpaindéim COVID-19 chun sábháilteacht ár bhfoirne agus seachadadh leanúnach seirbhísí a chinntiú. | Tinneas ar mhórscála i measc fostaithe mar gheall ar eipidéim nó paindéim (e.g. Covid-19) a théann i bhfeidhm ar dhaonra na hÉireann, agus a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar shláinte agus folláine fostaithe, oibríochtaí, ar an soláthar seirbhísí agus ar an slabhra soláthair. | • Tá plean freagartha i leith COVID-19 ar bun ag Ervia agus Lionraí Gáis Éireann - Foirne Bainistíochta Géarchéime ag oibriú ar feadh tréimhse na géarchéime.<br>• Rinneadh socruithe teagmhasacha leanúnachais gnó a ghníomhachtú.<br>• Plean Freagartha ar COVID-19 agus Plean maireachtála le COVID-19 a nuashonrófar go leanúnach i gcomhréir le treoirlínte rialtais.<br>• Teagmháil leis na príomhpháirtithe leasmhara (FSS, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisiún um Rialáil Fóntas, Ranna Rialtais etc.) chomh maith le tagarmharcáil fóntais ag piaraí.<br>• Plean soiléir cumarsáide.<br>• Oibrithe riachtanacha aitheanta le haghaidh obair oifige/allamuigh/suímh agus rialuithe tacaíochta COVID-19 ar bun de réir na bpleananna freagartha. |
| **2** | Teagmhas suntasach sábháilteachta a tharlaíonn don phobal, d'fhostaí nó do pháirtí seachadta agus a mbíonn baol de ghortú tromchúiseach/bás mar thoradh air. | Ní mór cloí leis an reachtaíocht agus na socruithe sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil ar fad chun an fhoireann, conraitheoirí agus an pobal a chosaint ar ghortú nó bás agus chun ionchúisimh fhéideartha, caillteanas airgeadais agus damáiste do chlú a sheachaint. | • Déanann an Príomhchoiste Sábháilteachta (atá ina Choiste Feidhmiúcháin) maoirseacht ar fheidhmíocht Sláinte & Sábháilteachta.<br>• Arna dheimhniú chuig Córais Bainistíochta Sábháilteachta ISO45001 agus Córas Bainistíochta Comhshaoil ISO14001.<br>• Athbhreithniú, gníomhaíochtaí éigeandála, iniúchóireacht agus gníomhaíocht dearbhaithe, idir inmheánach agus seachtrach. |
| **Slándáil an tSoláthair** | | | |
| **3** | Braitheann slándáil soláthair gáis nádúrtha na hÉireann ar a chumas allmhairí a fháil, chomh maith le hacmhainn agus sláine den bhonneagar soláthair agus dáilte. Thiocfadh le mainneachtain éileamh riachtanach ar ghás a shásamh damáiste airgeadais agus damáiste do chlú a dhéanamh. | Tá Líonraí Gáis Éireann freagrach as an líonra píblínte le haghaidh Gás Nádúrtha a fheidhmiú chun soláthar gáis i bPoblacht na hÉireann a chinntiú. | • Fágann nascadh na píblíne gáis ar tír mór in Albain go ndéantar slándáil an tsoláthair a dhaingniú i gcás na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe.<br>• Tugann críoch an tionscadail Seachbhealach Bhaile Locha in 2021 athléimneacht mhéadaithe don líonra.<br>• Déanann Gáscheantar na Coiribe soláthar dúchasach gáis a chur ar fáil a chuireann le slándáil an tsoláthair i gcás na hÉireann sna blianta atá le teacht.<br>• Tá Lionraí Gáis Éireann ag dul i dteagmháil go gníomhach le hEirgrid agus leis an CRU faoi thionscadail fhéideartha chun tacú lé héileamh méadaithe na hÉireann ar ghiniúint cumhachta nua.<br>• Straitéisí cumarsáide straitéiseacha a thagann le chéile de réir mar a thagann beartas chun cinn, ina leagtar amach an ról atá ag Líonraí Gáis Éireann i dtaca le beartas fuinnimh a bhaint amach.<br>• Tá gá ann leis An Mheasúnacht Priacal Náisiúnta faoi Airteagal 7 Rialachán (AE) 2017 / 1938 (Gás Slándáil an tSoláthair). Oibríonn Líonraí Gáis Éireann leis an CRU chun an measúnú riosca sin a chur i gcrích mar is gá gach ceithre bliana.<br>• In 2021 chuir DECC tús le hathbhreithniú ar shlándáil soláthair fuinnimh. |
| **An Todhchaí a Dhéanamh Slán - Dícharbónú agus an tAthrú Aeráide** | | | |
| **4** | Mainneachtain ról a fháil do ghás nádúrtha nó inathnuaite in aistriú fuinnimh na hÉireann nó ról seasmhach a fháil don líonra gáis i gcóras fuinnimh dícharbónaithe na hÉireann. | Tá an dícharbónú fuinnimh fós ar cheann de na dúshláin is mó atá ann sa domhan. Tá beartais an AE agus na hÉireann maidir le fuinneamh agus leis an athrú aeráide ag díriú isteach ar dheireadh a chur le breosla iontaise, gás nádúrtha san áireamh (an breosla iontaise is glaine).<br><br>Mura mbeifear ábalta an líonra gáis a dhícharbónú, beidh baol ann dá bharr go mbeadh astaíochtaí fuinnimh ann i gcónaí agus nach mbainfí go leor úsáide as an líonra gáis. D'fhéadfadh méadú teacht ar tharaifí dá bharr agus sócmhainní tréigthe a bheith ann. | • Straitéis faoi athbhreithniú agus forbairt leanúnach agus Rialachas is monatóireacht shoiléir i bhfeidhm.<br>• Infheistíocht leanúnach i dtionscnaimh inbhuanaithe chun tacú le teicneolaíochtaí gáis nua agus foinsí gáis inathnuaite e.g. hidrigin, bithmheatán, gáis nádúrtha chomhbhrúite (GNC).<br>• Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara ar leibhéal intíre agus ar leibhéal na hEorpa chun béim a leagan ar thábhacht a bhaineann leis an eangach gáis i ndícharbónú chórais fuinnimh an AE.<br>• Rannpháirtíocht ríthábhachtach leis an CRU tríd an bpróiseas rialaithe praghsanna (rialú praghsanna is déanaí - PC5 - curtha faoi bhráid le haghaidh cinneadh CRU in 2022) chun ailíniú a chinntiú i gcomhlíonadh na ngealltanas faoi Phlean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais agus Pleananna Forbartha Líonra. |

| Riosca | Comhthéacs | Laghdú |
|---|---|---|
| **Bonneagar agus Soláthar Seirbhíse** | | |
| **5** Mura féidir pleananna infheistíochta caipitil agus cláir a sheachadadh ina n-iomláine agus gan an acmhaineacht ghréasáin a bhaint amach mar thoradh air sin nó sláinte sócmhainne a choimeád mar gheall ar acmhainn theoranta slabhra soláthair laistigh den tionscal foirgníochta nó i gcás gur chlis ar phríomhsholáthraí. | Comhaontaíodh clár mór caipitil leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (2017-2022).<br>Tá clár mar é á ullmhú don tréimhse 2022-2027.<br>Tá gá ann d'infheistíocht shuntasach le haghaidh straitéis GNI an líonra gáis a dhícharbónú. | • Rannpháirtíocht leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais maidir le caiteachas agus spriocanna san am atá le teacht.(Rialú Praghsanna – PC5).<br>• Tá pleananna corparáideacha ar bun, pleanáil don éileamh ar ghás agus pleanáil gnó .<br>• Saineolas inmheánach maidir leis an slabhra soláthair agus idirghníomhaíochtaí réamhghníomhacha slabhra soláthair.<br>• Le conarthaí nua tógála agus innealtóireachta (NSWC) ann le cinntiú go mbeidh comhpháirtithe ag an méid cheart le haghaidh ualach oibre Líonraí Gáis Éireann.<br>• Tugtar aitheantas go forleathan ar fud an Rialtais, Rialtóirí agus sa Tionscal Fuinnimh go bhfuil an Gás Nádúrtha chun cur le agus chun tacú le fás na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite. |
| **6** Má tharlaíonn cailliúint thromchúiseach seirbhíse, sceitheadh sonraí nó srianta ar theicneolaíocht eolais agus/nó oibriúcháin mar thoradh ar chibear-ionsaí, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin ar sholáthar agus ar bhonneagar seirbhíse. | Dá mbeadh teagmhas ann, tá seans ann go gcuirfí isteach ar an soláthar gnó nó go mbeadh fadhbanna sábháilteachta, damáiste do chlú nó fíneálacha rialála i gceist. Tá méadú tagtha ar an dóchúlacht sin de dheasca na timpeallachta cianoibre atá ann faoi láthair (mar gheall ar COVID-19). | • Lárionad Oibríochtaí Slándála ag oibriú monatóireacht 24/7 ar shócmhainní IT & OT.<br>• Plean Cibearfhreagartha agus Runbook faoi athbhreithniú leanúnach agus freachnaimh ionsamhlúcháin curtha i gcrích.<br>• Cláir oiliúna agus feasachta do na baill foirne go léir.<br>• Déantar infheistíocht i rith an ama chun rioscaí a chosc agus tá rialuithe réamhghníomhacha i bhfeidhm ar fud na gcóras is tábhachtaí go léir .<br>• Bíonn measúnachtaí riosca leanúnacha, saineolas IT faighte agus athbhreithnithe ráthaíochta neamhspleácha seachtracha ar siúl. |
| **Ár bhFoireann** | | |
| **7** Mura mbeadh an struchtúr cuí eagraíochta agus na daoine cearta againn agus an cultúr ceart i bhfeidhm, ní bheimis in ann ár gcuspóirí gnó a chur i bhfeidhm. | Claochlú eagraíochta suntasaí a glacadh ar láimh le linn 2021. | • Tá Grúpa Stiúrtha Deartha Eagraíochta agus próiseas pleanála fórsa oibre i bhfeidhm chun aon athruithe ó bhonn ar an eagraíocht a bheidh ann a phleanáil, a bhainistiú agus chun tacaíocht a thabhairt ina leith.<br>• Bíonn modhanna ann a bhaineann leis an rannpháirtíocht agus cultúr, suirbhéanna ina measc, mar aon le próisis leanúnacha i rith an ama chun feabhas a bhaint amach ar bun.<br>• Tá clár suntasach Sláinte agus Folláine ann chun tacú le baill foirne.<br>• Tá straitéis Acmhainní Daonna á cur i bhfeidhm, agus mar chuid den straitéis tá tionscnaimh amhail cláir éagsúlachta agus ionchuimsithe iBelong, obair sholúbtha agus cláir forbartha fostaithe. |
| **Airgeadas agus Eacnamaíoch** | | |
| **8** Nochtann ár ngníomhaíochtaí roinnt rioscaí maicreacnamaíocha domhanda agus airgeadais dúinn - riosca creidmheasa, riosca a bhaineann le samhail mhaoinithe agus liúntas oibriúcháin, riosca leachtacha, riosca a bhaineann le hairgeadra agus riosca a bhaineann le ráta úis. | Tionchair mhaicreacnamaíocha amhail méadú rátaí úis an mhargaidh, rátaí Fx ag athrú nó riosca i bpraghas tráchtearraí (méaduithe praghsanna Carbóin/Leictreachais ) ag imirt tionchar ar Líonraí Gáis Éireann go díreach nó go hindíreach trí thionchar ar ár gCustaiméirí nó ár Soláthraithe. | • Tá teorainneacha riosca sainithe, tarmligin údaráis agus faireachán ar nochtadh i bhfeidhm.<br>• Dlúthfhaireachán ar luaineacht margaidh gáis, leictreachais agus fuinnimh, tionchar costais leictreachais méadaithe ar éileamh gáis, na tionchair indíreacha ar sholáthraithe agus ar chustaiméirí.<br>• Teagmháil agus caidrimh leanúnacha leis an Rialtas, le hinstitiúidí agus le hinfheisteoirí féideartha.<br>• Dlúthfhaireachán agus measúnacht tionchair le haghaidh teagmhais mhaicreacnamaíocha e.g. COVID-19. |





# Feidhmíocht in 2021

# Athbhreithniú Airgeadais





**Ronan Galwey**
*Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa*

Bhí feidhmíocht airgeadais shásúil ag Ervia le linn 2021, go háirithe i gcomhthéacs margadh luaineach do phraghsanna gáis mórdhíola agus na dúshláin leanúnacha a bhaineann le COVID-19.

Thaifead Ervia brabús roimh cháin de €82m agus rinne íocaíocht díbhinne bliantúla de €38m leis an Státchiste. Baineadh amach infheistíocht Chaipitil de €147m i mbonneagar gáis chriticiúil.

D'éirigh le fochuideachta de chuid Ervia, Líonraí Gáis Éireann, a rátálacha creidmheasa ar ghrád infheistíochta a choinneáil le Moody's agus S&P in 2021. Leis an rátáil chreidmheasa dhaingean sin cuirtear ar chumas Líonraí Gáis Éireann fáil a bheith acu ar réimse leathan foinsí maoinithe agus déantar a chinntiú gur féidir maoiniú ar chostas iomaíoch a fháil.

Táimid ag déanamh dlúthfhaireachán ar an dóigh a bhfuil cúrsaí ag forbairt sa choimhlint san Úcráin agus ag déanamh measúnaithe ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann dár n-oibríochtaí mar a thagann an staid chun cinn go leanúnach.

**Príomh-Bhuaicphointí 2021**

**Ioncam**

**€476m**

**TRÚCDA**

**€238m**

**Brabús roimh cháin ioncaim**

**€82m**

**Caiteachas caipitiúil**

**€147m**

**Díbhinní íoctha**

**€38m**

**Glanfhiachas**


**€948m**

## Príomhthreochtaí Airgeadais


### Ioncam
€m





### Caiteachas caipitiúil *
€m





### TRÚCDA
€m





### Glansócmhainní
€m




### Díbhinní
€m




### Glanfhiachas
€m




*Rinneadh caiteachas caipitiúil 2020 a choigeartú chun caiteachas néalríomhaireachta 2020 a eisiamh (féach nóta 1 na Ráitis Airgeadais)

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean.)

## Ráiteas Ioncaim Achomair

| | 2021 €m | 2020 €m |
|---|---|---|
| Ioncam | **476** | 447 |
| Costais oibriúcháin | **(238)** | (189) |
| **TRÚCDA** | **238** | 258 |
| | | |
| Dímheas agus amúchadh | **(141)** | (135) |
| Costais airgeadais | **(16)** | (19) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | **82** | 104 |
| | | |
| **Díbhinn a íocadh leis an Státchiste** | **38** | 71 |

### Ioncam

Ba é €476m an t-ioncam sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, ar méadú €29m é sin ar 2020. Bhí an méadú seo go príomha mar gheall ar mhéaduithe ioncaim rialaithe ó chónasc d'éileamh níos airde ar acmhainneacht agus taraifí iompair níos airde.

### Costais Oibriúcháin

Tháinig méadú de €49m ar chostais oibriúcháin, i gcomparáid le 2020 go dtí €238m. Costais níos airde tráchtearra gáis chun na stáisiúin chomhbhrúiteora a fheidhmiú is mó is cúis leis sin chomh maith le brúnna costais bhoilscitheacha i gcoitinne cúitithe ag soláthar éifeachtúlachtaí costais oibriúcháin breise. Bhí praghsanna gáis mórdhíola thar a bheith luaineach in 2021, ag baint a mbuaicphointe amach ag deireadh mhí na Nollag de 450p/therm.

### Dímheas

Tá dímheas agus amúchadh €141m agus sin €5m níos airde ná an bhliain roimhe, go príomha mar gheall ar ár infheistíocht chaipitiúil leanúnach.

### Brabús roimh Cháin Ioncaim

Tháinig laghdú €22m ar bhrabús roimh cháin, go €82m in 2021, mar gheall ar:

- TRÚCDA níos ísle, €20m,
- muirir dhímheasa níos airde de €5m, cúitithe go páirteach trí
- Costais níos ísle airgeadais, €3m, mar gheall den chuid is mó ar chostais níos lú airgeadais agus an laghdú ar fhiachas le linn 2021.

## Clár Comhardaithe Achomair

| | 2021 €m | 2020 €m |
|---|---|---|
| Sócmhainní bonneagair | **2,499** | 2,496 |
| Sócmhainní eile | **233** | 231 |
| **Sócmhainní iomlána** | **2,732** | 2,728 |
| | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **(1,035)** | (1,151) |
| Dliteanas pinsin (IAS 19) | **(109)** | (183) |
| Dliteanais eile | **(521)** | (431) |
| **Dliteanais iomlána** | **(1,666)** | (1,764) |
| | | |
| **Glansócmhainní** | **1,067** | 963 |
| | | |
| **Glanfhiachas** | **(948)** | (1,024) |

## Díbhinní

Íocadh díbhinn bhliantúil de €38m in 2021. Tá an díbhinn bhliantúil bunaithe ar 45% ó bhrabús na bliana roimhe sin sula gcuirtear míreanna eisceachtúla áirithe san áireamh. Bhí díbhinn speisialta €24m mar pháirt den díbhinn €71m a íocadh in 2020 i leith díol gnó Fuinnimh Bord Gáis.


## Sócmhainní Bonneagair agus Caiteachas Caipitiúil

Lean Ervia d'infheistíochtaí caipitiúla sceidealaithe a dhéanamh, agus infheistíodh €147m ar an iomlán idir bhonneagar gáis agus bhonneagar teileachumarsáide.

Bhí tionscadail thábhachtacha straitéiseacha mar chuid den infheistíocht seo, amhail an tionscadal Seachbhealach Bhaile Locha, méadú ar líon na nasc agus athchóirithe líonra, agus infheistíocht i líonra snáithín náisiúnta de chuid Aurora Telecom.

### Caiteachas caipitiúil

%



Athbhreithniú Airgeadais (ar lean.)



## Glanfhiachas agus Sreafaí Airgid

- B'ionann glanfhiachas ar an 31 Nollaig 2021 agus €948, i gcomparáid le €1,024m sa bhliain roimhe sin.
- Baineadh úsáid as sreafaí airgid oibriúcháin de €285m go príomha chun infheistíochtaí criticiúla caiteachais chaipitiúil a dhéanamh i mbonneagar gáis, iasachtaí a athíoc agus chun an íocaíocht díbhinne don státchiste a mhaoiniú.
- B'ionann an caiteachas caipitiúil i dtéarmaí eisíocaíochtaí airgid thirim agus €134m.
- Glanlaghdú ar iasachtaí agus fiachais eile de €112m.
- Rinne Ervia íocaíocht díbhinne bliantúla €38m don Státchiste.

## Glaneasnamh Pinsin

Tá easnamh cuntasaíochta pinsin (IAS 19) de €109m ag Ervia amhail ar an 31 Nollaig 2021, laghdú de €74m i gcomparáid le 2020. I gcomhréir le ceanglais IAS 19, úsáidtear torthaí bannaí corparáideacha mar bhonn chun ráta lascaine cuí a dheimhniú chun an luach reatha de dhliteanais fhadtéarmacha scéime pinsin a ríomh, is cuma cén nádúr atá ag sócmhainní na scéime nó a gcuid torthaí ionchais. Feidhmíocht láidir sócmhainní is mó is cúis leis an laghdú ar an easnamh i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tá méadú 0.55% i ndiaidh teacht ar an ráta lascaine a úsáidtear chun dliteanais phinsin a luacháil le linn na bliana, rud a cúitíodh ag méadú 0.55% sa ráta boilscithe a cuireadh i bhfeidhm.


## Acmhainní Caipitiúla agus Rialachas Státchiste

### Acmhainní Caipitiúla

B'ionann iomlán na n-iasachtaí agus fiachas eile a bhí ag Ervia ar an 31 Nollaig 2021 agus €1,035m (2020: €1,151m). Bhí saoráidí neamhtharraingthe de €462m agus €87m in airgead tirim nó coibhéisí airgid ann ar an 31 Nollaig 2021.

Bhí 90% d'fhiachas Líonraí Gáis Éireann (gan dliteanais léasa a áireamh) socraithe ag rátaí seasta ar an 31 Nollaig 2021 (2020: 91%). Ba é an ráta úis ualaithe ar phunann Líonraí Gais Éireann le haghaidh iasachtaí amuigh ná 0.98% (2020%: 1.3%) agus ba é meánaibíocht a chuid fiachais ná 6.05 bliain (2020: 6.4 bliain). In 2021, choimeád Líonraí Gáis Éireann rátáil fhadtéarmach chreidmheasa A le Standard & Poor's agus d'éirigh leis a rátáil fhadtéarmach chreidmheasa a fheabhsú go A2 ó A3 le Moody's Investor Services.

## Mar a úsáideadh airgead tirim le linn 2021



In 2021 thosaigh Líonraí Gáis Éireann an próiseas chun a Saoráid Chreidmheasa Imrothlaigh (RCF), príomhshaoráid leachtachta an Ghrúpa a athmhaoiniú. Críochnaíodh an próiseas seo mí Eanáir 2022 nuair a chuaigh Líonraí Gáis Éireann isteach RCF nua €300 milliún le sindeacáit de bhainc idirnáisiúnta agus intíre. Tá dáta aibíochta tosaigh d'Eanáir 2027 ag an tsaoráid nua cúig bliana agus úsáidfear í le haghaidh críoch corparáideach ginearálta.

## Rialachas Ciste

In 2021 d'oibrigh Ervia feidhm ciste lárnaithe. Is é Bord Ervia atá freagrach as gníomhaíocht chiste agus a feidhmíocht, agus comhlíonann sé a chuid freagrachta trí athbhreithniú rialta.

Déanann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Ervia maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann Bhord Ervia. Chomhlíon Ervia ceanglais agus coinníollacha an Aire Airgeadais faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992. Ní oibrítear feidhm chistíochta Ervia mar ionad brabúis agus déantar bainistíocht ar sheasaimh chistíochta ar bhealach drogallach roimh rioscaí. Tá cúis bhailí bhunúsach ghnó taobh thiar de gach idirbheart ciste agus tá diantoirmeasc ar sheasaimh amhantracha. Tá tuilleadh sonraí faoi bheartais Ervia maidir le bainistíocht riosca airgeadais an rialachais chistíochta, leagtha amach sna Ráitis Airgeadais, nóta 23.


## Ionchas Airgeadais

Tá Ervia réidh, trí Líonraí Gáis Éireann, le ról lárnach a ghlacadh sa chlár don téarnamh geilleagrach náisiúnta. Tá clár uaillmhianach ann don infheistíocht chaipitiúil faoi choinne 2022. Táthar ag dúil go gcríochnóidh an t-Athbhreithniú Rialaithe Praghsanna don chéad thréimhse rialaithe praghsanna eile in 2022, le sprioc chun staid airgeadais láidir agus an cumas infheistíocht amach romhainn a mhaoiniú, lena n-áirítear tionscnaimh gníomhaithe ar son na haeráide a chur i gcrích a chothabháil.

táimid ag déanamh dlúthfhaireachán ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann dár n-oibríochtaí mar a leanann an choimhlint san Úcráin ar aghaidh, luaineacht suntasach ar phraghsanna gáis mórdhíola san áireamh.

## Próifíl Aibíocht Fiachais

Ar an 31 Nollaig 2021€m



# Athbhreithniú Oibriúcháin





**Denis O'Sullivan**
*Príomhoifigeach Oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann*

D'imir gás nádúrtha ról ríthábhachtach i soláthar fuinnimh sábháilte agus slán d'Éirinn in 2021. Mar shócmhainn ríthábhachtach náisiúnta, d'iompraigh an líonra gáis 34% de riachtanais fuinnimh príomha na hÉireann .

In 2021, bhíomar fós ag dul i ngleic le dúshláin shuntasacha a bhaineann le COVID-19 agus ár n-oibríochtaí á mbainistiú againn i mbealach a bhí ag teacht le treoirlínte sláinte poiblí. Ar feadh na bliana rinneamar an cur chuige atá againn a oiriúnú dá réir, le filleadh céimnithe pháirtigh do bhaill foirne a bhíonn lonnaithe san oifig i mí Mheán Fómhair agus na baill foirne sin ag dul ar ais ag obair ó bhaile i mí na Samhna i ngeall ar an athraitheach Omicron. Chuireamar bearta i bhfeidhm freisin dár bhfoirne túslíne agus páirtnéirí conraithe, timpeallacht oibre sábháilte á cinntiú agus seirbhís d'ardchaighdeán á soláthar. Rinne freagairt chuimsitheach cinnte de go raibh leanúnachas seirbhíse ann ar feadh na bliana, léiriú ar na pleananna leanúnachais ghnó stóinsithe dár gcuid chomh maith le tiomantas agus obair chrua ár bhfoirne agus soláthraithe seirbhíse.

In ainneoin na ndúshlán COVID-19 agus margadh mórdhíola gáis luaineach, leanamar leis an líonra a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt go sábháilte, go tíosach agus go héifeachtúil. Sholáthraíomar €147 milliún d'infheistíocht bhonneagair chriticiúil agus bhaineamar athdheimhniúchán amach dár gcúig chaighdeán ISO. Chríochnaíomar tionscadail shlándáil an tsoláthair ríthábhachtaigh amhail an tionscadal Seachbhealach Bhaile Locha agus tionscadal athchumraíochta ar Stáisiún Comhbhrúiteora Beattock, chomh maith le clár cuimsitheach oibreacha allamuigh.

In 2021 d'éirigh linn Conradh Seirbhíse agus Oibreacha Líonraí (NSWC) nua a chur i gcrích le haistriú leanúnach 300 ball foirne agus gníomhaíochtaí chuig an soláthraí seirbhíse nua i mí Lúnasa.

In 2021 d'éirigh linn Conradh Seirbhíse agus Oibreacha Líonraí (NSWC) nua a chur i gcrích le haistriú leanúnach 300 ball foirne agus gníomhaíochtaí chuig an soláthraí seirbhíse nua i mí Lúnasa.

Rinneamar ár n-aighneachtaí cúig bliana maidir le Rialú Praghsanna a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialtóir Fóntais Thuaisceart Éireann (UR) agus An Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) in 2021. Léirítear ar ngníomhaíochtaí, riachtanais chaiteachais agus ioncaim thar na cúig bliana amach romhainn go mion sna haighneachtaí sin agus tá siad ríthábhachtach ó thaobh ár bplean gnó a chur i gcrích.

In 2021, osclaíodh dhá stáisiún CNG poiblí breise ag Bóthar Bhéal Átha Síomoin, Contae Luimnigh agus Cluain Seach i mBaile Átha Cliath. Mar pháirt dár ngealltanas chun todhchaí fuinnimh níos glaine a sholáthar d'Éirinn, tá Líonraí Gáis Éireann ag forbairt Láraonad Nuála maidir le Hidrigin chun gur féidir cumaisc hidrigine a thástáil ar ár líonra. Chríochnaíomar Straitéis Sábháilte Hidrigine in 2021 ag aithint ceisteanna sláinte agus sábháilteachta agus na gníomhaíochtaí is gá chun Hidrigin a thabhairt isteach ar an líonra gáis nádúrtha.

I ngeall cuid mhaith ar ár dtiomantas leanúnach don inbhuanaitheacht, bhaineamar rátáil B amach i gclár nochtadh carbóin (CDP), suas ó B- in 2020. Ina theannta sin, bhaineamar Gradam Tacaíochta Comhphobail Sármhaith ag Gradaim Sármhaitheasa CCA agus dhá Ghradam Ghlasa le haghaidh Gnólacht Glas na bliana agus Móreagraíocht Ghlas na bliana 2021.

Chuireamar tús le Comhaontú Iompair 15 bliana nua (TA) le Premier Transmission Limited (PTL) chun gás nádúrtha in Albain a iompar chuig líonra gáis Thuaisceart Éireann.

Tríd ár ngnó teileachumarsáide, tá 70km de líonra snáithín nua coimisiúnaithe againn, ag tacú le nasc sonraí ardluais le cábla snáithín fomhuirí idir Éire, Oileán Mhanainn agus mórthír RA..

Mar shócmhainn ríthábhachtach náisiúnta, d'iompraigh an líonra gáis 34% de riachtanais fuinnimh príomha na hÉireann. Cuireann gás go mór le soláthairtí leictreachais, ag giniúint 46% de leictreachas na hÉireann. I ngeall ar athraitheacht cineálacha breosla sa mheascán giniúna leictreachais, go háirithe an ghaoth agus an ghrianchumhacht, bhain giniúint leictreachais gáis buaicphointe 84% éilimh amach le linn 2021, ag athdhearbhú an tábhacht a bhaineann le soláthair gáis solúbtha iontaofa.

Athbhreithniú Oibriúcháin (ar lean.)

# Forbhreathnú



Is le Líonraí Gáis Éireann an líonra gáis nádúrtha in Éirinn agus déanann Líonraí Gáis Éireann an líonra a fheidhmiú agus a chothabháil. Tá ár líonra gáis ar cheann de na líonraí is nua-aimseartha agus is sábháilte ar domhan. Tá píblínte gáis 14,664km ar fad ann, dhá idirnascaire fhomhuirí san áireamh.

Is croílár ár gcuid oibre é gás nádúrtha a iompar ar bhealach sábháilte iontaofa agus seirbhís atá ar fheabhas agus cost-éifeachtúil i gcónaí a chur ar fáil, chun go mbainfidh ár gcustaiméirí go léir leas as.

Faoi láthair, baineann breis agus 711,000 teach agus gnó úsáid as soláthar gáis nádúrtha atá sábháilte, éifeachtúil agus slán gach aon lá. Mar fhoinse fuinnimh, tá tábhacht straitéiseach ag an ngás nádúrtha d'Éirinn, agus éascaíonn sé jabchruthúchán agus fás geilleagrach. Tá ról ríthábhachtach ag an líonra gáis i ngeilleagar na hÉireann inniu. Sócmhainn ríthábhachtach náisiúnta atá sa líonra gáis. Soláthraíonn sé 34% de phríomhriachtanais fuinnimh na tíre. Ar an meán, gintear 46% de leictreachas na hÉireann gach bliain trí úsáid a bhaint as gás nádúrtha.

Tá an gás nádúrtha ar an bpáirtí is fearr a bheadh ag an bhfuinneamh in-athnuaite, an ghaoth agus an ghrianchumhacht cuir i gcás. Cionn is go bhfuil acmhainn mhór stórála fuinnimh agus solúbthacht ag baint leis an líonra, fágtar gur féidir cur leis an líonra chun freastal ar an éileamh ard ar theas le linn tréimhsí atá thar a bheith fuar, nó féadfaidh sé breosla breise a sholáthar chun cumhacht a ghiniúint nuair nach séideann an ghaoth. Tá fás ag teacht i rith an ama ar an nginiúint eatramhach leictreachais in-athnuaite. Mar sin, gné atá ag éirí níos tábhachtaí don ghreille leictreachais ná cumas na líonraí gáis freagairt do phróifílí atá ag athrú.

Tá Líonraí Gáis Éireann i ndiaidh díriú ar chinnteacht soláthair agus oibríochtaí sábháilte agus, mar sin, líonra sábháilte, éifeachtúil, iontaofa gáis a sholáthar go leanúnach. San am céanna, táthar i ndiaidh deiseanna a lorg chun an leas is mó a bhaint as an líonra mar chuid d'aistriú na hÉireann go geilleagar a bheidh neodracht ó thaobh carbóin de.

## Timpeallacht Oibriúcháin

### Éileamh agus Soláthar

In 2021, ba é 74.3TWh toirt iomlán an gháis a iompraíodh tríd an líonra gáis d'Éirinn, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann. Soláthraíodh é seo tríd an Idirnascaire Moffat agus Gáscheantar na Coiribe. Soláthraíodh toirteanna beaga gáis freisin tríd an bpointe insteallta bithmheatáin i gContae Chill Dara. Chuir tionchar leanúnach COVID-19, bristeacha marthanacha ag dhá gléasra ginte cumhachta gáis agus dálaí aimsire réasúnta séimh le laghdú 1.96TWh ar an éileamh ar ghás ó 2020 go dtí 2021. Le linn na bliana, sholáthair gáscheantar na Coiribe 28% de na riachtanais gháis ar fad i bPoblacht na hÉireann, agus d'fhreastail allmhairí ón RA ar 72% den éileamh.

### Rialáil

Déanann an Coimisiún um Rialáil Fóntas na sócmhainní ar fad ar líonraí Tarchurtha agus Dáileacháin na hÉireann a rialáil, lena n-áirítear na hidirnascairí fomhuirí agus na sócmhainní ar tír mhór in Albain. Rialaíonn an Rialtóir Fóntais na píblínte GNI(RA) i gcóras tarchurtha Thuaisceart Éireann. Tá ceadúnas idirnascaire RA freisin ag GNI agus GNI (RA) ó Ofgem i dtaca le hidirnascairí fomhuirí go hAlbain.



Le linn 2021, lean Líonraí Gáis Éireann de bheith páirteach go gníomhach i meithleacha éagsúlacha de chuid comhlachas gáis an AE san Eoraip lena n-áirítear Gréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Ghás (ENTSOG), Eurogas, Bonneagar Gáis na hEorpa (GIE) and Dáileoirí Gáis le haghaidh Inbhuanaitheachta (GD4S) ) iad uile dírithe ar tionchar a bheith acu ar an athbhreithniú reachtacha gáis agus ionchur a bheith acu i staidéir theicniúla agus rialála bainteacha.

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a pacáiste 'Fit for 55' i mí Iúil 2021, ina cuireadh i láthair 13 athbhreithniú agus tionscnamh bainteach le gníomhaíochtaí aeráide Chomhaontú Glas an AE.

I mí na Nollag 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a athbhreithniú reachtacha gáis a rabhthas ag súil go mór leis i.e. an Pacáiste um Dhícharbónú Hidrigine agus Gáis. Leagtar amach sa Phacáiste mar a beartaíodh pleananna uaillmhianacha chun gáis in-athnuaite a éascú sna líonraí gáis atá ann cheana ar fud na hEorpa agus creat a fhorbairt le haghaidh líonraí hidrigine. Rachaidh an Pacáiste faoi chomhairliúchán agus mionchoigeartú le linn 2022. I mí na Nollag, den chéad uair do Líonraí Gáis Éireann, bhain an chuideachta ionadaíocht amach ar Bhord Gréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Ghás (ENTSOG) le haghaidh tréimhse trí bliana, ag tosú mí Eanáir 2022.

### Taraifí

Rinneadh taraifí gáis don bhliain 2021/22 a ríomh bunaithe ar sraith iomlán na gcinntí a tháinig as Cód gréasáin an AE maidir le taraifí (AE) 2017/460.

Áiríodh leis sin an cinneadh costais gáis chraptha a aisghabháil taobh istigh den ioncam rialáilte. Tá na taraifí tarchurtha le haghaidh 21/22 timpeall 6% níos airde ná an bhliain roimhe. Na costais chraptha agus CO níos airde a spreag an t-ardú sin go príomha$_2$. Tá taraifí dáileacháin 21/22 thart ar 2% níos ísle ná an bhliain roimhe.

Críochnaíodh an comhairliúchán maidir le hAirteagal 28 den Chód Gréasáin Taraifí ar siúl faoi láthair. Athbhreithniú bliantúil atá ann chun comhairle a fháil maidir leis an leibhéal reatha iolraitheoirí agus fachtóirí séasúracha le haghaidh táirgí toillte nach táirgí bliantúla iad, agus a leibhéal lascaine ar tháirgí (e.g. Sreabhadh Fíorúil Cúil). agus cinneadh déanta gan na hiolraitheoirí a athrú ó na leibhéil reatha.

### Líonraí Gáis Éireann Rialú Praghsanna

Oibríonn Líonraí Gáis Éireann sócmhainní tarchurtha agus dáileacháin in Éirinn agus in Albain faoi chóras rialaithe praghsanna leis an rialtóir, An Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU). Leagtar amach córas rialaithe praghsanna nua ag an rialtóir gach cúig bliana agus leagtar amach leis an bpróiseas seo na hioncaim/caiteachais a cheadaítear don líonra gáis. Rachaidh an rialú praghsanna atá ann anois (PC4) ar an 30 in éag an 30 Meán Fómhair 2022 agus tiocfaidh rialú praghsanna nua (PC5) i ngníomh 01 Deireadh Fómhair 2022 ar feadh tréimhse cúig bliana.

> In 2021, ba é 74.3TWh toirt iomlán an gháis a iompraíodh tríd an líonra gáis d'Éirinn, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann.

Ag deireadh 2021, chríochnaigh Líonraí Gáis Éireann a aighneacht chuig an CRU le haghaidh PC5, ina leagtar amach na gníomhaíochtaí oibríochtúla pleanáilte agus clár caipitil dá chuid le linn na tréimhse PC5. Táthar ag súil go gcríochnóidh an CRU cinneadh le haghaidh PC5 i Q3 2022.

### Bainisteoir Éigeandála Gáis Náisiúnta – COVID-19

Ós rud é gur iad Líonraí Gáis Éireann an Bainisteoir Éigeandála Náisiúnta Gáis, bítear ag pleanáil de shíor don Phlean Éigeandála Náisiúnta Gáis i gcomhairle leis an tionscal gáis, tionscal leictreachais, Coimisiún um Rialáil Fóntais agus Rialtas. Ós sinne an t-oibreoir don líonra is mó gáis in Éirinn, tá nósanna imeachta láidre agus tástáilte ar bun againn chun cinnteacht an tsoláthair gáis dár gcustaiméirí a choinneáil ar bun agus lena chinntiú go ndéantar folláine ball foirne agus custaiméirí a chosaint.

Ó go luath in 2020, thosaigh Líonraí Gáis Éireann ag rianú agus ag ullmhú ar eagla go scaipfí an coróinvíreas nua, a tuairiscíodh ar dtús sa tSín, chun na hÉireann. Aithníodh cásanna a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar oibríochtaí agus foireann Líonraí Gáis Éireann. Fuarthas Trealamh Cosanta Pearsanta agus cuireadh oiliúint ar fáil.

Fearacht cuid mhór gnólachtaí in Éirinn, bhog an chuid is mó d'fhoireann Líonra Gáis Éireann go dtí an baile le haghaidh na hoibre agus cuireadh i bhfeidhm Plean na Paindéime agus Pleananna Leanúnachais Gnó. Aithníodh próisis agus seasaimh ríthábhachtach, agus cuireadh bearta i bhfeidhm chun príomhsheirbhísí a chothabháil amhail seomraí rialaithe agus seirbhísí práinnfhreagartha, agus san am céanna baill foirne agus custaiméirí a chosaint ar scaipeadh an víris.

Nuair a d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann an plean cúig leibhéal maidir le Maireachtáil le COVID-19 2020 i mí Dheireadh Fómhair, rinne Líonraí Gáis Éireann a leagan féin den phlean a fhorbairt chun soiléireacht a thabhairt do bhaill foirne, don tionscal gáis go forleathan agus do thomhaltóirí gáis, maidir leis na seirbhísí a leanfadh ar aghaidh, a bheadh srianta nó a chuirfí ar fionraí ag na leibhéil éagsúla sláinte poiblí.

Athbhreithniú Oibriúcháin (ar lean.)

# Forléargas (ar lean)





Go luath in 2021, chuir Líonraí Gáis Éireann srianta arís ar a lán dá chuid oibríochtaí i gcomhréir le srianta sláinte poiblí a cuireadh i bhfeidhm ag an am sin. Rinneadh measúnú riosca ar ghníomhaíochtaí agus leanadh ar aghaidh leis na gníomhaíochtaí nó cuireadh ar fionraí iad ag brath ar cé chomh criticiúil agus a bhí siad agus an riosca a bhí ann ó thaobh COVID-19 a scaipeadh i measc baill foirne, conraitheoirí agus an pobal i gcoitinne. Nuair a rinneadh srianta sláinte poiblí a mhaolú le linn na bliana, d'atosaigh Líonra Gáis Éireann gníomhaíochtaí a bhí srianta go hiomlán nó go páirteach roimhe ar bhonn riosca.

Bhíodh tromlach na foirne ag obair ó bhaile ó mhí an Mhárta 2020. Tá tacaíochtaí TF agus tacaíochtaí don obair sa bhaile curtha ar fáil ag Líonraí Gáis Éireann do na baill foirne sin agus tá iarrachtaí móra déanta chun tacú le sláinte agus folláine a bhall foirne ar fad i gcaitheamh na paindéime.

Thosaigh filleadh páirteach agus céimnithe ar ais chuig an oifig mí Mheán Fómhair 2021 i gcomhréir le maolú na srianta sláinte poiblí agus le sraith chuimsitheach srianta COVID-19 a bheith ann. Thosaigh baill foirne ag obair ó bhaile go lánaimseartha ó shin i ngeall ar athbhunú comhairle sláinte poiblí leis sin a dhéanamh.

In ainneoin thionchar suntasach phaindéim COVID-19 agus na srianta sláinte poiblí a bhaineann léi, ní hamháin ar ghnó agus sochaí na hÉireann, ach go domhanda, níor imríodh tionchar ar fheidhmíocht sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil Líonraí Gáis Éireann agus bhíothas in ann soláthairtí gáis agus seirbhísí lárnacha a chomhlíonadh i rith an ama.

**Sábháilteacht**

Na caighdeáin is airde sláinte agus sábháilteachta a thabhairt i gcrích

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta do na caighdeáin shábháilteachta is airde ar fad agus le linn 2021, leanamar orainn ag bainistiú ghnéithe uile na n-oibriúchán ar bhealach sábháilte agus freagrach ó thaobh na timpeallachta de. Cinntíonn ár gCórais um Bainistíocht Sábháilteachta, Caighdeáin, Fuinnimh agus Sócmhainní, atá deimhnithe go neamhspleách ag ISO 45001, ISO 14001, ISO 9001, ISO 50001 agus ISO 55001, go ndéantar ár ngníomhaíochtaí a bhainistiú de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr ar fad.

D'fhan an Ráta Minicíochta Teagmhas Ama Caillte Cónasctha le haghaidh baill foirne agus na soláthraithe seirbhíse is tábhachtaí ar 0.13, i ndiaidh do bheith chomh híseal le 0.04 i mí Iúil 2021 – an ráta is ísle ó thosaíomar a thomhas. Rinneamar corradh le 408 Comhrá Ceannasaíochta Sábháilteachta a thaifeadadh. Thugamar faoi 33 iniúchadh ar chóras bainistíochta inmheánaí. Rinneadh breis agus 721 cigireacht sábháilteachta, theicniúil agus ar an gcomhshaol.

In 2021 d'éirigh le Líonraí Gáis Éireann deimhniúchán ar na cúig chóras aonair ISO a choinneáil, iad deimhnithe le linn iniúchóireachta faireachais a rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

I mí Iúil 2021, ainmníodh Líonraí Gáis Éireann mar bhuaiteoir sa chatagóir 'Fóntais' ag na Dámhachtainí um Shármhaitheas Sláinte agus Sábháilteachta 2021. In 2021 críochnaíodh an straitéis sábháilte hidrigine a tosaíodh in 2020. Aithnítear sa straitéis na gníomhaíochtaí is gá chun hidrigin a thabhairt isteach sa líonra gáis nádúrtha go sábháilte.

Le linn 2021, chuir Líonraí Gáis Éireann uimhreacha 1800 nó 0818 in ionad a chuid uimhreacha gutháin phoiblí 1850 ar fad. Tharla seo i ndiaidh cinneadh a rinne rialtóir teileachumarsáide ComReg deireadh a chur le hUimhreacha Neamhgheografacha áirithe (NGNs) ag deireadh 2021 mar gheall ar mhearbhall custaiméirí a measadh a bhí ann agus costais arda uimhreacha neamhgheografacha a úsáid. Tháinig na huimhreacha ionaid uile i bhfeidhm le linn 2021 agus tá athrú ag teacht nó tagtha cheana ar na háiteanna ina gcuirtear ar taispeáint iad amhail suíomh gréasáin Líonraí Gáis Éireann, libhrithe veain, bróisiúir agus bileoga. Bhí Líonraí Gáis Éireann i dteagmháil go fóinteach le ComReg, an Coimisiún um Rialáil Fóntais, Líonraí ESB agus Uisce Éireann agus tá sé comhaontaithe acu le ComReg go bhfanfaidh uimhreacha 1850 éigeandála fóntais/ a bhaineann le sábháilteacht (lena n-áirítear an uimhir éigeandála gáis 24/7 de chuid Líonra Gáis Éireann) i bhfeidhm tar éis 31 Nollaig 2021 an dáta a chuirfear stad leis na huimhreacha neamhgheografacha eile. Tá na huimhreacha sábháilteachta/éigeandála seo ar taispeáint go forleathan ar shócmhainní agus níl sé furasta iad a athrú, mar sin beidh na "sean" uimhreacha 1850 in úsáid go dtí, ar a laghad, an 30 Samhain 2023, agus roimhe seo tabharfaidh faoi athbhreithniú fianaise-bhunaithe d'fhonn cinneadh a dhéanamh cé acu ar chóir stad a chur leo nó nár chóir.

Ar feadh na bliana, lean GNI ar aghaidh le feasacht phoiblí ar shábháilteacht a chur chun cinn trí réimse feachtas, lena n-áirítear an tSeirbhís Éigeandála Gáis, Diailigh i gCónaí sula dTosaíonn tú ag Tochailt, Baint do Mhéadair, Úsáid Suiteálaí Cláraithe Gáis agus feachtais Aonocsaíd Charbóin. Le linn 2021, seoladh feachtas nua, ina bhfuil carachtar canáraí ann a sheinneann bainseó "Tommy McAnairey" agus seo maidir le feasacht ar aonocsaíd charbóin, ag cur chun cinn tábhacht a bhaineann le tástálacha reatha aonocsaíd charbóin. Léiríonn an taighde feasachta tomhaltóirí is déanaí a rinneadh thar ceann Líonraí Gáis Éireann ag deireadh na bliana 2021 go bhfuil aláram aonocsaid charbóin ag 75% den daonra sa bhaile méadú ó 25% in 2014 sular seoladh an chéad fheachtas fógraíochta Tommy McAnairey maidir le haonocsaid charbóin. Forbraíodh agus seoladh feachtais nua fógraíochta in 2021 thar ceann an tSeirbhís Éigeandála Gáis agus Baint do Mhéadair .

I mí Iúil 2021, ainmníodh Líonraí Gáis Éireann mar bhuaiteoir sa chatagóir 'Fóntais' ag na Dámhachtainí um Shármhaitheas Sláinte agus Sábháilteachta 2021. "

**Seachadadh Gnó**

Na líonraí tarchurtha agus dáileacháin gáis atá cheana ann a fheidhmiú, a fhorbairt agus a chothabháil go heacnamaíoch agus go héifeachtúil

Príomhghné den straitéis atá againn ná an líonra a fheidhmiú, a chothabháil agus a fhorbairt ar bhealach éifeachtúil eacnamaíoch. In 2021, thugamar i gcrích breis agus 40,000 ord oibre le haghaidh cothabháil a pleanáladh ar na líonraí tarchurtha agus dáileacháin mar aon le clár caiteachais caipitil €147 milliún. Mar chuid de sin bhí clár leanúnacha le sábháilteacht agus iontaofacht an líonra a fheabhsú. Murab ionann agus 2020, ní raibh tionchar mór ar ghníomhaíochtaí tógála ag an bpaindéim COVID-19. Cé is moite den líon beag clár dáileacháin ar ghá leo rochtain ar bhailte custaiméirí – cuireadh na cláir seo ar fionraí ar feadh tréimhse ag tús 2021.

Cuireadh i gcrích 99% den chothabháil ar fad a bhí beartaithe agus níor sáraíodh aon riachtanais maidir le cáilíocht an gháis. Rinneamar an líonra a fheidhmiú go leanúnach 24*7 i gcaitheamh na bliana. Rinne an Rialú Eangaí sealanna neamhspleácha a fheidhmiú ó áiteanna faoi leith i stáisiún comhbhrúite Mhainistir na Corann agus Bóthar na nOibreacha Gáis mar bheart cosanta chun scaipeadh COVID-19 a chosc. Rinne an Rialú Eangaí sealanna neamhspleácha a fheidhmiú ó NSC agus an suíomh leanúnachais gnó nua i Scioból an Bhrúnaigh. D'fhreagraíomar ar 14,646 sceitheadh gáis a thuairiscigh an pobal agus comhlíonadh 100% bainte amach leis an critéir freagartha uair a chloig. Thugamar i gcrích an tionscadal Seachbhealach Bhaile Locha i mBaile Átha Cliath thuaidh rud a barrfheabhsaigh uaschumraíocht na líonraí agus a chuir deireadh le pointe aonair arbh fhéidir a bheith ina theip ar an gcóras tarchurtha.



Athbhreithniú Oibriúcháin (ar lean.)

# Forléargas (ar lean)



In Albain Thiar-Theas chuireamar mór-uasghrádú i gcrích ar ár Stáisiún Comhbhrúite in Beattock ag scoilteadh an stáisiún ina dhá leath d'fhonn solúbthacht níos fearr a fháil agus slándáil an tsoláthair a fheabhsú.

**Príomhthionscadail 2021:**

- Tionscadal tógála chun seach-chonair a chur isteach de Ghléasra os cionn talún Bhaile Locha i gcontae Bhaile Átha Cliath le cinnteacht an tsoláthair a fheabhsú i gcroílár an líonra a chríochnú.
- Tógáil chóir a bheith críochnaithe ar mhór-uasghrádú ar Stáisiún Comhbhrúite Beattock chun feidhmíocht comhshaoil an stáisiúin a fheabhsú, slándáil an tsoláthair a fheabhsú agus feabhsuithe sábháilteachta ceirde ag an suíomh a chur i gcrích.
- Rinneamar uasghráduithe ar choirí a thógáil agus a choimisiúnú i gceithre cinn de láithreáin ar a bhfuil Gléasraí os cionn talún ar fud an ghréasáin.
- Rinneamar uasghrádú ar chóras téimh a thógáil agus a choimisiúnú ag AGI Loch Sionnaigh, stáisiún radhairc talún.
- Monatóir Cáilíochta Gáis a thógáil agus a choimisiúnú ag AGI Mhoing an Iarainn.
- 6,219 custaiméir nua a nascadh leis an líonra dáileacháin.

**Custaiméirí**

Seirbhís thar barr do chustaiméirí a sholáthar

Chuireamar seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil do bhreis agus 711,000 custaiméir cónaithe agus tráchtála in 2021. D'éirigh linn:

- 40,918 coinne custaiméirí a dhéanamh agus ráta comhlíonta 99% a bhaint amach.
- 56,046 coinne custaiméirí a choinneáil agus ráta comhlíonta 99% a bhaint amach.
- 1.57 milliún méadar a léamh.
- 506,864 teagmháil ó chustaiméirí a láimhseáil inár Lárionad Teagmhála, idir isteach agus amach.

Bhaineamar ár spriocanna sásaimh custaiméara amach sna gníomhaíochtaí uile a scrúdaíodh agus tháinig laghdú 2% ar líon na ngearán a rinne ár gcustaiméirí i gcomparáid le 2020. Rinneamar roinnt athruithe maidir lenár bpróiseas nasc rud a fheabhsaigh go mór scóir Tionscnóirí Líonra agus sástacht don ghníomhaíocht seo.

In ainneoin na ndúshlán a bhí romhainn de dheasca COVID-19, leanamar ár gcustaiméirí orthu agus iad ag tabhairt scóir arda dúinn as an tseirbhís agus as cloí lenár luachanna branda: Sábháilteacht, Ionracas, Feidhmiú, Comhar agus Seirbhís do Chustaiméirí.

In 2021, rinneadh dhá shuirbhé (suirbhé amháin feidhmíochta agus suirbhé bainistíochta) chun feidhmíocht Líonra Gáis Éireann a mheas mar a mheasann Lastóirí agus Soláthraithe í a bheith agus chun réimsí le haghaidh feabhais a aithint. Léiríodh sna torthaí ón dá shuirbhé, idir Fheidhmíochta agus Bhainistíochta, go raibh sásamh ann maidir leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil. B'ionann an scór sástachta oibríochtaí agus a bhí in 2020 i.e.8.3 as 10, bhí torthaí suirbhé bainistíochta chomh láidir céanna ag 7.7 as 10. Luaigh freagróirí cabhracht, freagrúlacht agus



ardleibhéil sheirbhíse custaiméirí de chuid Líonra Gáis Éireann, agus iad ag míniú a gcuid freagraí. Léiriú air seo freisin ná gur aontaigh 90% na bhfreagróirí leis an ráiteas luacha branda go 'Soláthraíonn Líonraí Gáis Éireann seirbhísí iontacha do chustaiméirí', suas ó 82% in 2020. Ar bhonn uilechoiteann, bhí méadú ar an líon daoine a shíl go raibh Líonraí Gáis Éireann ag éirí go maith i dtaca lena chuid luachanna, go háirithe ó thaobh comhoibrithe de (89% in 2021, suas ó 81% in 2020) agus seirbhís do chustaiméirí (90% in 2021, suas ó 82% in 2020). Baineadh na scóranna dearfacha sin amach in ainneoin na héiginnteachta agus na deacrachta a tháinig as srianta COVID-19.

Déanann Líonraí Gáis Éireann éascaíocht ar an bpróiseas sin trína n-aistríonn custaiméirí gáis ó sholáthraí amháin go soláthraí eile. In 2021 , bhí 9 soláthraí iomaíochta gníomhach i margadh na hÉireann. Le linn na tréimhse ó Eanáir 2021 go Nollaig 2021, d'athraigh os cionn 122,000 custaiméir gáis ó sholáthraí amháin go ceann eile. Ó osclaíodh an margadh gáis i gcomhair iomaíochta i 2004, próiseáladh níos mó ná 1.38 milliún athrú soláthraí.

### Gníomhú ar son na hAeráide

An todhchaí a chosaint – ag obair i gcomhar a chéile chun córas inbhuanaithe fuinnimh a fhorbairt a éascaíonn agus a thacaíonn le sprioc na hÉireann a bheith neodracht ó thaobh carbóin de.

Tá an líonra gáis ríthábhachtach do mheascán fuinnimh na hÉireann agus riachtanach maidir le spriocanna gníomhaíochta aeráide a bhaint amach. Is í an fhís atá againn ná líonra gáis a bheidh neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2050, ach trí gháis inathnuaite a úsáid in ionad gás nádúrtha, amhail bithmheatán neodrach ó thaobh carbóin de a dhéantar as dramhaíl talmhaíochta agus bia agus hidrigin glas neodrach ó thaobh carbóin de. Cuirfidh dícharbónú an líonra gáis le forbairt leictreachais inathnuaite, agus le hastaíochtaí a laghdú ar fud earnálacha den gheilleagar ar fad lena n-áirítear iad siúd ar dheacair iad a dhícharbónú de ghnáth amhail tionsclaíocht, talmhaíocht agus iompar trom, chomh maith le slándáil agus éagsúlacht soláthair fuinnimh Éireann a fheabhsú.

Tháinig an tAontas Eorpach, trína Mheasúnú Tionchair ar an bPlean um Sprioc Aeráide 2021, ar an gconclúid go leanfaidh gás de bheith ag soláthar 20% d'fhuinneamh na hEorpa in 2050. De réir Chomhtháthú Córas Fuinnimh an AE ba cheart go mbeadh 20% den "80% seo ó fhoinse inathnuaite".

Táimid ag obair faoi láthair sprioc a bhaineann le Plean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais 2021 (CAP) de 1.6TWh/yr bithmheatáin ar an líonra gáis náisiúnta a bhaint amach faoi 2030, ag tabhairt faoi deara rún an Rialtais féachaint ar dheiseanna chun táirgeacht a mhéadú agus astaíochtaí a laghdú níos mó san earnáil agraibhia, rud a mheasaimid gur féidir é a dhéanamh.

In 2021, rinneamar an tuarascáil 'The Sustainability of Biomethane Production in Ireland' a choimisiúnú, a glacadh de láimh ag Devenish Nutrition agus KPMG Sustainable Futures. Tháinig sí ar an gconclúid gur féidir le bithmheatán a táirgeadh go talmhaíoch a sheachadadh ar bhealach inbhuanaithe agus ar scála d'fhonn cabhrú le astaíochtaí ar an bhfeirm agus córas fuinnimh Éireann a dhícharbónú. Fuarthas amach sa tuarascáil go bhfuil acmhainn leordhóthanach ó fheabhas ar éifeachtúlacht thar talamh a ghabhann le táirgeadh talmhaíochta cheana chun suas go 9.5TWh bithmheatáin a tháirgeadh.

Iarradh sa chomhairliúchán ar an Oibleagáid Teasa Inathnuaite a seoladh i mí Lúnasa 2021 go ndéanfar forbairt ar fhoinsí teasa inathnuaite agus ma chuirtear é seo i bhfeidhm cuirfidh sé fás i dtáirgeacht bithmheatáin chun cinn. Tá an tsamhail spriocanna agus tacaíochta margaíochta seo mar bhonn don fhás rathúil leictreachais inathnuaite in Éirinn agus don gás inathnuaite ar fud na hEorpa. Cé gur fíorbheag iad na toirteanna bithmheatáin ag dul isteach líonra gáis Éireann faoi láthair, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach ar na toirteanna i mbealach atá ag teacht leis an CAP agus an RHO beartaithe.

In 2021 osclaíodh dhá stáisiún 'líon go gasta' inrochtana don phobal le Gás Comhbhrúite Nádúrtha (CNG) ag réamhchúirteanna Circle K ag Cluain Seach i mBaile Átha Cliath agus Bóthar Bhéal Átha Síomoin, i gCathair Luimnigh rud a d'fhág go bhfuil ceithre stáisiún poiblí san iomlán sa tír. Tá na ceithre stáisiún CNG 'líon go gasta' inrochtana don phobal mar pháirt de líonra náisiúnta stáisiún CNG atá ag teacht chun cinn agus a bhfuil mar aidhm aige breosla glan a sholáthar don earnáil HGV. Suite go straitéiseach chun tacú le bealaí tarlóra tábhachtacha, tá sé ar chumas do na stáisiúin úrscothacha seo 50 Feithicil Earraí Troma (HGVanna) a líonadh in aghaidh an lae, agus nach mó ná cúig nóiméad do gach líonadh. Cuireann an stáisiún nua seo ar a gcumas do tharlóirí agus oibritheoirí flít sa réigiún tús a chur leis an aistear i dtreo iompar atá neodrach ó thaobh carbóin de agus a bhreosla a aistriú ó dhíosal go GNC anois agus, sa deireadh, aistriú go gás líonraithe in-athnuaite amach anseo.

Tá an chéad trucail dumpála alpaire CNG sa tír ar an mbóthar. Gineann an fheithicil laghduithe astaíochtaí $CO_2$ ón tobar go dtí an roth, suas go dtí 23%[1] agus ocsaíd nítriúil(NOx) suas go dtí 50%[2] i gcomparáid lena mhacasamhla díosail agus is eiseamláir láidir é ar an dóigh ar féidir Éire earnáil iompair a dhícharbónú nuair nach rogha inmharthana iad feithiclí leictreachais.

1 CENEX, 2019
2 Roinn Iompair RA, 2018

Athbhreithniú Oibriúcháin (ar lean.)

## Forléargas (ar lean)





Ba í Comhairle Chontae Chiarraí an chéad údarás áitiúil in Éirinn Feithicil Earraí Troma (HGV) gan carbón arna cumhachtú ag gás inathnuaite a thástáil. Le linn na tástála dhá seachtain, d'úsáid Comhairle Chontae Chiarraí an réiteach iompair ghlain seo salann don bhóthar a bhogadh ó Co. Thiobraid Arann.

Chun tacaíocht a thabhairt do tharlóirí an t-aistriú inbhuanaithe a dhéanamh, rinneamar scéim Deontais Feithicle CNG €2.9m CNG in 2021 chun tacú le ceannach suas go dtí 400 trucail, bus agus veain arna cumhachta ag gás chun earnáil iompair níos inbhuanaithe a spreagadh. Cumhdaítear leis an deontas 20% na difríochta idir feithiclí CNG agus feithiclí arna gcumhachtú ag díosal, uasteorainn ag €5,000, agus uasmhéid €60,000 ar fáil d'aon iarratasóir amháin.

Tar éis toirteanna beaga gáis inathnuaite a thabhairt isteach sa líonra gan uaim ó 2019, tugadh cead pleanála do Líonraí Gáis Éireann ag An Bord Pleanála i mí na Nollag 2020 le haghaidh forbartha beartaithe do shaoráid insteallta gáis in-athnuaite gar do Bhaile Mhistéala Co. Chorcaí. Chuaigh an tréimhse ama d'Athbhreithniú Bhreithiúnach in éag i mí Feabhra 2021 agus críochnaíodh an talamh tionscadail a ceannaíodh le linn 2021. Cuid de thionscadal gáis GRAZE is ea saoráid Bhaile Mhistéala agus bhí sé ar an ngearrliosta maidir le maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáid faoin gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Tá scéim curtha ar bun ag Líonraí Gáis Éireann deimhnithe leictreonacha a eisiúint chun an Gás In-Athnuaite a sholáthraítear do chóras gáis na hÉireann a rianú. Cuireadh ionchur don Dréacht-ionstraim reachtúil faoi bhráid na Roinne Cumarsáide Aeráide agus Comhshaoil in 2021.

Má chuirtear i bhfeidhm í, dhéanfaí Líonraí Gáis Éireann a cheapadh mar Fhoras Eisiúna le haghaidh Ráthaíochtaí Tionscnaimh le haghaidh an gháis in-athnuaite in Éirinn i gcomhréir le hAirteagal 19 den Treoir maidir le Fuinneamh In-Athnuaite II.

Glacaimid páirt fós i roinnt fóram agus tionscnamh taighde Éireannach agus Eorpach a dhéanann measúnú ar conas is féidir hidrigin a iompar trí úsáid a bhaint as na líonraí gáis atá ann cheana. Thógamar líonra neamhspleách dáileacháin inár saoráid i Scioból an Bhrúnaigh chun cur ar ár gcumas tástáil a dhéanamh ar cad é mar a éiríonn le meascáin de ghás nádúrtha agus hidrigin sa líonra agus le fearais iartheachtacha.

### Cás-Staidéar Hidrigine

Iniúchadh a dhéanamh ar mheascáin éagsúla hidrigine le húsáid ar an gcóras dáileacháin gáis agus do chustaiméirí gáis.

Is éard atá i hidrigin ná gás inadhainte gan carbón ar féidir é a tháirgeadh ó leictreachas in-athnuaite a oireann do stóráil, rud a fhágann gur rogha tarraingteach é do chórais fuinnimh a dhícharbónú agus tiomántán do thodhchaí fuinnimh níos glaine d'Éirinn.

Thosaigh tionscadal taighde hidrigine ag déanamh imscrúdú ar úsáid na meascáin hidrigine agus gás nádúrtha le húsáid i mbailte Éireannacha agus ar an líonra dáileacháin gáis i samhradh 2021. Agus foireann Seachadta Nuálaíochta Líonra Gáis Éireann i mbun, i dteannta leis an Dr Ali Ekhtiari agus an Dr Eoin Syron ón Institiúid Fuinnimh Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath (UCDEI) tá an fhoireann taighde ag déanamh tástáil ar oibríocht agus feidhmíocht fearas tí le leibhéil éagsúla de mheascáin hidrigine agus gás nádúrtha.



Agus úsáid á bhaint as na saoráidí tástála ag saotharlann fuinnimh comhtháite COBÁC agus saoráid hidrigine nuálaíochta nua de chuid Líonraí Gáis Éireann in iarthar Bhaile Átha Cliath araon, lena bhfuiltear in ann píblínte, méadair agus fearais amach ón líonra a thástáil go sábháilte; Tá an fhoireann taighdeoirí ag obair chun tuiscint a fháil ar lánacmhainneacht hidrigine agus a chinntiú go bhfuil píblínte gáis na hÉireann ábalta an gás ríthábhachtach saor ó charbón seo a iompar agus a stóráil go sábháilte.

Tá sé bunriachtanach líonra gáis Éireann a dhícharbónú má táimid chun aistriú go dtí córas fuinnimh glan-nialasach in Éirinn faoi 2050. Soláthróidh an tionscadal seo na sonraí a theastaíonn chun tuiscint a fháil ar conas a n-imreoidh hidrigin a chur isteach sa líonra gáis tionchar ar na feistí agus fearais chun trasdul rianúil a chinntiú gan mórán costais nó cur isteach do thomhaltóirí.

### Inbhuanaitheacht

Mar chaomhnóirí bhonneagar gáis nádúrtha na hÉireann, tá sé mar aidhm ag Líonraí Gáis Éireann seirbhísí a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe a chuireann le cosaint an chomhshaoil agus a thacaíonn le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta na bpobal ina n-oibrímid, chomh maith leis an ngeilleagar i gcoitinne.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir lenár dtiomantas i leith na hinbhuanaitheachta, féach leathanaigh 54-66.

### Ár bhFoireann

#### Cultúr a chruthú a mheallann agus a spreagann daoine agus a chuireann le cumas ár bhfoirne agus comhpháirtithe gnó

Le linn 2021, i Líonraí Gáis Éireann, díríodh isteach ar thacaíocht a thabhairt dár bhfostaithe, ar iad a fhorbairt agus ar a bhfolláine. Bhí go leor teagmhála ann le linn na bliana, cruinnithe faisnéise foirne, comhchainteanna agus seisiúin don chuideachta ar fad ina measc. .

In 2021, sheolamar le bród ár gclár meabhair-shláinte ‘Time to Talk’. Is éard atá sa Time to Talk ná clár Meabhairshláinte eagraíochtúil dár gcuid a bhfuil mar aidhm aige cur chuige struchtúrtha i leith tionscnamh maidir le meabhairshláinte inár n-ionad oibre sna blianta amach romhainn. Cuireann an plean seo ar na tionscnaimh atá againn cheana nó atá déanta againn roimhe seo. Aithnítear ann freisin tionscnaimh nua le dul i ngleic leis na réimsí sin ar féidir iad a fheabhsú. Mar chuid den chlár seo tá oiliúint feasachta déanta againn le bainisteoirí agus baill foirne chomh maith le hoiliúint a dhéanamh le Garchabhróirí Meabhairshláinte ar fud na heagraíochta. Is é an aidhm atá ann ná timpeallacht oibre dhearfach a chruthú, trínár ngníomhaíochtaí agus iompraíochtaí aonair agus comhchoiteann d'fhonn cabhrú leis an smál atá bainteach le meabhairshláinte san ionad oibre a dhíbirt. Tá sé mar sprioc againn go mbeidh tuiscint ag daoine ar thábhacht meabhairshláinte, am a ghlacadh chun díriú uirthi, agus chun labhairt agus éisteacht lena chéile fúithi. Ina theannta sin leanamar de bheith ag cur tionscnaimh sláinte agus folláine lena n-áirítear cothú, cláir aclaíochta agus seisiúin aireachais.

Chuireamar ár gcláir éagsúlachta agus ionchuimsithe ar fáil chomh maith, ibelong, agus lainseálamar Líonra na mBan, an Líonra Bogha Ceatha agus Líonra an Teaghlaigh chun tacú lenár gcomhghleacaithe.

Lena chois sin, táimid fós tiomanta dár gclár printíseachta agus táimid ag obair lenár bprintísigh faoi láthair go leanúnach ag cuidiú leo forbairt a dhéanamh. Déanaimid infheistíocht i gcónaí i bhforbairt na foirne.

Athbhreithniú Oibriúcháin (ar lean.)

# Forléargas (ar lean)



Cuireadh roinnt cláir forbartha i láthair i gcaitheamh 2021, lena n-áirítear féilire oiliúna blúiríní soláimhsithe, cláir forbartha ceannasaíochta agus clár buanna na mban.

Agus an phaindéim COVID-19 ag dul ar aghaidh, leagadh béim ar chomh riachtanach is atá na gnéithe lárnacha dár straitéis foirne, lena n-áirítear rannpháirtíocht fostaithe, ceannasaíocht, sláinte agus folláine chomh maith le cumarsáid go hoscailte lenár mbaill foirne ar fad.

**Oiliúint Theicniúil**

In 2021 leanamar ar aghaidh go rathúil le hoiliúint agus forbairt inniúlachta teicniúla pearsanra Líonra Gáis Éireann i gcomhthéacs dúshlánach phaindéim COVID-19. Tugadh an oiliúint duine le duine i ngrúpaí beaga, ar líne via Zoom agus Teams agus trí mhodúil ríomhfhoghlama. Cloíodh leis na rialuithe sábháilteachta fad a bhí an oiliúint ag dul ar aghaidh d'fhonn na hoiliúnóirí agus daoine faoi oiliúint araon a chosaint.

Cuireadh clár oiliúna teicniúla ar fáil in 2021 chun tacú le slógadh comhpháirtithe conraitheora do Chonarthaí Oibre na Seirbhísí Líonraí. Cuimsítear anois sna chonarthaí oibre nua seo creat feabhsaithe do bhainistíocht oiliúna, forbairt inniúlachta teicniúla agus do dhearbhú inniúlachta.

Tar éis naoi bprintíseacht a leithdháileadh chuig poist lánaimseartha laistigh den ghnó in 2020, tá seacht bprintíseacht eile ag dul trí chéimeanna a trí agus a ceathair dá bprintíseachtaí Pluiméireachta, Uathoibriú Meicniúil, Feistiú Cothabhála agus Ionstraimíocht Leictreachais.

Cuimsítear san oiliúint phraiticiúil a cuireadh ar fáil in Ionad Traenála Teicniúla Líonra Gáis Éireann nósanna imeachta bainistíochta sceite athbhreithnithe, oiliúint speisialtóra dáileacháin ar naisc diallaite géige agus oiliúint athchurtha teorantóra sreibhe. Tá tionchar dearfach maidir le sábháilteacht, éifeachtúlacht agus tionchar comhshaoil ag baint leis na cláir oiliúna a cuireadh ar fáil.

Ionad Oiliúna Teicniúil Líonraí Gáis Éireann creidiúnaithe ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TU Baile átha Cliath). Leanadh ar aghaidh le hoibreacha ar athchumrú agus uasghráduithe san ionad in 2021 chun forbairt agus soláthar cúrsaí nua a éascú le haghaidh creidiúnú Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath . Soláthraítear na cúrsaí oiliúna creidiúnaithe seo ag traenálaithe Líonraí Gáis Éireann a bhfuil taithí acu.

I measc na ngníomhaíochtaí eile in 2021 bhí forbairt cláir nua le haghaidh oiliúna ar fheidhmchláir córas TF chun tacú le húsáideoirí córas agus éifeachtúlacht ár bpróiseas gnó a fheabhsú. Tugadh tacú agus faireachán ar ár gclár dearbhaithe inniúlachta arb é atá ann measúnuithe inniúlachta ar Líonraí Gáis Éireann agus teicneoirí conraitheoirí go rathúil.

Tríd is tríd, cuireadh breis agus 1,200 lá oiliúna teicniúla 2021 ar fáil do bhaill foirne Líonraí Gáis Éireann, soláthraithe seirbhíse teicniúla agus comhpháirtithe conraitheora.



## Aurora



Oibritheoir atá neodrach ó thaobh iompróra de is ea Aurora, a dhíríonn go speisialta ar sheirbhísí snáthoptaice le haghaidh iompróirí teileachumarsáide, eagraíochtaí corparáideacha agus seirbhísí rialtais.

Lean Aurora lena lorg náisiúnta a leathnú in 2021, ag nascadh na bpríomhchathracha; na bpríomhionad uirbeach agus na n-ionad sonraí ar fud 15 chontae. D'éirigh leis an bhfoireann Aurora nasc défhothaithe de 70km a choimisiúnú chun cábla fomhuirí nua a nascann Éire chuig an Oileán Mhanainn, chuig mórthír RA a idirnascadh. Soláthraíonn an bonneagar criticiúil seo ceann de na líonraí is giorra agus is sláine idir an dá thír.

In 2022, tá Aurora chun tús a chur le hoibreacha chun naisc snáithín aisiompair phríomha agus thánaistigh d'ilchórais cábla fomhuirí idirnáisiúnta atá le teacht chuig iarthar agus deisceart na tíre.

Tá Aurora ag fás go fóill i margadh atá an-iomaíoch leis an líonra is nua-aimseartha, agus an aga folaigh is ísle sa tír, le chéile leis an leibhéal is airde d'infhaighteacht ghréasáin.

## GNI (RA) Ltd



Is fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid Líonraí Gáis Éireann í GNI (RA) Ltd, a ritheann agus ar leis í na píblínte ardbhrú a théann ó Moffat, in Albain, go hÉirinn agus go hOileán Mhanann, trí phíblínte fomhuirí a chuireann gás ar fáil do Phoblacht na hÉireann, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann.

Chomh maith leis sin, ritheann sí agus is léi dhá phíblíne i dTuaisceart Éireann, an píblíne Theas Thuaidh a théann ó Bhaile Mhic Gormáin, Contae na Mí, go Contae Aontroma agus an phíblíne Thuaidh Thiar a théann ó Charraig Fhearghais go cumhachtstáisiún Chúil Caorach.

Is iad an Coimisiún um Rialáil Fóntais i gcás líonra Phoblacht na hÉireann agus an Rialtóir Fóntais i dTuaisceart Éireann agus Ofgem, sa Ríocht Aontaithe, a rialaíonn GNI (RA) Ltd.

Rachaidh rialú praghsanna reatha GNI (RA) (GT17) le haghaidh a phíblínte i dTuaisceart Éireann in éag ar an 30 Meán Fómhair 2022. Le linn 2021, chuir GNI (RA) a riachtanais costais bheartaithe faoi bhráid an Rialtóir Fóntais don chéad thréimhse rialaithe praghsanna eile, GT22, a chlúdófar an tréimhse 01 Deireadh Fómhair 2022 go dtí 30 Meán Fómhair 2027 uileghabhálach. D'fhoilsigh an Rialtóir Fóntais dréachtchinneadh i dtaca le haighneacht GNI (RA) i mí na Nollag 2021 agus táthar ag súil go gcríochóidh sé a chinneadh le linn Q2 2022.

# Príomhthionscadail 2022



Pacáiste an AE maidir le Dícharbónú Margaí Gáis agus Hidrigine (i.e. Athbhreithniú Reachtacha Gáis ).

Díriú ar rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara uile, Athbhreithniú Slándála Fuinnimh & Athbhreithniú Stórála Fuinnimh DECC.

Ag tacú le rannpháirtíocht GNI i meitheal hidrigine idir-rannaigh an Rialtais.

Ionchorprú na dtorthaí um Rialú Praghsanna.

Leanúint ar aghaidh líonra náisiúnta stáisiúin CNG a leathadh amach.

Aurora le tosú oibreacha ar naisc snáithín aisiompair d'ilchórais cábla fomhuirí idirnáisiúnta .

Leanann sé le hinfheistíocht a dhéanamh i bhforbairt agus folláine ár mball foirne.

Oibreacha caipitiúla éagsúla a chur chun cinn, lena n-áirítear:

- Tús a chur le tógáil uasghráduithe slándála móire na Stáisiún Comhbhrúiteora in Albain.
- Uasghrádú acmhainne ar AGInna Collinstown agus Bhaile an Diosualaigh.
- uasghrádú ar chóras téimh ag AGI Bhaile Mhic Gormáin, stáisiún radhairc talún.
- Píblíne tarchurtha 1.7km a thógáil agus uasghrádú acmhainne ag AGI Nangar chun nasc nua chuig custaiméir Stáisiúin Cumhachta a éascú.



# Inbhuanaitheacht




In 2021, thugamar fós faoin inbhuanaitheacht a leabú inár straitéis agus ár gcuspóir.

Tá trí cholún ag ár straitéis inbhuanaitheachta, Comhshaol, Sóisialta agus Eacnamaíoch, agus iad i gcomhréir le Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe.

Tá inbhuanaitheacht ar cheann de na cúig cholún a bhaineann le straitéis gnó Líonraí Gáis Éireann agus táimid tiomanta ó thaobh a chinntiú go bhfuil na réimsí sin i gcroílár ár straitéise maidir le cinntí gnó.


## Geilleagrach







## Sóisialta







## Comhshaol







Bímid i gcónaí aireach ar ár bhfreagrachtaí inbhuanaitheachta agus tá sé mar aidhm againn cur le cosaint an chomhshaoil agus tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na bpobal ina bhfuil muid ag oibriú. Táimid bródúil as a bheith ar cheann de na 46 cuideachta amháin in Éirinn a bhfuil marc Gnó ag Oibriú go Freagrach (BWR) acu agus táimid tiomanta chun cinntiú go bhfuil inbhuanaitheacht chun tosaigh i ngach a bhfuil ar bun againn agus cabhair a thabhairt d'Éirinn a cuid astaíochtaí carbóin a laghdú.

Mar cheann de na cuideachtaí fóntais is mó, tá an inbhuanaitheacht mar dhlúthchuid dár ról fuinneamh inacmhainne agus glan a sholáthar san am atá le teacht do mhuintir na hÉireann. Leis sin a bhaint amach, caithfimid ár líonra a dhícharbónú agus astaíochtaí a laghdú sna hearnálacha ar fad i sochaí na hÉireann.

## Buaicphointí 2021

I mbliana, rinneamar na nithe seo a leanas:

- Ár dtuarascáil inbhuanaitheachta bliantúla "Sustainability in Action" a fhoilsiú ag tabhairt aird ar an dul chun cinn atá déanta againn maidir le prionsabail Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur i bhfeidhm. Bhain tuarascáil na bliana seo caighdeán tuairiscithe ar inbhuanaitheacht de chuid an Tionscnamh Tuairiscithe Domhanda amach den chéad uair.
- Den dara huair, ghlacamar páirt san Ardán Nochta Carbóin (CDP). Rinneamar ár rátáil a fheabhsú ó B- go dtí B rud a léiríonn an tiomantas atá againn chun ár bhfeidhmíocht carbóin a fheabhsú bliain in aghaidh bliana.
- Athdheimhnithe chuig ISO26000 Marc Gnó ag Oibriú go Freagrach as cleachtais gnó freagracha agus inbhuanaitheachta den cheathrú huair.
- athdheimhniú de réir na Chórais Bhainistíochta ISO ISO14001 Córas Bainistíochta Comhshaoil, ISO50001 Bainistíocht Fuinnimh, ISO45001 Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde, ISO9001 Córas Bainistíochta Cáilíochta agus ISO55001 Bainistíocht Sócmhainní.
- Sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí (33% faoi 2020) a shárú. Bhaineamar feabhsú éifeachtúlachta fuinnimh 52% amach.
- Bhaineamar an Gradam Tacaíochta Comhphobail Sármhaith ag Gradaim Sármhaitheasa CCA - ceann de chúig chatagóir nua a tugadh isteach i mbliana aitheantas a thabhairt d'iarracht agus freagairt ar Covid-19.
- Bhaineamar an chéad BIG Corporate Challenge de chuid Aoisghníomhaíocht Éireann as iarrachtaí tiomsaithe airgid a léirigh comhghleacaithe ar fud an ghnó.
- Bhaineamar Gnólacht Glas na Bliana 2021, agus don dara bliain i ndiaidh a chéile bhaineamar Móreagraíocht Ghlas na Bliana ag na Gradaim Ghlas 2021.

Éacht iontach do Líonraí Gáis Éireann é seo mar go bhfeictear ar na Gradaim Ghlas ag a lán daoine mar an t-imeacht comhshaoil is tábhachtaí do ghnólachtaí in Éirinn.

GREEN AWARDS 2021 WINNER Green Business of the Year | GREEN AWARDS 2021 WINNER Green Large Organisation of the Year | ISO Asset Management ISO 55000 | ISO 50001 ENERGY MANAGEMENT | ENVIRONMENTAL MANAGEMENT SYSTEM ISO 14001 | ISO 45001 Certified | Quality Management System ISO 9001 Certified



Inbhuanaitheacht (ar lean)

## Tionchar comhshaoil



Má dhéantar infheistíocht sna córais agus próisis bainistíochta sócmhainní is fearr, cuirfear le feidhmíocht bhreisithe sócmhainní líonra agus leis an éifeachtúlacht fuinnimh. In 2021, rinneadh Líonraí Gáis Éireann a dheimhniú arís go ISO14001 agus ISO5001, mar aon le córais ISO ISO45001, ISO55001 agus ISO9001.

Tá Líonraí Gáis Éireann i ndiaidh cur chuige atriallach a ghlacadh chun tionchar a ghníomhaíochtaí gnó ar an gcomhshaol a laghdú. Ar na buaicphointí suntasacha san aistear seo bhí na cinn seo a leanas: Córas Bainistíochta Comhshaoil a chur i bhfeidhm (arna dheimhniú chuig ISO14001) in 2012, an deimhniú don Chóras Bainistíochta Fuinnimh (ISO50001) a bhaint amach in 2014 agus a bheith ar cheann de na chéad chuideachtaí sa tír Caighdeán ISO55001 maidir le Córais Bainistíochta Sócmhainní a bhaint amach, in 2015.

Lean an chuideachta leis an Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Inbhuanaitheacht a fhoilsiú i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe in 2021, ina ndéantar achoimre ar an dul chun cinn atá déanta le prionsabail na forbartha inbhuanaithe a chur i bhfeidhm ar fud gach gné dár n-oibríochtaí. Bhain tuarascáil na bliana seo caighdeán tuairiscithe ar inbhuanaitheacht de chuid an Tionscnamh Tuairiscithe Domhanda amach den chéad uair.

Bhain Líonraí Gáis Éireann Gradam Ghnólacht Glas na Bliana chomh maith leis an Gradam Mhóreagraíocht Ghlas na Bliana ag na Gradaim Ghlasa 2021.

Ba é seo an dara huair a bhain Líonraí Gáis Éireann ag na Gradaim seo. Measann cuid mhór gurb é an t-imeacht comhshaoil is tábhachtaí é in Éirinn le haghaidh gnólachtaí. Measann cuid mhór gurb é an t-imeacht comhshaoil is tábhachtaí é in Éirinn le haghaidh gnólachtaí. Roghnaítear buaiteoir Ghradam Ghnólacht Glas na Bliana ag painéal breithiúna agus roghnaítear é ó bhuaiteoirí na gcatagóirí uile eile. Bronntar an duais Móreagraíocht Ghlas na Bliana ar an ngnólacht mór atá in ann a léiriú go bhfuil an dea-chleachtas is fearr ar bun ann ón mbun aníos i ngach gné de ghnólacht mór a reáchtáil. Rinne na moltóirí iniúchadh ar gach gné den ghnó lena n-áirítear bainistíocht dramhaíola, bithéagsúlacht, úsáid soláthraithe nó ábhar glas, éifeachtúlachtaí iompair, fuinnimh agus uisce, plé le bail foirne agus rannpháirtíocht an phobail.



Tá spriocanna forbartha againn i roinnt réimsí lenár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú, lena n-áirítear astaíochtaí aeir/carbóin, úsáid fuinnimh, giniúint dramhaíola agus úsáid éifeachtúil acmhainní. Is féidir iad sin ar fad a dheimhniú inár gCóras Bainistíochta Comhshaoil ISO14001 agus Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO50001, arna ndeimhniú. Rinneadh ár bhfardal Gás Ceaptha Teasa a dhearbhú go neamhspleách i gcomhréir le sonraíochtaí ISO14064-3:2019, agus treoir i taca le Ráitis Gás Ceaptha Teasa a bhailíochtú agus a dhearbhú.

Cuireann an grúpa oibre fuinnimh comhshaoil cur chuige comhtháite agus straitéiseach chun cinn i leith na bainistíochta comhshaoil agus fuinnimh ar fud an ghnólachta agus ar fud ár mboinn sócmhainní. Chun cuidiú lenár ndearthóirí, pleanálaithe agus comhghleacaithe oibríochtaí cur chuige caighdeánaithe a chur i bhfeidhm ar an mbainistíocht comhshaoil, baintear feidhm as uirlisí deartha inmheánach saincheaptha agus treoir maidir leis an gcomhshaol.

In 2021 leanamar de bheith ag díriú ar réimsí na bithéagsúlachta, bainistíocht astaíochtaí/carbóin GHG, dramhaíl, fuinneamh agus soláthar.

## An Bhithéagsúlacht

Tá an clár ilghnéitheach na Cuideachta a bhfuil duaiseanna buaite aige - an Clár um Fheabhsú Bithéagsúlachta - i láthair ó bhí 2017 ann agus ag dul ar aghaidh ó shin.

Tugann an Chuideachta tacaíocht, tríd an gClár um Fheabhsú Bithéagsúlachta don Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Ar an ábhar go bhfuil sócmhainní againn ar fud oileán na hÉireann, d'aithin an Chuideachta go raibh deis ann líonra gnáthóg a chruthú ar fud na tíre a bheadh oiriúnach do phailneoirí agus an t-eolas atá againn a roinnt le gnólachtaí eile.

I 2020, in éineacht le cuideachtaí móra ar fud an domhain d'iarr Líonraí Gáis Éireann beart uaillmhianacha agus comhchoiteann i leith an dúlra trí chlárú leis an nGlao Gnímh ag 'Business for Nature'. Tá tosaíocht tugtha ag an gCuideachta don dúlra trí ghealltanais bhithéagsúlachta agus é mar aidhm aici glantionchar dearfach a imirt ar an mbithéagsúlacht ar fud ár gcuid oibríochtaí faoi 2025.

In 2021 rinneamar Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlacht GNI a fhorbairt lena leagtar amach gníomh le glacadh ag an ngnó lena Ghealltanais Bhithéagsúlachta a bhaint amach. I measc na ngníomhaíochtaí a rinneadh in 2021 tá forbairt na dTreoirlínte Tírdhreacha GNI chun tacú le gnó i dtaca le bainistíocht agus cothabháil ár gcuid Saoráidí lena n-áirítear ár Stáisiúin Chomhbhrúiteora, Oifigí agus Suiteálacha Os Cionn Talún. Tá gealltanas sínithe ag an dá phríomhchonraitheoir againn a dhéanann obair ar ár son, mar Thacadóirí Gnó an Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí, lena bhfuil GNI mar Chomhpháirtithe Gnó.

In 2021 lean Líonraí Gáis Éireann lenár gcuid oibre mar bhall den Ardán Gnó agus Bithéagsúlacht Éireann.

Is é is aidhm don chlár eolas agus feasacht faoin mbithéagsúlacht a ardú i measc baill foirne agus páirtithe leasmhara. . I measc na dtionscnamh a bhain le feasacht faoin mBithéagsúlacht ar tugadh fúthu le linn na bliana bhí seimineáir ghréasáin ar Bhithéagsúlacht le baill foirne chomh maith le páistí na mball foirne. Rinneamar leabhrán faoin mbithéagsúlacht a urrú le haghaidh garraíodóirí a chuir an Irish Examiner ar fáil mar pháirt de sheachtain náisiúnta na Bithéagsúlachta.

## Athrú Aeráide agus CDP

Den dara bhliain as a chéile tugadh aitheantas do Líonraí Gáis Éireann as an ngníomhaíocht chomhordaithe a ghlac sé ar shaincheisteanna aeráide.

Ag feabhsú ar a chéad rátáil 'B-' anuraidh agus ag baint 'B' amach in 2021, sháraigh Líonraí Gáis Éireann na meáin domhanda agus Eorpacha, chomh maith le meán na hearnála ag baint amach an cheathairíle ar barr na 11,759 cuideachta a rinneadh measúnú orthu go domhanda ag an dTionscadal Nochta Carbóin (CDP). Bhí 73 cuideachta Éireannach san áireamh.

Tá meas ag baint leis an bpróiseas bliantúil CDP maidir le nochtadh aeráide agus scóráil mar an caighdeán is airde ó thaobh trédhearcacht um chomhshaol corparáideach de. Rangaíonn sé cuideachtaí ar scála ó A go dtí D-, bunaithe ar cé chomh cuimsitheach agus atá a gcuid nochta, leibhéal trédhearcachta, feasacht agus bainistíocht ar rioscaí agus deiseanna comhshaoil araon; chomh maith le dea-chleachtais a léiriú acu agus spriocanna uaillmhianacha agus fóinteacha a leagadh amach.

## Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa agus Feidhmíocht ó thaobh Carbóin de

Tá áit lárnach ag na prionsabail maidir leis an inbhuanaitheacht agus an dícharbónú sna cinntí straitéiseacha agus gnó a dhéanaimid. Shínigh Líonraí Gáis Éireann an Gealltanas Ísealcharbóin, Tionscnamh Gnó sa Phobal do ghnóthais na hÉireann chun am agus acmhainní a infheistiú in oibríocht níos inbhuanaithe a chruthú, trí héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus úsáid carbóin a laghdú. Díríonn an Gealltanas Ísealcharbóin ar fhoinsí astaíochta Scóip 1 agus Scóip 2 a thaifeadadh agus a laghdú ach tá Líonraí Gáis Éireann ag díriú ar fhoinsí astaíochta ina dhiaidh sin.

Rinneadh fardal Gás Ceaptha Teasa Líonraí Gáis Éireann a fhíorú go neamhspleách in 2021 i gcomhréir le sonraíochtaí ISO 14064-3:2019, Treorú chun Ráitis maidir le Gás Ceaptha Teasa a Bhailíochtú agus a Fhíorú.

Inbhuanaitheacht (ar lean)

# Tionchar comhshaoil (ar lean)





## Laghdú Dramhaíola

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta d'ár ndramhaíl go láithreáin líonta talún a laghdú. Déantar taifead agus tuairisciú ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta Míosúla. An sprioc atá ann san fhadtéarma ná nach gcuirfear aon dramhaíl chuig líonadh talún faoi 2025. Anuas air sin, déantar iniúchóireacht ar ár soláthraithe dramhaíola ar fad chun an cleachtas oibríochtúil a mheas agus lena chinntiú go gcloítear leis na caighdeáin atá ag Líonraí Gáis Éireann. Déanann an dá phríomhchonraitheoir, a dhéanann obair ar ár son, tuairisciú míosúil ar a bpríomhtháscairí feidhmíochta dramhaíola freisin agus tá siad ag iarraidh an sprioc chun nach gcuirfear aon dramhaíl chuig líonadh talún faoi 2025 a bhaint amach chom maith.

## Fuinneamh

Is rannpháirtí gníomhach muid i dtionscnamh Monatóireachta agus Tuairiscithe san Earnáil Phoiblí (MTEP) de chuid an Rialtais.

I measc na mbeart chun coigiltis fuinnimh a bhaint amach tá méadraithe agus feachtais éifeachtúlachta fuinnimh, feachtais atá ar siúl i ngach oifig, i dteannta le soilsiú nua a chur in áit an tsoilsithe neamhéifeachtúil agus réitigh téimh. Cuireadh feithiclí éifeachtúla a bhfuil faoi réir nósanna imeachta cigireachta feabhsaithe agus cláir chun feasacht fostaithe a mhéadú maidir le hídiú breosla in ionad flít feithiclí neamhéifeachtúil níos sine. Má dhéantar athchóiriú ar fhoirgnimh na cuideachta amach anseo, cuirfear an inbhuanaitheacht san áireamh agus beidh áit lárnach ag an éifeachtúlacht fuinnimh agus an mbainistíocht acmhainní in aon dearadh don uasghrádú.

Anuas air sin, déantar iniúchóireacht ar ár soláthraithe dramhaíola ar fad chun an cleachtas oibríochtúil a mheas agus lena chinntiú go gcloítear leis na caighdeáin atá ag Líonraí Gáis Éireann.

## Soláthar Inbhuanaithe

Tá cleachtais inbhuanaithe níos fearr á spreagadh againn inár slabhra soláthair ar fad. Tá ceanglais a bhaineann leis an gcomhshaol agus inbhuanaitheacht neadaithe sa phróiseas soláthair ag gach céim go dtí seachadadh an chonartha. Caithfidh conraitheoirí níos mó tuairiscí míosúla a chur ar fáil dúinn a léiríonn cad é mar atá ag éirí leo i gcomparáid le raon príomhtháscairí feidhmíochta maidir leis an mbainistíocht dramhaíola agus úsáid fuinnimh. Anuas air sin, déanann na conarthaí atá againn an dea-chleachtas i leith an chomhshaoil a spreagadh le linn sheachadadh an tionscadail.

## Tionchar sóisialta

Dírímid ár ngníomhaíochtaí inbhuanaitheachta sóisialta ar na pobail ar a bhfreastalaímid, ar ár n-áit oibre agus áit mhargaidh agus ar an timpeallacht a n-oibrímid go dícheallach ar a son.

In 2021 rinneadh Líonraí Gáis Éireann a athdheimhniú chuig caighdeán an Mharc Gnó ag Oibriú go Freagrach, i gcomhréir le ISO26000, ó Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI). Is é an Marc an t-aon chaighdeán Freagrachta Corparáidí agus Inbhuanaitheachta in Éirinn atá iniúchta go neamhspleách. Mar shealbhóir an Mhairc, is ball muid den Ghrúpa Ceannairí Inbhuanaitheachta agus is comhchathaoirleach muid de Ghrúpa an Gheilleagair Ísealcharbóin.

Fógraíodh Líonraí Gáis Éireann mar bhuaiteoir an Ghradam Tacaíochta Comhphobail Sármhaith as seirbhís custaiméara eisceachtúla agus tacaíocht don phobal ag Gradaim Sármhaitheasa CCA 2021.

Ainmníodh muid freisin do roinnt Gradam um Thionchar Gnó Inbhuanaithigh de chuid an Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann in 2021 lena n-áirítear Sármhaitheas sa Phobal, Sármhaitheas in Obair go Deonach, Comhpháirtnéireacht Charthanach is Fearr agus Sármhaitheas sa Chomhshaol.



### Na comhghleacaithe atá againn

Ag Ervia is é an mhian uileghabhálach atá againn ná go measfaidh na daoine a oibríonn inár gcuideachta gur áit iontach í seo le bheith ag obair inti, agus go mbaineann siad tairbhe agus saibhreas as teacht chun na hoibre gach lá. Mar eagraíocht, táimid tiomanta do chluas éisteachta a thabhairt dár bpobail ar bhealaí éagsúla. Áirítear leis sin suirbhéanna rannpháirtíochta trínár bhfóraim fostaithe agus clár cumarsáide ceannaireachta dhá bhealach. Trí leanúint de bheith ag éisteacht agus aghaidh a thabhairt ar réimsí atá tábhachtach dár ndaoine, táimid ábalta bearta an-dearfach a dhéanamh chun dul i bhfeidhm ar ár gcultúr, chun feabhas a chur ar an dóigh a ndéanaimid rudaí agus an dóigh a mbímid ag tacú lenár ndaoine. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht a chruthú ina gceapfaidh ár ndaoine go léir go bhfuil a ról sásúil, go pearsanta agus go gairmiúil.

Bliain dhúshlánach ba ea 2021 -19 agus muid ag dul i dtaithí ar an saol i gcuideachta COVID agus ag dul i ngleic leis an tionchar atá imeartha aige ar ár saol agus ar ár ngnólacht. D'éisteamar go dlúth lenár bhfostaithe, agus bhíomar ábalta mar sin cúrsaí a chur in oiriúint go héifeachtach chun dul i ngleic leis an bpaindéim, lena chinntiú go mbeimis in ann seirbhísí riachtanacha a sholáthar agus tacú lenár bhfostaithe agus á sábháilteacht a chinntiú agus iad ag obair ar an láthair, san oifig nó sa bhaile. Ar feadh 2021 rinneamar ár machnamh ar bhealaí oibre sa todhchaí, i ndiaidh na paindéime, agus chuireamar tús lenár dtionscadal Bealaí Oibre sa Todhchaí ar mhaithe leis an todhchaí.

Inbhuanaitheacht (ar lean)

## Tionchar sóisialta (ar lean)






**Rinneamar dul chun cinn ar dóigh i dteannta a chéile in 2021 agus chuireamar seirbhísí riachtanacha ar fáil i rith an ama**

Le dhá mhí dhéag anuas, chuir foirne ar fud na gnólachta pleananna áitiúla gnímh i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na réimsí rannpháirtíochta ba thábhachtaí agus ab ábhartha a bhí acu.

Táimid i ndiaidh cláir náisiúnta a chur ar fáil ar fud na heagraíochta ar nós scagthástáil sláinte; chuireamar ár gclár oibre maidir le héagsúlacht agus comhionannas ibelong chun cinn agus chuireamar gníomhaíochtaí folláine ar fáil lena n-áirítear cothú, cláir aclaíochta agus seisiúin aireachais. Bhaineamar feidhm as tacaíocht teicneolaíochta don chomhar, tacaíocht amhail Zoom, scairteanna comhdhála, teachtaireachtaí meandracha agus i bhfad níos mó eile.

Tá tús áite fós ag an gcumarsáid lenár bhfoireann le linn na paindéime – lena chinntiú go mbíonn faisnéis shoiléir, ábhartha, thráthúil ag na baill dár bhfoireann.

Bhí Duaiseanna na nDaoine againn freisin in 2021, an searmanas bliantúil duaiseanna aitheantais atá againn. . Bhí an t-imeacht seo ann go fíorúil, agus ghlac chóir a bheith 800 fostaí páirt ann. Bhí deis ag baill foirne daoine ar fud na heagraíochta a ainmniú le haghaidh ceann de na gradaim, gradam don 'laoch ciúin' agus gradam don 'saoránach thar cionn' ina measc.

In 2021 chríochnaíomar dhá chlár athraithe shuntasaigh; Project Horizon agus Project 23. Atheagrú gnó Líonraí Gáis Éireann a bhí sa Project Horizon agus muid ag cruthú struchtúr na heagraíochta lenár n-uaillmhianacha gnó sa todhchaí a thacú. Clár athraithe a bhí sa Project 23 chun scaradh Uisce Éireann ó Ervia agus Líonraí Gáis Éireann a éascú. Bhí an-tionchar ag na hathruithe seo ar dhaoine ar fud na heagraíochta agus bhí leibhéal de chomhairliúchán, comhoibriú agus cumarsáid shuntasach ar feadh na bliana.

**Suirbhéanna rannpháirtíochta**

I mí na Nollag, chuireamar ár suirbhé rannpháirtíochta bliantúla i gcrích agus le linn na bliana chuireamar suirbhé cuisle i gcrích. Leis na suirbhéanna sin, cuirtear ar ár gcumas na rudaí is tábhachtaí ag na fostaithe a thuiscint ionas gur féidir linn na tionscnaimh is fearr a chur ar fáil chun tacú leo. Cuidiú atá iontu fosta lena chinntiú go ndéantar dul chun sna réimsí rannpháirtíochta sna gnéithe is tábhachtaí atá ag foirne áitiúla.

### Comhshaol

In 2021 sheol Líonraí Gáis Éireann páirtnéireacht nua i gcomhar le Leave no Trace Ireland.

Den chéad uair san Eoraip, rinne Líonraí Gáis Éireann seoladh a thuarascáil inbhuanaitheachta 2020 a cheiliúradh trí pháirtnéireacht a chothú leis an ngrúpa comhshaoil, Leave No Trace Ireland, chun cuidiú le hathchóiriú Choill Ghleann Garaidh i gContae Thiobraid Árann mar pháirt den chlár idirnáisiúnta "Hot Spot".

Mar chuid dár ngealltanais chun tacú le inbhuanaitheacht chomhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch in 2021, d'oibrigh Líonraí Gáis Éireann le Leave no Trace, Coillte agus Grúpa Pobail na Cúirte Dóite le cuidiú leis an iar-choillearnach dhiméine na cáilíochtaí nádúrtha a cailleadh trí thionchar daoine ag caitheamh bruscair agus creimeadh conaire a fháil ar ais.

Tionscnamh ríthábhachtach atá sa chlár Príomhionaid de chuid Leave No Trace deartha chun dul i ngleic le ceantair a raibh tionchar ag gníomhaíochtaí lasmuigh agus tromúsáid orthu ionas gur féidir iad a athchóiriú agus go dtiocfaidh siad faoi bhláth arís.

Fuair Coill Ghleann Garaidh meascán traenála suíomhoiriúnaithe, comhairliú saineolach, cláir oideachais, tionscadail seirbhíse, cláir mhonatóireachta agus tuilleadh, rud a d'fhág go bhfuil limistéar allamuigh atá ag teacht chuige féin.

Rud atá tábhachtach ná go múineann an clár do dhaoine an dóigh le cinntí freagracha a dhéanamh nuair atá siad ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí allamuigh, tuiscint ar mhaoirseacht ar an dúlra agus tuiscint ar an dóigh le do lorg carbóin a laghdú.

Ghlac breis agus 50 oibrí deonach de chuid Líonraí Gáis Éireann páirt i sé 'Lá Tionchair a raibh speiceas ionrach a bhaint, rochtain áineasa a dhéanamh agus bruscar agus dramhaíl a thabhairt amach mar pháirt de.

Ghlac na foirne páirt freisin i "BioBlitz" Príomhionaid, ag déanamh na dearcthaí ar fad ar speicis a thaifeadadh agus iad a thiomsú i mbunachar sonraí amháin le forbairt an phlean ghníomhaíochta bhithéagsúlachta a chomhlánú.

> Gné bhunriachtanach dár gnóthaí a chur i gcrích go héifeachtach is ea caidreamh láidir a chruthú sna pobail ina bhfuilimid ag feidhmiú. ”

Chuir ionadaithe ó Leave no Trace agus Líonraí Gáis Éireann torthaí an tionscadail i láthair chuig roinnt scoileanna áitiúla i gceantar Choill Ghleann Garaidh.

Beidh an obair, arna maoiníodh ag Líonraí Gáis Éireann, mar cuid den bhonn do phlean bithéagsúlachta do thodhchaí na coille.

## Pobal

Gné bhunriachtanach dár gnóthaí a chur i gcrích go héifeachtach is ea caidreamh láidir a chruthú sna pobail ina bhfuilimid ag feidhmiú. Mar sin, caithfimid infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, ina gcuid riachtanas, sna rudaí a bhfuil suim acu iontu agus sa saol atá rompu. Inár gclár maidir leis an ionchuimsiú sóisialta, dírítear isteach ar réimsí lárnacha: oideachas, infhostaitheacht agus inrochtaineacht.



# Tionchar sóisialta (ar lean)





## Oideachas

Leanamar ar aghaidh in 2021 le Energize, ár gclár oideachais ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic), i mbunscoileanna ar fud na tíre i gcomhpháirtíocht le Junior Achievement Ireland. Rinneadh clár Energize a athsheoladh go fíorúil anuraidh le cur ar a gcumas d'oibrithe deonacha gnó an clár a sholáthar go cianda do scoileanna ar fud an náisiúin. Bhí 2021 ar an deichiú bliain dár gcomhpháirtíocht le Junior Achievement Ireland agus corradh le 400 ball foirne ó Líonraí Gáis Éireann ag obair ar bhonn deonach go dtí seo, iad ag obair le breis agus 30,000 dalta ar fud an náisiúin.

Thugamar tacaíocht do thionscnaimh eile ETIM, lena n-áirítear imeacht peannaideach ag taispeántas ETIM SW iWish, Seachtain na hEolaíochta agus Seachtain na n-Innealtóirí ina measc, agus thug fostaithe ó Líonraí Gáis Éireann 890 uair an chloig oibre ar bhonn deonach in 2021. Chonacthas foireann Líonraí Gáis Éireann in eagrán speisialta den iris Business Plus inar díríodh ar an bhFreagracht Shóisialta Chorparáideach. Tugadh eolas faoin tacaíocht atá á thabhairt don oideachas agus don ionchuimsiú sóisialta i rith ré COVID-19.

## iWish

Tionscnamh a bhfuil duaiseanna buaite aige is ea iWish a dhéanann daltaí scoile baineannacha a spreagadh agus a mhisniú gairmréimeanna san Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic a mheas.

Comhghuaillíocht aonair faoi stiúir oibrithe deonacha is ea iWish a bhfuil rialtas áitiúil, ardoideachas agus tionsclaíocht mar pháirt di agus sprioc coiteann acu rannpháirtíocht bhaineannach in ETIM a fheabhsú trí rannpháirtíocht ardtionchair dhírigh, spraoi agus rannpháirtíocht spreagúil. D'oibrigh Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann le chéile chun imeacht painéil dírithe ar inbhuanaitheacht a urrú.

## Am le Comhaireamh

Sheol Líonraí Gáis Éireann clár pobail nua in 2021 – Am le Comhaireamh. Tugann Gnó sa Phobal in Éirinn tacaíocht d'Am le Comhaireamh agus is deis iontach é do chomhghleacaithe tacaíocht uimhirtheachta a sholáthar trí mheán an spraoi, cluichí idirghníomhacha agus gníomhaíochtaí le páistí 8-9 mbliana d'aois ó bhunscoileanna áitiúla DEIS (ainmnithe mar 'faoi mhíbhuntáiste'). Cuireadh an clár nua seo in ionad ár gclár roimhe seo Am le Léamh ach rinneadh é lenár scoileanna páirtnéireachta fadtéarmacha Mother of Divine Grace i bhFionnghlas agus Scoil Aiséirí Christ i gCorcaigh.

## Seimineáir Ghréasáin

Mar pháirt d'iarrachtaí Líonraí Gáis Éireann dul in oiriúint do cláir phobail a sheachadadh go cianda, d'oibrigh foirne ar fud an ghnó le chéile le cuid sheimineáir ghréasáin a sheacadadh chun feasacht ar thopaicí inbhuanaitheachta a chur chun cinn.

**Tionscadal um Scréachóg Reilige Laoise agus Don Conroy**
Chuaigh Líonraí Gáis Éireann i gcomhar le chéile le healaíontóir, gníomhaí agus fear mór le rá teilifíse Don Conroy d'imeacht ar líne speisialta saor in aisce 'Draw with Don' i mí an Mhárta 2021 chun ceiliúradh a dhéanamh ar sheoladh a pháirtnéireacht i gcomhar leis an Tionscadal um Scréachóg Reilige Laoise.

Le feasacht ar Scréachóga Reilige a leathnú, a gcaomhnú a mhéadú agus ardú ar a líon go háitiúil a bhaint amach, mhaoinigh Líonraí Gáis Éireann 20 bosca neadaireachta allamuigh a rinneadh as ábhar chun go seasfaidh siad 20 bliain i dtimpeallacht allamuigh.

Chaith Don na blianta ag cumaisc a ghrá líníochta agus dúlra chun aird a dhíriú ar an tábhacht a bhaineann le caomhnú na scréachóg reilige agus roinn sé an díograis atá aige leo siúd a bhí ag freastal ar an imeacht a raibh comórtas líníochta mar pháirt de agus duais de bhunsaothar le Don é féin.

**Páirc Dhúlra Fhóite**
Chuaigh Líonraí Gáis Éireann i gcomhar le chéile le Páirc Dhúlra Fhóite chun imeacht ar líne saor in aisce 'Wild about Sustainability' a óstáil mí an Mheithimh 2021.

Thug Stiúrthóir na Páirce Dúlra daoine a bhí ag freastal ar an imeacht ar chúl an stáitse agus roinn sé a raibh ar bun ag Fóite chun tacú leis na hainmhithe agus an chomhshaol le tráthanna na gceist agus pasanna teaghlaigh le buachan.

> In 2021 thug Líonraí Gáis Éireann tacaíocht don chlár Saol na hOibre a chuireann oideachas chun cinn do daltaí scoile atá ag freastal ar mheánscoil.

D'fhoghlaim na daoine a bhí ag freastal faoi na bealaí is inbhuanaithí sioráif a bheathú agus conas a dhéanann siad easair buabhaill ó fuílleach bia sioráf, how they make bison's bedding from leftover giraffe feed, conas a úsáidtear teas geoiteirmeach sa teach trópaiceach agus an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin do reiptílí agus ainmhithe fuarfhuilteacha, ag aimsiú fiú cé chomh úsáideach agus atá bualtrach ainmhithe.



Inbhuanaitheacht (ar lean)

# Tionchar sóisialta (ar lean)





### The Grow Dome Project

Is fiontar sóisialta é The Grow Dome Project a bhfuil duaiseanna buaite ar a shon. Déantar cruinneacháin fáis a shuiteáil ar thalamh nach n-úsáidtear agus ar an mbealach sin déantar acmhainn don phobal di. Thugamar tacaíocht ar bhonn leanúnach don tionscadal sin arís i mbliana agus muid i gcomhpháirtíocht le Inner City Enterprise.

### Inrochtaineacht

Le linn 2021 chuireamar dlús lenár gcomhpháirtíocht le hAoisghníomhaíocht trí páirt a ghlacadh sa chéad BIG Corporate Challenge.

Clár sé mhí d'Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) atá sa BIG Corporate Challenge de chuid Aoisghníomhaíochta a spreagann foirne corparáideacha caidreamh idirghlúine a chur chun cinn chomh maith le cistí a chruinniú agus feasacht a ardú chun tacú le hobair Aoisghníomhaíochta. Trí ghealltanas a dhéanamh "a Bheith Idirghlúine," gheobhaidh rannpháirtithe tuiscint níos fearr ar na glúnta ar fad, rud atá tábhachtach d'fhonn dearcthaí i dtaca le haosú a athrú agus sochaí níos cuimsithí a mbeidh meas aici orainn ar fad agus muid ag aosú.

Bhailigh an fhoireann tiomsaithe airgid Líonraí Gáis Éireann beagnach €15,000 trí shraith imeachtaí tiomsaithe airgid téamúla neamhdhíobhálach don domhan dar teideal 'Strong Roots, Green Shoot's' ag buachan an comórtas BIG sa chéad bhliain.

Mar thionscnamh ar leith as féin, thug ár gcomhghleacaithe a gcuid ama ar bhonn deonach chun úsáid na teicneolaíochta fóin chliste agus físchomhrá a theagasc do dhaoine níos sine, chun cuidiú leo fanacht i dteagmháil lena muintir agus iad ag neadú.

Bhronnamar fáltais ó shuirbhéanna ar chustaiméirí fosta agus bhailigh ár gcomhghleacaithe airgead i rith na bliana.

### Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Tuigeann Líonraí Gáis Éireann an ról ríthábhachtach atá ag páirtithe leasmhara i ngnó na cuideachta agus is mór ag an gcuideachta an ról sin. Tá plean cuimsitheach ag an gCuideachta um plé le páirtithe leasmhara ina nglactar cur chuige iomlánaíoch, praiticiúil i dtreo plé le páirtithe leasmhara bunaithe ar an gCaighdeán um Plé le Páirtithe Leasmhara atá aitheanta go hidirnáisiúnta (AA1000SES).

Aithnítear an tábhacht a bhaineann le seisiúin a reáchtáil do pháirtithe leasmhara agus le tacaíocht a thabhairt don phobal i mbailte móra ina bhfuil an líonra gáis á leathadh. Oibríonn an Chuideachta le pobail chun a déanamh cinnte nach ndéanann tionscadail fhoirgníochta sa cheantar ach an oiread cur isteach agus is féidir agus tugtar tuairiscí rialta i nuachtáin áitiúla agus ar stáisiúin raidió áitiúla.

**an Dr Niamh Shaw – Seachtain na hEolaíochta**
Tá sé mar mhisean ag an Dr Niamh Shaw spás a bhaint amach agus is misean dá cuid é seo ó thosaigh sí ag brionglóideach faoi agus í ag fás aníos i nDún Dealgan. Is minic a bhíonn sí ar an teilifís agus le déanaí vótáladh gurbh í ar na cumarsáidithe eolaíochta ab fhearr in Éirinn, tá an Dr Shaw an-tugtha d'fhiosracht daoine a spreagadh.

Chuaigh Líonraí Gáis Éireann i gcomhar le chéile leis an Dr Shaw le himeacht ar líne saor in aisce 'My Place in Space' a óstáil chun ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na hEolaíochta i mí na Samhna. Roinn an Dr Shaw a taithí ar eitilt parabóileach domhantarraingthe nialasaí, ag glacadh páirt i misean insamhalta go Mars san fhásach in Utah agus ag feiceáil Alexander Gerst ag lainseáil isteach sa Spás ón Baikonur Cosmo drome i Kazakhstan.

## Infhostaitheacht

**Saol na hOibre**
In 2021 thug Líonraí Gáis Éireann tacaíocht don chlár Saol na hOibre a chuireann oideachas chun cinn do daltaí scoile atá ag freastal ar mheánscoil. D'oibríomar i gcomhar le Coláiste Nagle Corcaigh ar an gclár ó 2006, ag ceiliúradh ár 15ú bliain ag obair leis an scoil seo i mbliana. Ba í 2021 an 12ú bhliain a raibh Líonraí Gáis Éireann i gcomhpháirtíocht le Coláiste Beneavin i bhFionnghlas.

> Bhailigh an fhoireann tiomsaithe airgid Líonraí Gáis Éireann beagnach €15,000 trí shraith imeachtaí tiomsaithe airgid téamúla neamhdhíobhálach don domhan dar teideal 'Strong Roots, Green Shoot's' ag buachan an comórtas BIG sa chéad bhliain. ”



Inbhuanaitheacht (ar lean)

## Tionchar eacnamaíoch



Tá tábhacht straitéiseach ar leith ag baint leis an ngás nádúrtha ó thaobh gheilleagar na hÉireann de, arb ionann é agus 34 faoin gcéad de phríomh-mheascán fuinnimh na hÉireann agus a ghineann 46 faoin gcéad de leictreachas na hÉireann.

Is é is aidhm do Líonraí Gáis Éireann ná seirbhís iontach éifeachtúil a chur ar fáil atá éifeachtúil ó thaobh costas de agus a théann chun leasa gach custaiméara.

Sócmhainn luachmhar náisiúnta atá i líonra gáis na hÉireann. Beidh ról mór ag an líonra má tá fuinneamh glan le bheith ann amach anseo agus é sin a bhaint amach ar bhealach slán sábháilte ar an gcostas is lú.

Tá an gás nádúrtha ar an bpáirtí is fearr a bheadh ag foinsí in-athnuaite, an ghaoth agus an ghrianchumhacht cuir i gcás. Is féidir a chinntiú leis an ngás in-athnuaite go háirithe go mbeidh foinse láidir in-athnuaite inbhuanaithe dhúchasach fuinnimh ag Éirinn mar pháirt de mheascán fuinnimh na tíre san am atá le teacht.

### Infheistíocht in a bhfuil i nDán Dúinn

Táimid ag freastal ar níos mó ná 711,000 custaiméir gáis in Éirinn, corradh le 27,000 gnólacht san áireamh. Luacháiltear bonneagar náisiúnta líonra gáis na hÉireann ar €2.7 billiún. 14,664km ar fad atá sa líonra a nascann bailte móra agus sráidbhailte i gcontaetha éagsúla ar fud na tíre.

In 2021, rinneamar 6,219 custaiméir – idir chustaiméirí tráchtála agus chustaiméirí cónaithe – a cheangal chun an líonra gáis a úsáid. Rinneadh conradh le haghaidh 848GWh d'éileamh nua ar ghás nádúrtha.

Bhí feidhmíocht láidir airgeadais againn in 2021. Tugadh tús áite don tsábháilteacht i dtaca lenár sócmhainní agus oibríochtaí. Mar sin, rinneamar €147m a infheistiú i mbonneagar ár líonra gáis agus teileachumarsáide. Cuireadh béim láidir ar an bhfás a bhrú chun tosaigh agus ar líon na nasc nua leis an líonra a ardú. Rinneadh forbairt ar ghás nádúrtha comhbhrúite mar bhreosla iompair agus soláthraíodh cláir chun sábháilteacht agus iontaofacht an líonra a fheabhsú.



# Tuairisc Rialachais


| | |
|---|---|
| An Bord | **68** |
| Tuarascáil an Bhoird | **70** |
| Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | **83** |

# An Bord



## Tony Keohane
(Cathaoirleach)



Ceaptha: Mí Meithimh 22nd 2022 (arna cheapadh roimhe sin ar an 5 Iúil 2016)

Téarma oifige: 3 bliana

Coistí an Bhoird: Luach saothair

Gairm: Céimí INSEAD, saineolaí ar fhorbairt straitéiseach gnóthaí agus eagraíochtaí, Iar-Chathaoirleach Tesco Ireland, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Tesco Ireland ó Fheabhra 2006 go dtí Iúil 2013.

Ceapacháin Sheachtracha: Cathaoirleach Repack agus an Malone Group, Bord Phoitigéirí Sam McCauley agus An Bord Bia, comhairleoir straitéiseach ina ghnó comhairleoireachta féin.

## Cathal Marley



Ceaptha: 10 Lúnasa 2020

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Infheistíocht/Bonneagar

Gairm: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ghrúpa Ervia agus ról Phríomhoifigeach Airgeadais Ghrúpa Ervia aige roimhe sin. Tháinig sé isteach in Ervia in 2016 agus tá sé ag obair le 20 bliain san earnáil fuinnimh agus san earnáil bonneagair, leictreachas, gás agus uisce san áireamh. Tar éis dó a bheith ag feidhmiú i roinnt róil shinsearacha in eagraíochtaí móra in Éirinn agus in Oirthear na hEorpa, tugann sé taithí chuimsitheach tráchtála agus tiomsaithe airgid leis chuig Ervia.

Ceapacháin Sheachtracha: Ánra Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus tá MBA aige ó Scoil Ghnó Michael Smurfit UCD. Tá sé ag fónamh ar Údarás Ceannais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ina chomhalta ar Chomhairle Fhoras Bainistíochta na hÉireann.

## Fred Barry



Ceaptha: 10 Eanáir 2020 (agus é ceaptha roimhe sin ar an 5 Iúil 2016)

Téarma oifige: 4 bliana

Coistí an Bhoird: Infheistíocht/Bonneagar, Tionscadal 23

Gairm: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa de chuideachtaí éagsúla Jacobs.

Ceapacháin Sheachtracha: Cathaoirleach an Údaráis Náisiúnta Iompair, Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin PM Group, Comhalta Innealtóirí Éireann agus Acadamh Innealtóireachta na hÉireann.

## Geraldine Kelly



Ceaptha: 12 Deireadh Fómhair 2021

Téarma oifige: 3 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúchadh agus Riosca, Infheistíocht/Bonneagar

Gairm: Níos mó ná 25 bliain de thaithí boird ag cur le gnólachtaí rathúla sna hearnálacha teicneolaíochta, Fuinneamh agus Teicneolaíocht Ghlan agus an cumas straitéisí teicneolaíochta agus digiteacha a bharrfheabhsú d'fhonn réitigh gnó inbhuanaitheachta a fhorbairt.

Ceapacháin Sheachtracha: Ag feidhmiú faoi láthair mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar roinnt bord lena n-áirítear Banc Morgáiste Bhanc na hÉireann, tá sí ina Cathaoirleach ar Accountant Online Limited agus SnapDragon Monitoring Limited. Bhí taithí aici ag fónamh mar Chathaoirleach ar Plan Ireland agus Microfinance Ireland chomh maith leis a bheith ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Cenergise Energy Trading Limited, Gaelectric Limited agus Tyndall National Institute.

## Chris Banks



Ceaptha: mí Meithimh 22nd 2022 (arna cheapadh roimhe sin ar an 5 Iúil 2016)

Téarma oifige: 3 bliana

Coistí an Bhoird: Infheistíocht/Bonneagar, Tionscadal 23

Gairm: Stiúrthóir Tráchtála ar Scottish Water idir 2002 agus 2014 le linn thréimhse mhúnlaitheach na corparáide agus nuair a bhí an gnó á aistriú chuig úinéireacht san earnáil phoiblí. Bhí freagracht aige as Soláthar, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí Soláthair Sócmhainní, bainistíocht fuinnimh, maoin agus saoráidí, TF, flít, gnólachtaí neamhrialaithe i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, conraitheoireacht agus comhairleoireacht idirnáisiúnta, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar oscailt an mhargaidh faoi choinne iomaíochas miondíola uisce. Roimhe seo, d'oibrigh sé ag leibhéal boird agus ardbhainistíochta i dtáirgí tógála, mianraí agus tionscail loingseoireachta.

Ceapacháin Sheachtracha: Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, Stiúrthóir Tráchtála Eatramhach agus comhairleoir straitéiseach le haghaidh cuideachtaí seirbhísí agus soláthair éagsúla fóntas, comhairliúcháin agus teicneolaíochta sna hearnálacha uisce, dramhaíola agus fuinnimh in-athnuaite.

## Sean Hogan



Ceaptha: 10 Eanáir 2020 (agus é ceaptha roimhe sin ar an 20 Eanáir 2015)

Téarma oifige: 4 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúchadh agus Riosca, Tionscadal 23

Gairm: Stiúrthóir Cairte, Cathaoirleach ar WRAS Ltd sa Ríocht Aontaithe, Cathaoirleach an choiste chomhairligh saineolaithe maidir le heitinn bólachta sa Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe, Tuaisceart Éireann.

Ceapacháin Sheachtracha: Cathaoirleach ar Uisce Thuaisceart Éireann Teoranta idir Márta 2011 agus Márta 2015.

## Liz Joyce



Ceaptha: 12 Deireadh Fómhair 2021

Téarma oifige: 3 bliana

Coistí an Bhoird: Tionscadal 23, Íocaíocht

Gairm: Bhí róil mar fheidhmeannach sinsearach aici i mBanc Ceannais na hÉireann, Pioneer Investments, Greenstar Ltd., Diageo agus Concern International. Taithí fhorleathan i rialú, i gceannas ar athrú agus ag plé le páirtithe leasmhara i dtimpeallachtaí idirnáisiúnta agus casta.

Ceapacháin Sheachtracha: Stiúrthóir Neamhspleách le bord Chumann Peile na hÉireann. Roimhe seo bhí réimse ról neamhfheidhmiúcháin le Aware agus Concern International san áireamh. Ag cleachtadh mar Oide Ceannaireacht/Feidhmiúcháin agus OD Comhairleoir/Sainchomhairleoir.

## Keith Harris



Ceaptha: 5 Iúil 2019 (agus é ceaptha roimhe sin ar an 5 Iúil 2016)

Téarma oifige: 4 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúchadh agus Riosca, Luach Saothair, Tionscadal 23

Gairm: Feidhmeannach Sinsearach agus poist Bhoird in Wessex Water, Ceann Rialála Domhanda in ENRON / AZURIX.

Ceapacháin Sheachtracha: Stiúrthóir South Staffordshire plc, Úinéir an ghnóthais phríobháidigh chomhairligh maidir le bonneagar, Lorraine House, Comhpháirtí tionscail in AIP Asset Management, comhalta OXERALLP.

## Finbarr Kennelly



Ceaptha: 12 Nollaig 2017 (agus é ceaptha roimhe sin ar an 11 Nollaig 2012)

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúchóireacht & Riosca, Luach Saothair

Gairm: Stiúrthóir Airgeadais ar Procuro Euro, roimhe sin poist shinsearacha leis an Gardiner Group, Rialtóir Airgeadais de chuid Alcatel Business Systems Ireland, Stiúrthóir Airgeadais agus Oibríochtaí Golf Vacations Ireland.

Ceapacháin Sheachtracha: Iarchomhalta Boird de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe cpt, Comhairleoir le Plato Ireland.

## Joe O'Flynn



Ceaptha: mí Meithimh 22 2021 (ceaptha roimhe seo mí Iúil 2018, mí Eanáir 2015, mí na Samhna 2013 agus mí na Samhna 2008)

Téarma oifige: 3 bliana

Coistí an Bhoird: Tionscadal 23, Infheistíocht/Bonneagar

Gairm: Iar-Ard-Mhéara Chorcaí agus iarchomhairleoir cathrach. Iar-Rúnaí Ginearálta CSTGT, Cisteoir Chomhdháil na gCeardchumann agus ball dá Chomhairle Feidhmiúcháin.

Ceapacháin Sheachtracha: Stiúrthóir ar 2 chomhlacht atá cleamhnaithe le CSTGT roimhe seo; Institute for the Development of Employment Advancement Services agus an Larcon Centre. Comhalta den Bhord Feidhmiúcháin, International Transport Federation. Cathaoirleach ar One Cork Group agus comhalta de Chomhairle Forbartha Aerfort Chorcaí.

# Tuarascáil an Bhoird



## Tuairisc an Bhoird maidir le Rialachas

Comhlacht reachtúil is ea Ervia arb ann dó faoi dhlíthe na hÉireann agus ar bunaíodh de bhun an Achta Gáis (arna leasú).

### Rialachas

Tá Bord Ervia ("an Bord") freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ("an tAire") as feidhmíocht fhoriomlán an Ghrúpa agus as a chinntiú go bhfuil dea-rialachas i bhfeidhm.

Sa tuarascáil seo, tugtar cuntas ar an gcaoi ar chuir Ervia na prionsabail sin i bhfeidhm agus ar chloígh sé leis na forálacha infheidhme sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód"). Aithníonn Ervia go bhfuil rialachas maith corparáideach ríthábhachtach chun go n-éireodh leis agus chuige sin, déanaimid athbhreithniú agus uasghrádú leanúnach ar ár mbeartais agus ar ár nósanna imeachta d'fhonn cloí leis na cleachtais is fearr. Tá an Bord sásta gur chloígh Ervia le riachtanais infheidhme an Chóid le linn na bliana atá faoi athbhreithniú.

Mar chomhlacht reachtúil, níl Ervia faoi réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014. Chun sonraí a fháil faoin bpríomhreachtaíocht faoina n-oibríonn Ervia agus a chuid fochuideachtaí (Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann) agus chun féachaint ar na príomhcháipéisí atá mar bhonn ag struchtúr corparáideach Ervia, féach www.ervia.ie.

### Róil agus Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as gníomhaíochtaí Ervia a threorú agus a stiúradh, gníomhaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm laistigh de chreat rialúcháin stuama agus éifeachtaigh a cheadaíonn measúnacht agus bainistíocht riosca. Glacann an Bord na cinntí suntasacha straitéiseacha ar fad, agus coinníonn sé rialú iomlán agus éifeachtach ar ghníomhaíochtaí an Ghrúpa aige, fad a dhéanann sé bainistíocht laethúil a tharmligean chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus a Fhoireann Feidhmiúcháin.

Tá ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhFoireann Feidhmiúcháin an treoir straitéiseach a leagann an Bord síos a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag an mBord ar na príomhghníomhaíochtaí, na príomhchinntí agus na príomhthorthaí feidhmíochta, chomh maith le haon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirchaidreamh díreach idir Bord Ervia agus an lucht bainistíochta.

Chuir an Bord struchtúr rialachais chorparáidigh i bhfeidhm a tharmligeann údarás dá Choistí le tascanna ar leith a chur i gcrích ar a shon, ionas gur féidir leis an leibhéal ceart airde agus breithnithe a thabhairt ar na hábhair sin agus ábhair eile. Cuirtear tuilleadh eolais ar fáil ar Choistí Bhord Ervia ar leathanaigh 74-75.

Pleanáiltear gníomhaíocht an Bhoird agus a chuid Coistí gach bliain chun déanamh cinnte go ndéantar gnó an Ghrúpa a mhaoirsiú agus a rialú go héifeachtach. Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i gCreat Rialachais Ervia. Áirítear leis an gcreat chomh maith ábhair atá forchoimeádta go sonrach don Bhord le cinneadh a dhéanamh, de réir mar a dhéantar achoimre orthu thíos.

Ar na míreanna seasta a mheasann an Bord ag gach cruinniú tá:

- Fógra maidir le haon choimhlint leasa.
- Tuarascálacha ó Choistí.
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta.
- Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh.
- Sábháilteacht, COVID-19 san áireamh.

### Sceideal Foirmeálta Ábhair atá Forchoimeádta do Bhord Ervia

Áirítear leis an Sceideal Foirmiúil Ábhar atá coimeádta don Bhord amháin le haghaidh cinneadh a dhéanamh, de réir mar a leagtar amach sa Chreat Rialachais Ervia, i leith gach eintiteas Grúpa, faomhadh na nithe seo a leanas:

- Beartas sábháilteachta.
- Buiséid bhliantúla.
- Pleananna gnó ilbhlianta.
- Na conarthaí agus caiteachais ar fad a bhfuil a luach os cionn €10 milliún acu.
- Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla.
- Ceapadh/baint iniúchóirí.
- Ábhair chiste.
- Athruithe suntasacha ar scéimeanna pinsin.
- Téarmaí fostaíochta na hardbhainistíochta.
- Cód Iompair Gnó.
- Beartas um Bainistíocht Riosca Fiontair, Beartas Frith-Chalaoise, Beartas um Nochtadh Cosanta, agus Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillitheachta.
- Eisiúint a fhaomhadh le haghaidh comhairliúcháin i gcás doiciméid bheartais a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo.

## Ábhair a Phléigh an Bord in 2021

| | |
|---|---|
| **Straitéis** | • Treoir Straitéiseach Ervia, Líonraí Gáis Éireann agus scaradh Uisce Éireann in 2023.<br>• Socruithe aistrithe Boird do chomhtháthú/scaradh.<br>• Nuashonruithe ar Thionscadal 23.<br>• Nuashonruithe ar an bhFóntas Poiblí Singil.<br>• 2021 Scórchártaí Ualaithe.<br>• Plé leanúnach le scairshealbhóir Ervia maidir le ceisteanna straitéiseacha.<br>• Straitéis Inbhuanaitheachta agus Bithéagsúlachta.<br>• Nuashonruithe ar an bPlean Gníomhaíochta Aeráide.<br>• Straitéis TF agus digitithe.<br>• Aighneacht ar Rialú Praghsanna do Líonraí Gáis Éireann agus GNI (RA) Limited.<br>• Faomhadh ar Phlean Acmhainní Uisce Réigiúnach do réigiún an Oirthir agus Lár Tíre a scaoileadh le haghaidh comhairliúcháin.<br>• Tionscadal Soláthair Uisce agus Reachtaíocht Astarraingthe. |
| **Sábháil-teacht** | • An t-eolas is déanaí gach mí maidir le bainistíocht fhreagairt an Ghrúpa ar phaindéim COVID-19.<br>• Méadracht mhíosúil maidir le sláinte agus sábháilteacht don Ghrúpa.<br>• Tionscnamh maidir le feasacht mheabhairshláinte a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.<br>• Nuashonruithe leathbhliantúla sábháilteachta. |
| **Oibrí-ochtaí** | • Tuarascáil Oibriúcháin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin lena n-áirítear Príomhtháscairí Feidhmíochta.<br>• Measúnuithe ar infheistíocht chaipitiúil.<br>• Tionscadail an-tábhachtach a sholáthar go sábháilte i rith phaindéim COVID-19.<br>• Nuashonruithe gach ráithe maidir le feidhmíocht ó thaobh sceitheadh uisce de.<br>• Nuashonruithe ar theagmhais Ionad Cóireála Uisce. |
| **Rialachas Corpar-áideach** | • Meastóireacht bhliantúil an bhoird.<br>• Athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Bhoird agus Choiste an Bhoird.<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais<br>• um Rialachas Comhlachtaí Stáit .<br>• Róil Fheidhmeannais Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 a cheapadh agus Target Spriocshamhlacha Oibriúcháin.<br>• Stiúrthóirí ar Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann a cheapadh.<br>• Bunreachtanna Athbhreithnithe do Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann.<br>• Athbhreithniú ar Chód Iompair Gnó, Beartas Frith-Chalaoise,<br>• Beartas um Nochtadh Cosanta agus Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillitheachta.<br>• Athbhreithniú ar chreat Rialachais agus beartais ghaolmhara le hullmhú don scaradh oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann/Ervia agus Uisce Éireann. |
| **Airgeadas** | • Torthaí bliantúla foilsithe.<br>• Torthaí míosúla trádála, lena n-áirítear feidhmiúchán i gcomparáid le buiséid agus réamhaisnéis agus impleachtaí COVID-19.<br>• Straitéis maidir le héilimh conarthaí COVID-19.<br>• Buiséad bliantúil agus maoiniú.<br>• Réamhaisnéis a dhéanamh arís go ráithiúil.<br>• Nuashonruithe ar éifeachtúlachtaí.<br>• Díbhinní.<br>• Pleananna Gnó. |

## Ráiteas Freagrachtaí Boird don Tuarascáil Bhliantúil agus do Ráitis Airgeadais

Tá an Bord freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú mar aon leis na Ráitis Airgeadais a ghabhann léi, a thugann, de réir an Bhoird, léargas fírinneach agus cothrom ar staid cúrsaí agus ar bhrabús Ervia don bhliain. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta www.ervia.ie. D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhúchán agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile. D'ullmhaigh an Bord na Ráitis Airgeadais de réir an dlí is infheidhme de chuid na hÉireann agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach. Coinníonn an Bord cuntas cuí cuntasaíochta de réir na n-oibleagáidí a leagtar síos san Acht Gáis 1976 (arna leasú).

Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht an chórais rialúcháin inmheánaigh, lena n-áirítear rialúcháin airgeadais, oibriúcháin, chomhlíonta agus bainistíochta riosca agus as sin a chur in iúl don Aire. Ar deireadh, tá an Bord freagrach as cosaint sócmhainní uile Ervia agus as gníomhú mar is cuí le calaois agus neamhrialtachtaí eile a sheachaint agus a aimsiú.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá an Bord sásta:

- Gur roghnaíodh beartais chuntasaíochta oiriúnacha agus gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad.
- Go n-úsáidtear breithiúnais agus meastacháin atá stuama réasúnta.
- Go bhfuil ullmhúchán na ráiteas airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh oiriúnach.
- Go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach agus cothrom ar staid airgeadais Ervia ar an 31 2021 Nollaig agus don bhliain sin atá díreach thart.

# An Bord



Tugtar Comhaltaí Boird ar leathanaigh 68-69.

## Comhdhéanamh an Bhoird

Is faoin Aire atá ceist chomhdhéanta an Bhoird. Déanann an tAire cinntí maidir le comhaltaí Boird a cheapadh agus a athcheapadh ar aon dul leis na Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Téann an Cathaoirleach i dteagmháil leis an Aire roimh cheapacháin ar an mBord maidir le haird a tharraingt ar na scileanna sonracha agus an taithí a theastaíonn ar an mBord.

Tá an meascán scileanna agus taithí agus an cumas riachtanach ag Comhaltaí Boird le tacú le cinnteoireacht éifeachtach.

Is é an Cathaoirleach, Tony Keohane, atá i gceannas ar an mBord, agus is eisean atá freagrach as a éifeachtacht maidir le gnéithe uile a róil a chinntiú. Tá Rúnaí na Cuideachta freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird agus as comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathaoirleach, faoi chúrsaí rialachais i gcoitinne.

Mar a leanann an chuideachta ar aghaidh le scaradh gnó Uisce Éireann ón nGrúpa Ervia, beidh struchtúir oibriúcháin nua in Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann go fóill faoi réir rialachais foriomlán boird Ervia. Ní bheidh athrú ar  bith ar struchtúr rialachais foriomlán go dtí go bhfuil scaradh dlíthiúil ann.

## Ionduchtú agus Forbairt Chomhaltaí Nua Boird


Ar cheapadh dóibh, cuirtear doiciméid mhionsonraithe eolais a bhaineann le rialachas, airgeadas agus oibríochtaí ar fáil do Chomhaltaí Boird, agus tugtar deis dóibh eolas a fháil ón bhFoireann feidhmiúcháin ar ghnéithe éagsúla de ghnó an Ghrúpa.

Tá rochtain ag Comhaltaí Boird ar chláir oiliúna agus déantar athbhreithniú leanúnach ar a riachtanais forbartha.

## Neamhspleáchas


Tá an Bord sásta go bhfuil a chuid comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird neamhspleách ar an lucht bainistíochta, ó thaobh carachtair agus breithiúnais de, agus saor ó chaidrimh nó ó chúinsí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu, nó a d'fhéadfadh go ndealródh sé go bhfuil tionchar acu, ar a mbreithiúnas agus a gcumas chun dul i ngleic le riachtanais an róil. Tugann gach comhalta Boird a bhreithiúnas neamhspleách féin ar cheisteanna straitéise, feidhmiúcháin, acmhainní agus caighdeán iompraíochta. Ní mór do chomhaltaí Boird aon leas nó caidreamh a fhógairt a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách. Is mír bhuan ar an gclár do gach cruinniú Boird agus Coiste é dearbhú maidir le haon choinbhleachtaí leasa.

### Inscne Boird





● Fir
● Mná

### Comhaltaí Feidhmiúcháin agus Neamhfheidh-miúcháin an Bhoird




● Neamhfheidhmiúcháin
● Feidhmiúcháin

### Tionacht Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Bhoird




● 0-3 bliana
● 3+ bliana

## Luach Saothair, Tinreamh agus Costais Comhaltaí Boird

Is é an tAire a shocraíonn na táillí atá iníoctha le comhaltaí Boird. Leagtar sceideal tinrimh ag na cruinnithe Boird agus Coiste do 2021 amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a bhain le gach comhalta.

| Comhalta Boird | Íocaíocht (€) | Speansais (€) | Bord (Ar freastalaíodh orthu/ Incháilithe) | Iniúchóireacht agus Riosca (i láthair/ incháilithe) | Luach saothair (Ar freastalaíodh orthu/ Incháilithe) | Infheistíocht/ bonneagar (i láthair/ incháilithe) | Tionscadal 23 (i láthair/ incháilithe) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tony Keohane (Cathaoirleach an Bhoird agus an Choiste Luacha Shaothair) | 31,500 | - | 16/16 | - | 11/11 | - | - |
| Chris Banks | 15,750 | - | 15/16 | - | - | 11/11 | 7/8 |
| Fred Barry (Cathaoirleach, Infheistíocht/Bonneagar) | 15,750 | - | 15/16 | - | - | 10/11 | 7/8 |
| Celine Fitzgerald (éirithe as an 30 Aibreán 2021) | 5,250 | - | 5/6 | - | 3/3 | - | 3/3 |
| Keith Harris (Cathaoirleach, an Coiste Iniúchta agus Riosca) | 15,750 | - | 15/16 | 5/5 | 11/11 | - | 8/8 |
| Sean Hogan (Cathaoirleach an Choiste Tionscadal 23) | 15,750 | - | 15/16 | 5/5 | - | - | 5/5 |
| Mari Hurley (éirithe as an 28 Lúnasa 2021) | 10,399 | - | 9/9 | 3/3 | 8/8 | - | - |
| Liz Joyce (ceaptha, 12 Deireadh Fómhair 2021) | 3,473 | - | 4/4 | - | 1/1 | - | 1/1 |
| Geraldine Kelly (ceaptha, 12 Deireadh Fómhair 2021) | 3,473 | - | 4/4 | 1/1 | - | 2/2 | - |
| Finbarr Kennelly | 15,750 | - | 15/16 | 4/5 | 11/11 | - | - |
| Cathal Marley ( POF) | Nóta 1 | - | 16/16 | - | - | 11/11 | - |
| Joe O'Flynn | 15,750 | - | 14/16 | - | - | 10/11 | 7/8 |

Nóta 1 – Ní bhfuarthas táille Boird de réir na dTreoirlínte maidir le Conarthaí, Luach Saothair agus Coinníollacha Eile do Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin agus Ardbhainistíocht Comhlachtaí Tráchtála Stáit.

# An Bord (ar lean)



## Éifeachtacht agus Measúnú an Bhoird agus na gCoistí

Déanann an Bord measúnú bliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a Choistí. Baineann an measúnú le feidhmíocht an Bhoird agus na gCoistí ina n-iomláine. Is mar seo a leanas na modheolaíochtaí measúnaithe a chuireann an Bord i bhfeidhm chun a éifeachtacht a shocrú:

| | |
|---|---|
| Measúnú Inmheánach | • Scaiptear an ceistneoir Féinmheasúnaithe Boird, mar a cuireadh ar fáil sa Chód, ar an mBord. Sa cheistneoir, déantar anailís ar an meascán ar an mBord idir inscne, éagsúlacht agus scileanna, bunaithe ar an Aguisín leis an gCód maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, arna fhoilsiú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Meán Fómhair 2020.<br>• Sna ceistneoirí líonta, tá tuairimí maidir le feidhmiúchán agus moltaí maidir le feabhsúchán.<br>• Déanann an Bord cinneadh foirmiúil maidir lena fheidhmíocht féin, le feidhmíocht na gCoistí, agus le feidhmíocht an Chathaoirligh, an POF agus Rúnaí na Cuideachta. |
| Meastóireacht Sheachtrach | • D'fhonn forálacha an Chóid a chomhlíonadh, tugtar faoi mheastóireacht sheachtrach feidhmíochta ar an mBord agus a Choistí gach 3 bliana. Éascaíodh meastóireacht sheachtrach le linn na bliana agus pléifear agus cuirfear i bhfeidhm torthaí an athbhreithnithe le linn 2022. |
| Measúnú ar Chomhaltaí Neamhf-heidhmiúcháin Boird | • Déanann comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird measúnú feidhmiúcháin ar an gCathaoirleach, ag cur tuairimí an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin san áireamh. |

## Coistí an Bhoird

Ní bheidh athrú ar bith ar struchtúr rialachais foriomlán an ghrúpa roimh scaradh dlíthiúil, agus táthar ag súil go mbeidh na fochoistí Ervia atá ann faoi láthair ag tacú go fóill le Bord Ervia agus fobhoird sa tréimhse go dtí scaradh dlíthiúil.

Tá struchtúr éifeachtach Coiste i bhfeidhm ag an mBord d'fhonn cabhrú lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Cabhraíonn ceithre Choiste de chuid an Bhoird lena fhreagrachtaí a chur i gcrích agus cuireann an Bord freagrachtaí ar leith orthu mar a leagadh amach ina dTéarmaí Tagartha.

### Coiste Iniúchta agus Riosca

Déantar cur síos ar a ndearna an Coiste Iniúchta agus Riosca in 2021 i dTuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca ar leathanach 82. Bhí 5 chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn na bliana.

### Coiste Infheistíochta/Bonneagair

Leagtar freagrachtaí an Choiste Infheistíochta/ Bonneagair amach ina Théarmaí Tagartha atá ar fáil ar www.ervia.ie. Bhí 11 chruinniú ag an gCoiste Infheistíochta/Bonneagair i rith na bliana.

Príomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste Bonneagair/ Infheistíochta fúthu i 2021:

- Measúnú ar thionscadal caipitil agus ar chur chuige infheistíochta.
- Iniúchadh ar thionchar phaindéim COVID-19 ar thionscadail chaipitiúla a thabhairt i gcrích.
- An eolas is déanaí maidir le mórthionscadail agus meastacháin chostais a bhaineann leo.
- Gach moladh caiteachais chaipitiúil a sháraíonn €10 milliún.
- Próiseas tairiscintí atá le teacht.
- Clár rannpháirtíochta luaithe an chonraitheora .
- Nuashonruithe Ráithiúla ar shócmhainní criticiúla.
- Pleanáil punainne agus infheistíocht in ord tosaíochta.
- Creat Soláthair Leictreachais.
- Straitéisí, lena n-áirítear bainistíocht dramhaíola, athrú aeráide agus $_2$lorg CO.
- Athbhreithnithe iarthionscadal.

### An Coiste Luach Saothair

Leagtar amach freagrachtaí an Choiste Luacha Shaothair ina Théarmaí Tagartha atá ar fáil ar www.ervia.ie. Bhí 11 chruinniú ag an gCoiste Luach Saothair .

I measc phríomhghníomhaíochtaí an Choiste Luacha Saothair in 2021, bhí:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin agus na mbainisteoirí sinsearacha eile in 2020.
- Athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar phleananna Tallainne agus Comharbais.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shamhail pá Ervia.
- Róil Fheidhmeannais Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 a cheapadh mar pháirt den scaradh Líonraí Gáis Éireann/ Ervia agus Uisce Éireann.
- Feidhmíocht a shocrú agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi de réir scórchártaí 2021.
- Plé a dhéanamh ar thorthaí an tsuirbhé maidir le rannphairteachas fostaithe.
- Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar phá feidhmiúcháin.
- Fóntas Poiblí Singil: impleachtaí pinsin.
- Tionscadal 23: impleachtaí pinsin.

### Coiste um Thionscadal 23

Bhunaigh an Bord Coiste Thionscadal 23, chun forbairt plean scartha a mheas, anuas ar chinneadh an Rialtais go mbeadh Uisce Éireann ina fhóntas ar leithligh, faoi úinéireacht an phobail, tráchtála, rialáilte scartha ó Ghrúpa Ervia le linn 2023, agus lena chinntiú go dtéann an plean scartha i ngleic leis na saincheisteanna dlí, airgeadais, rialachais agus oibríochtúla a bhaineann le cruthú Uisce Éireann, agus an gnólacht fuinnimh a fhágtar, mar eintitis ar leithligh atá iomlán feidhmiúil agus atá ábalta a chuspóirí faoi seacha a thabhairt i gcrích. Tháinig an Coiste le chéile ocht n-uaire le linn na bliana.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste um Thionscadal 23 fúthu in 2021, bhí:

- Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.
- Nuashonruithe ar Thionscadal 23.
- Nuashonruithe ar an bhFóntas Poiblí Singil.
- Fóntas Poiblí Singil Cás Gnó.
- Aistrithe maoine riachtanacha a bhreithniú.

Tuarascáil Bhliantúil Ervia

## Nochtuithe atá Riachtanach de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Is é an Bord atá freagrach as a chinntiú go ndéanann Ervia riachtanais agus nochtuithe an Chóid a chomhlíonadh. Ní mór cur síos ar na nochtuithe airgeadais seo a leanas sa Tuarascáil Bhliantúil de réir an Chóid. Baineann na nochtuithe seo le Ervia agus Líonraí Gáis Éireann, ach ní bhaineann siad le hUisce Éireann. Féach ar Thuarascáil Bhliantúil Uisce Éireann le haghaidh na nochtuithe ábhartha i dtaca le hUisce Éireann.

### Anailís ar Shochair Fhostaí

Tá sonraí ar líon na bhfostaithe a bhfuil a sochair fostaí iomlán (gan costais pinsin fostóra agus sochair scoir a chur san áireamh) don bhliain do gach banna de €25,000 ó €50,000 in airde leagtha amach thíos.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| €50,000-€75,000 | **415** | 430 |
| €75,001-€100,000 | **285** | 266 |
| €100,001-€125,000 | **141** | 115 |
| €125,001-€150,000 | **58** | 53 |
| €150,001-€175,000 | **24** | 26 |
| €175,001 agus os a chionn | **36** | 26 |

Nóta: Tá gach sochar fostaí gearrthéarma maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe ináirithe sa nochtadh thuas. Féach ar Nóta 5 de na Ráitis Airgeadais i gcomhair anailís bhreise ar na sochair éagsúla atá ináirithe.

# An Bord (ar lean)



### Costais Sainchomhairliúcháin

Áirítear le costais sainchomhairliúcháin an costas a thabhaítear go díreach ó chomhairle sheachtrach. Sainmhínítear costais sainchomhairliúcháin mar cheapacháin a sholáthróidh seirbhísí intleachtúla nó seirbhísí atá bunaithe ar shaineolas (e.g. anailís agus comhairle ó shaineolaithe) trí thuarascálacha, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí, srl., a chabhróidh le cinnteoireacht nó ceapadh beartas, agus é seo ar feadh tréimhse theoranta chun tasc ar leith a chur i gcrích. Ní áirítear leo gnáthfheidhmeanna oibre atá á seachfhoinsiú. I gcásanna ina ndéanann Ervia obair sainchomhairleoireachta a chonrú thar ceann Uisce Éireann, ní áirítear an costas bainteach ach i bhfaisnéisiú Uisce Éireann amháin.

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | **83** | 165 |
| Comhairle airgeadais | **550** | 485 |
| Feabhsú/athrú gnó | **1,978** | 2,248 |
| Eile | **252** | 185 |
| **Costais chomhairliúcháin iomlána** | **2,863** | 3,083 |
| | | |
| Caipitlithe | **-** | - |
| Ráiteas Ioncaim | **2,863** | 3,083 |
| **Costais chomhairliúcháin iomlána** | **2,863** | 3,083 |

### Costais Dhlíthiúla agus Socruithe

Tugann an tábla thíos mionsonrú ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlí, socruithe agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí, mar cuirtear san áireamh leis na costais sainchomhairliúcháin thuas iad.

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí & costais dhlíthiúla | **1,535** | 1,940 |
| Socraíochtaí | **599** | 402 |
| **Iomlán** | **2,134** | 2,342 |
| Líon cásanna dlí | **23** | 11 |

Nóta 1: Ní áirítear leis an nóta nochta seo aon íocaíochtaí a rinneadh i ndiaidh éileamh faoi pholasaithe árachais bainte amach ag Ervia.

Nóta 2: Baineann líon na gcásanna le himeachtaí dlíthiúla arna dtionscnamh ag Ervia nó imeachtaí dlíthiúla ina choinne.

Nóta 3: Tá méid €80,946 á chur san áireamh i gcostais dlí 2020 thuas i dtaca le ceist dlí a bhain le Coillte.

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| *Baile* | | |
| Bord* | **-** | 4 |
| Fostaí | **884** | 1,237 |
| | | |
| *Idirnáisiúnta* | | |
| Bord | **-** | - |
| Fostaí | **22** | 80 |
| **Iomlán** | **906** | 1,321 |

* tá costais taistil agus cothaithe de €nialas san áireamh a íocadh go díreach le comhaltaí Boird in 2021 (2020: €668). Baineann an t-iarmhéid de €153 (2020: €2,961) le caiteachas a d'íoc Ervia ar son na gcomhaltaí Boird. Meastar go dtabhaítear caiteachas taistil agus cothaithe a thabhaíonn an comhalta feidhmiúcháin Boird ina cháilíocht mar fhostaí.

### Fáilteachas

Cuimsíonn an ráiteas ioncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas na foirne | **146** | 78 |
| Fáilteachas na gcliant | **17** | 45 |
| **Iomlán** | **163** | 123 |

### Trédhearcacht

Eagraíocht oscailte is ea an comhlacht tráchtála stáit Ervia, a bhfuil sé mar aidhm aige a bheith freagrach agus trédhearcach os comhair an phobail. Tá Ervia tiomanta do thuiscint an phobail a fheabhsú maidir leis an mbealach a bhfeidhmíonn an eagraíocht agus maidir lenár ról ó thaobh bonneagar tábhachtach náisiúnta a sholáthar de agus seirbhísí tábhachtacha náisiúnta d'fhonn tacú le forbairt shóisialta agus gheilleagrach na hÉireann.

#### Nochtaí Cosanta agus Cúis Imní a Léiriú

Cuirtear síos ar an meicníocht is féidir le fostaithe agus lucht bainistíochta Ervia a úsáid chun údair imní a ardú, nó chun nochtuithe a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, i mBeartas Ervia um Nochtadh Cosanta. Tá tuilleadh treorach don lucht bainistíochta agus do na fostaithe maidir le cúiseanna imní a léiriú leagtha amach sa Chód Iompair Ghnó, sa Bheartas Frith-Chalaoise agus sa Bheartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillitheachta.

De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ceanglaítear ar Ervia Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú maidir le nochtadh cosanta arna dhéanamh faoin Acht. I gcomhréir leis an gceanglas sin, Deimhníonn Ervia gur tuairiscíodh nochtadh cosanta amháin sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021. Rinneadh an t-ábhar a tuairiscíodh a fhiosrú i gcomhréir leis an mBeartas ar Nochtadh Cosanta de chuid Ervia agus tá sé curtha i gcrích anois.

#### Brústocaireacht a Rialáil

Tá Ervia agus a fhochuideachtaí (Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann) cláraithe ar an gclár brústocaireachta a choinníonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus rinne siad na haighneachtaí riachtanacha do na tréimhsí tuairisceáin in 2021, i gcomhréir le riachtanais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

#### Íocaíochtaí Prasa

Tá rialuithe airgeadais inmheánacha cuí i bhfeidhm in Ervia lena chinntiú go gcomhlíontar forálacha Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2012-2016.

Shínigh Ervia an Cód um Íocaíocht Phras, a sheol an Rialtas in 2015, agus de bhun a fhorálacha, geallann sé soláthraithe a íoc in am, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus na soláthraithe a spreagadh an cód a ghlacadh laistigh dá slabhraí soláthair féin.

### Samhailscéimeanna Foilsithe

De réir Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, ní mór d'fhochuideachtaí Ervia, is iad sin Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann, cloí leis an tsamhailscéim foilseacháin arna foilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir na scéime, foilsíonn Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann an oiread eolais agus is féidir ar bhealach oscailte agus inrochtana ar bhonn gnáthrialta lasmuigh d'iarratais Saorála Faisnéise, agus aird á tabhairt do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta a leagtar amach san Acht.

Tá Scéimeanna Foilseacháin d'Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann ar fáil ar a suíomh gréasáin faoi seach, www.water.ie agus www.gasnetworks.ie. Cé nach bhfuil Ervia féin faoi réir reachtaíocht an Achta um Shaoráil Faisnéise, féachann sé le prionsabal na trédhearcachta a chur i bhfeidhm. Mar sin, déanann sé faisnéis ábhartha a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin www.ervia.ie chun cloí leis an scéim eiseamláireach foilseacháin

### Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

I rith 2021, lean Clár Éagsúlachta agus Ionchuimsithe Ervia ibelong ar aghaidh ag díriú ar phobal bríomhar, éagsúil agus ionchuimsitheach a chruthú, pobal ina mbíonn muintearas le brath ag na fostaithe. Díríodh chomh maith ar straitéis éagsúlachta agus ionchuimsithe a leabú san eagraíocht. Ag obair chun na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach iBelong 2019 go 2023, bhaineamar roinnt garspriocanna tábhachtacha amach i mbliana lena n-áirítear; aitheantas agus ceiliúradh ar Mhí an Bhróid ar fud na cuideachta den chéad uair, seoladh Líonra iBelong Eitneachta agus Cultúrtha, tús ár dtacaíochta do néara-éagsúlacht san ionad oibre agus sa bhailte ár bhfostaithe, agus ceisteanna déimeagrafacha a bhaineann le héagsúlacht a chur lenár suirbhé rannpháirtíochta foirne bliantúil, d'fhonn tuilleadh eolais a chur lenár obair chun tacú le hÉagsúlacht agus Ionchuimsiú sna dá Shaoráid dár gcuid in 2022 agus ina dhiaidh sin. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le feabhsuithe earcaíochta agus roghnaithe a aithint agus a chur i gcrích agus athbhreithniú a chríochnú againn ar chódú inscne i dtuairiscí post, chuireamar ráiteas ionchuimsitheach lenár dteimpléad le haghaidh fógraí poist, agus rinneamar athruithe próisis chun gearrliostaí aonghnéis a sheachaint nuair is féidir.

Lean ár Líonraí iBelong Ban, Bogha Ceatha, Teaghlaigh agus Eitneachta agus Cultúrtha de bheith ag fás agus ag forbairt in 2021. Tá na líonraí mar phríomhacmhainn agus fóram tacaíochta dearfaí dá mbaill, agus bhí go leor imeachtaí ballraíochta acu, chruthaigh siad naisc idir fostaithe agus chuaigh i mbun plé leis an lucht ceannais d'fhonn ár n-eagraíochtaí a chruthú amach romhainn.

Bhí méadú in 2021, ón taobh amuigh, ar an bhfeasacht maidir le tiomantas agus infheistíocht Ervia in Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tháinig Ervia chun a bheith ina sínitheoir leis an gCairt um Éagsúlacht na hÉireann; Shínigh Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann an Gealltán um Ghnó sa Phobal; agus rinne comhaltaí an Líonra iBelong Eitneachta agus Cultúrtha ionadaíocht thar ceann ár n-eagraíocht agus rinne cur i láthair ar Ionad Oibre Ionchuimsitheach a chruthú ag comhdháil bhliantúil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Ghlac Ervia agus iBelong páirt i gclár oibre a fuair an dámhachtain Straitéis Rannpháirtíochta Foirne is Éifeachtúla ag Dámhachtainí Ceannaireachta agus Bainistíochta AD.

## Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach

### Raon Freagrachta

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air a chinntiú go gcoinneofaí agus go ndéanfaí córas éifeachtach rialaithe inmheánach a chur i bhfeidhm.

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal réasúnta seachas fáil réidh leis. Níl ann, mar sin, ach cinnteacht réasúnta seachas dearbhú iomlán go gcosnaítear sócmhainní, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus go gcoimeádtar cuntas ceart díobh agus go n-aithnítear earráidí neamhrialtachtaí ábhartha nó go stoptar iad ar bhealach tráthúil.

Tá córas an rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in Ervia don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais.

### Bainistíocht Riosca

Tá fostaithe Ervia ar fad freagrach as riosca a bhainistiú go héifeachtach agus áirítear leis sin córais rialaithe inmheánaigh a dhearadh, a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an feidhmeannach freagrach ar a bhfuil an fhreagracht deiridh. Tarmligeann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire ar a Fhoireann Feidhmiúcháin agus ar na daoine atá faoina stiúir siúd maidir leis an mbainistíocht éifeachtach ar riosca agus maidir lena chinntiú go bhfuil na córais rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú go héifeachtach.

### Timpeallacht Riosca agus Rialaithe

Déanann an Bord a chinntiú go bhfuil córais chuí an rialaithe inmheánaigh agus na bainistíochta riosca ar bun. Leis sin a bhaint amach, baintear feidhm as na struchtúir agus córais seo a leanas:

#### Coiste Iniúchta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (an "CIR") ag Ervia ar a bhfuil 4 comhalta neamhfheidhmiúcháin Boird a bhfuil an saineolas acu atá riachtanach don ról. Déanann an CIR maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann an Bhoird, agus tá sé freagrach as cabhrú leis an mBord a fhreagrachtaí a chomhlíonadh de réir mar a bhaineann siad leis an réimse sin. Ar bhonn ráithiúil, déanann an CIR athbhreithniú substaintiúil ar chlár riosca an Ghrúpa, a ullmhaíonn an lucht bainistíochta, rud a dhéanann cinnte de go ndéanfaí maoirseacht ar na príomhrioscaí agus athbhreithniú ar a éifeachtaí is atá freagairtí an lucht bhainistíochta maidir leis na príomhrioscaí atá roimh an nGrúpa. Chomh maith leis sin, déanann an CIR athbhreithniú ar shláine iomlán an chórais bainistíochta riosca, lena n-áirítear éifeachtacht na bhfeidhmeanna riosca agus iniúchta inmheánaigh.

#### Fóram Dearbhaithe Comhtháite

Tá freagracht ag Ervia faoin gCód as a chinntiú go ndéantar córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh a oibriú agus go leantar ar aghaidh leo. Tá measúnú ar éifeachtúlacht na rialuithe sin de dhíth gach bliain. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar an riachtanas sin, chruthaigh Ervia an Fóram Dearbhaithe Comhtháite ("FDC") a thuairiscíonn don Phríomhoifigeach Airgeadais.

Tagann an FDC le chéile gach ráithe lena dheimhniú go gcomhordaítear gach gníomhaíocht dearbhaithe agus aontú riachtanach, agus go dtugtar fianaise maidir leo, ar bhealach struchtúrtha. . Ag deireadh na bliana, dearbhaíonn an FDC don Bhord cé acu an bhfuil na rialuithe éifeachtúil nó nach bhfuil. Tacaíonn an próiseas FDC, in éineacht le roinnt gníomhaíochtaí rialachais, riosca agus rialaithe eile ar fud Ervia, leis an mBord a shéala a chur leis an Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha.

Déanann an Creat Dearbhaithe Comhtháite gach gníomhaíocht dearbhaithe san eagraíocht a neartú agus a chomhordú tuilleadh ar bhealach struchtúrtha thar an tsamhail "Trí Líne Chosanta". Déantar a chinntiú, leis sin, go ndéanann Ervia an oiread maoirseachta agus rialaithe agus is féidir ar riosca agus rialachas, ionas gur féidir leis seasmhacht eagraíochtúil a fhorbairt agus go gcloítear leis an dea-chleachtas chun tacú maidir le hoibleagáidí comhlíonta agus ceanglais rialachais. Cuirtear an CIR ar an eolas maidir le torthaí an IAF gach ráithe.

### Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm sheanbhunaithe iniúchta inmheánaigh ag Ervia a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a thugann faoi chlár oibre a shocraítear leis an CIR. Tuairiscíonn Ceann an Ghrúpa don Iniúchadh Inmheánach go díreach don CIR agus don Phríomhoifigeach Airgeadais.

Soláthraíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh cur chuige córasach struchtúrtha ar fáil chun éifeachtúlacht rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach an Ghrúpa a mheasúnú agus a fheabhsú.

Go háirithe, déanann feidhm an Iniúchta Inmheánaigh:

- Measúnú ar nochtadh ar rioscaí a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa a bhaint amach.
- Measúnú ar na córais a cuireadh ar bun chun comhlíonadh na mbeartas, pleananna, nósanna imeachta, dlíthe agus rialachán a áirithiú.
- Measúnú ar na modhanna atá ann chun sócmhainní a chosaint.
- Monatóireacht agus measúnú ar éifeachtúlacht phróisis bainistíochta riosca an Ghrúpa.
- Seirbhísí sainchomhairleoireachta a bhaineann le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú a thabhairt chun críche de réir mar is cuí.

### Feidhm Bainistíochta Riosca

Tá feidhm sheanbhunaithe Bainistíochta Riosca ag Ervia a bhfuil dóthain acmhainní aici agus atá freagrach as Creat Bainistíochta Riosca Fiontair a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, agus as a chinntiú gurb ann do na scileanna cuí agus don taithí chuí bainistíochta riosca san eagraíocht.

Tuairiscíonn Ceann na Bainistíochta Riosca don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin chomh maith le freastal ar gach cruinniú atá ag an CIR. Maille leis sin, bíonn cruinniú gach ráithe ag Coiste Bainistíochta Riosca an Ghrúpa, a bhfuil Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa mar chathaoirleach air.

Déanann an fheidhm Bainistíochta Riosca na rudaí seo a leanas go háirithe:

- Cinntíonn sí go mbíonn próisis agus maoirseacht leordhóthanach chomhsheasmhach i bhfeidhm leis na rioscaí atá ann do Ervia a aithint, a thomhas, a bhainistiú agus a thuairisciú agus le monatóireacht a dhéanamh orthu.
- a chinntiú go leantar ar aghaidh leis an maoirseacht agus go ndéantar measúnú ar phróifíl riosca Ervia, lena n-áirítear príomhrioscaí, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus le feiceáil níos mó agus níos mó, agus rioscaí a mbeadh tionchar mór acu ach is beag an seans go dtarlóidís. Áirítear leis sin cur síos ar na rioscaí seo agus ar na bearta nó na straitéisí cuí maolaithe agus an éifeacht a bhíonn leo.
- Déanann sí cultúr oiriúnach bainistíochta riosca a dhaingniú.

### Gnéithe den Timpeallacht Rialaithe

Anuas ar na príomhstruchtúir thuas, tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm agus tá na gnéithe seo a leanas inti:

- Freagracht na bainistíochta ag gach aon leibhéal as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca thar a bhfeidhmeanna gnó faoi seach.
- Creat um Rialachas Corparáideach a chuimsíonn rialú airgeadais agus measúnú riosca. Déanann an lucht bainistíochta agus na feidhmeanna Iniúchta Inmheánaigh agus Bainistíochta Riosca monatóireacht air sin.
- Struchtúr eagraíochta atá sainithe go soiléir, ina bhfuil teorainneacha sainithe údaraithe agus meicníochtaí um thuairisciú chuig leibhéil níos airde den lucht bainistíochta agus den Bhord.
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, caiteachas caipitiúil san áireamh. Teastaíonn faomhadh an Bhoird le haghaidh tionscadal mór caipitiúil, agus déanann Coiste Infheistíochta/Bonneagair dlúthmhonatóireacht orthu ar bhonn leanúnach.
- Próisis sheanbhunaithe chun nádúr, fairsinge agus tionchar airgeadais na rioscaí gnó atá ag bagairt ar an nGrúpa a aithint agus a mheasúnú, lena n-áirítear fairsinge agus catagóirí a cheapann sé a bheith inghlactha.
- I measc na bpróiseas eile chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú, déantar measúnú ar an dóchúlacht go dtarlódh rioscaí aitheanta agus ar chumas an Ghrúpa na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú trí mheán pleananna agus straitéisí lena mbaineann.
- Dealú cuí dualgas agus doiciméadú cuí nósanna imeachta agus rialuithe atá dírithe ar chalaois a chosc agus a bhrath.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus buiséad bliantúil faoi réir fhaomhadh an Bhoird.
- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais. Tugtar tuairisc ar thorthaí iarbhír míosúla carnacha de réir an bhuiséid agus déanann an Bord breithniú orthu ar bhonn míosúil. Ceistíonn an Bord difríochtaí agus tugtar faoi bheart feabhsúcháin más cuí.
- Déantar sraith chuimsitheach táscairí ar fhaisnéis bhainistíochta agus táscairí feidhmíochta a chur le chéile gach ráithe, agus ar an mbealach sin is féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaca le cuspóirí fadtéarmacha agus buiséid bhliantúla, treochtaí a mheasúnú agus gníomh a ghlacadh i gcás difríochtaí.
- Polasaithe inmheánacha a éilíonn ar na fostaithe go léir a bheith ag gníomhú go hionraic agus na caighdeáin is airde a choinneáil ó thaobh na heitice de. Ar na polasaithe sin, tá: an Cód Iompraíochta, an Polasaí Frith-Chalaoise, an Polasaí Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillitheachta, an Polasaí chun Stocaireacht a Rialú agus an Polasaí um Nochtuithe Cosanta.

Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

# Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach(ar lean.)



- Clár cuimsitheach frithchalaoise a chuimsíonn beartas frithchalaoise, oiliúint agus cumarsáid agus plean um fhreagairt do chalaois.
- Athbhreithniú córasach ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus oibriúcháin ag iniúchadh inmheánach agus bainistíocht riosca. Sna hathbhreithnithe sin, leagtar béim ar na réimsí is mó ina bhfuil riosca de réir mar a aithnítear é sin leis an measúnú riosca.
- Measúnú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh ina dtugtar faoi mheasúnú riosca leathan, ina ndéantar athbhreithniú ar oibriú agus éifeachtúlacht na bpríomhbheartas agus príomhphróiseas rialaithe, ina ndéantar tuairisciú féinmheasúnaithe maidir le rialú inmheánach agus ina ndéantar tuairisciú míosúil ar fheidhmíocht, le tacaíocht gníomhaíochtaí dearbhaithe an Riosca, an Iniúchta Inmheánaigh agus an Iniúchta Sheachtraigh.

Níor tarraingíodh aird ar aon saincheist ábhartha inár dtimpeallacht rialaithe inmheánaigh in 2021.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá creat láidir ag Ervia d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leorgacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúla atá siad, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontachta agus próisis bainistíochta riosca.

Tá an Bord sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm oiriúnach don ghnó. Cuireann an bhainistíocht shinsearach in Ervia atá freagrach as creat an rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chaomhnú eolas ar fáil ionas gur féidir le Ervia monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Cuireann an CIR leis an obair sin, a dhéanann maoirseacht ar obair fheidhmeanna Ervia maidir le Riosca agus leis an Iniúchadh Inmheánach. Úsáidtear na tráchtanna a dhéanann na an t-iniúchóir seachtrach ina litir chuig an mbainistíocht agus/nó i dtuarascálacha eile chomh maith. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí, go pras.

Deimhníonn an Bord go bhfuil an mhonatóireacht leanúnach seo a leanas ar siúl ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca:

- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar an gclár um iniúchadh inmheánach agus breithniú ar a thuarascálacha agus torthaí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairisciú rialta ón iniúchadh inmheánach maidir le stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh agus stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe sin ina dtuarascálacha féin.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ráithiúla bainistíochta riosca Choiste Bainistíochta Riosca an Ghrúpa ar rioscaí, rialuithe agus stádas feidhmithe na bpleananna gnímh.
- Athbhreithniú agus breithniú ar an tuarascáil ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa ar a éifeachtaí is atá na córais um rialú inmheánach, idir rialú airgeadais agus oibriúcháin.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ó iniúchóirí seachtracha, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheisteanna ábhartha maidir le rialú airgeadais inmheánach.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí dearbhaithe comhtháite ar dhearbhú an Aonaid Ghnó maidir leis an gcóras um rialú inmheánach.

## Caiteachas Caipitil agus Caiteachas Oibríochta

Tá córais láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm lena chinntiú, de réir mar is cuí, go gcloítear leis na prionsabail, riachtanais agus treoirlínte ábhartha sa Chód Caiteachais Phoiblí. Leanadh ar aghaidh le gníomhaíocht aistrithe le linn 2021 a bhaineann leis an gCód Caiteachais Phoiblí uasdátaithe (2019) chun go mbainfear amach comhlíonadh cheanglais bhreise an Chóid Caiteachais Phoiblí (2019).

Tugtar i bPolasaí Soláthair Ervia (PD02) na nósanna imeachta a leanfaidh an Grúpa chun tacú le riachtanais soláthair san eagraíocht. Mar gheall ar chur i bhfeidhm PD02, déantar cinnte go bhfaightear luach ar airgead i gcleachtais soláthair, go gcloítear le dlíthe AE agus na hÉireann a bhaineann leis an soláthar poiblí, go mbainistítear próisis tairisceana go cuí agus go gcaomhnaítear rialachas agus maoirseacht bainistíochta ar an bpróiseas soláthair ar fud an Ghrúpa.

I bPolasaí Ervia maidir le Caiteachas agus Faomhadh Conarthaí (PD03), leagtar amach an creat maidir le caiteachas airgeadais agus rialachas na gconarthaí, lena n-áirítear an próiseas údaraithe agus leibhéil údaráis le haghaidh caiteachas caipitil agus oibríochta in Ervia agus i ngach ceann dá fhochuideachtaí. Caithfidh gach faomhadh caiteachais agus conartha cloí leis na ceanglais i gCreatlach Rialachais Ervia agus PD03.

Tá an creat um chaiteachas airgeadais agus rialachas conarthaí ag teacht leis na critéir maidir le luach ar airgead sa Chód Caiteachais Phoiblí uasdátaithe, arna fhoilsí ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Nollag 2019.

Anuas ar cheanglais soláthair náisiúnta agus AE, ní mór don chaiteachas caipitil cloí le haon riachtanais a d'fhéadfadh an Coimisiún um Rialáil Fóntais a leagan síos, riachtanais a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an bpleanáil agus tosaíochtaí bonneagair. Úsáidtear modhanna cuí measúnaithe infheistíochta i dtaca le tionscadail chaipitil

agus cláir chaipitil ionas gur féidir cinntí a dhéanamh go héifeachtach. Úsáidtear próiseas faofa stóinsithe 5 chéim chun tionscadail Chaipitiúla a mheas agus a chur i gcrích.

Is é an bonn ar a bhfeidhmíonn an próiseas ceangaltas caipitil d'Ervia, Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann go n-iarrann gach cuideachta na ceadanna ábhartha ón Aire roimh ré do chlúdach foriomlán ceangaltas caipitil a rachaidh gach cuideachta iontu sa chéad bhliain airgeadais eile. Iarrann Líonraí Gáis Éireann toilithe ar leith ón Aire sula ndéantar aon cheangaltas i leith aon tionscadal caipitil ar leith a bhfuil costas €20m nó os a chionn ag baint leis ó thaobh an chaiteachais rialaithe de, agus €10m nó os a chionn ó thaobh an chaiteachais neamhrialaithe de. Cuirtear toilithe ón Aire faoi bhráid na máthair-roinne agus na ranna ábhartha rialtais eile atá bainteach leis an bpróiseas toilithe don iarratas sonrach. Lena chois sin, cuirtear iarratais ar fhaomhadh ón Aire faoi bhráid NewERA, a chuireann comhairle shonrach ar chúrsaí airgeadais agus tráchtála ar an Máthair-Roinn sula dtugann an tAire cead.

Cuirtear conarthaí a bhfuil a luach os cionn €3.5 milliún faoi bhráid Choiste Ceadaithe Caiteachais an Ghrúpa (EAC) lena n-athbhreithniú go sonrach agus a gceadú. Tá faomhadh ag teastáil ó Bhord Ervia agus Bord na fochuideachta ábhartha le haghaidh gach caiteachas caipitil a bhfuil luach os cionn €10m air.

Tugtar an t-eolas is déanaí don Bhord maidir le stádas tionscadal agus na cláir chaipitil de réir mar a théann siad ar aghaidh, lena n-áirítear an t-eolas is déanaí maidir leis an gcur i bhfeidhm i gcomparáid leis an bplean, na sceidil agus le cáilíocht. Cuirtear tuairisciú buiséid agus difríochta i láthair don Bhord chomh maith.

Bíonn cuspóirí ar leith ag gach tionscadal agus déantar iad a mheas i leith na gcuspóirí sin. Tá príomhtháscairí feidhmíochta mar chuid de thairiscintí agus ina dhiaidh sin conarthaí, a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas le linn thréimhse an tionscadail. Cuirtear athbhreithnithe i ndiaidh na dtionscadal agus tuarascálacha deiridh airgeadais faoi bhráid EAC, Bhoird na bhfochuideachtaí, Choiste Infheistíochta/Bonneagair Ervia agus Bhord Ervia, lena measúnú, ag brath ar luach an tionscadail nó an chláir.

Déanann cruinnithe deiridh tionscadal agus athbhreithnithe tionscadail bhliantúla éascaíocht ar chur chuige 'ceachtanna a foghlaimíodh'. Déantar measúnú agus rianú ar na ceachtanna sin agus cuirtear iad i bhfeidhm maidir le tionscadail atá ann, agus a bheidh ann, ar fud na heagraíochta mar is iomchuí...

## An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Níl aon ábhar imní suntasach léirithe ag Oifigeach um Chosaint Sonraí Ghrúpa Ervia maidir le neamhchomhlíonadh i ndáil le riachtanais reachtacha faoin RGCS.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhníonn an Bord go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais, lena n-áirítear rialú airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontachta agus córais bainistíochta riosca le haghaidh 2021 agus go ndéanfaidh sé athbhreithniú den chineál céanna in 2022. Rinne an CIR athbhreithniú mionsonraithe.

## Tuairisciú ar Rialú Inmheánach

Tá bainistíocht á déanamh fós ag Uisce Éireann ar líon mór sócmhainní le bonneagar atá ag dul in aois agus a dteastaíonn infheistíocht mhór uaidh. Le linn 2021, lean Uisce Éireann leis na córais, na próisis agus na nósanna imeachta atá riachtanach chun rialuithe airgeadais inmheánaigh daingne a chinntiú trí pholasaithe agus creat rialaithe inmheánaigh Ervia a chur i bhfeidhm

Oibríonn Uisce Éireann lena chomhpháirtithe Údaráis Áitiúil faoi na Comhaontuithe Seirbhíse atá ann cheana chun seirbhísí uisce a sholáthar. Mar sin de, mar chuid dá chreat rialaithe i 2021, ní mór a thabhairt faoi deara gur lean Uisce Éireann de bheith ag brath ar rialuithe áirithe arna n-oibriú ag na hÚdaráis Áitiúla thar a cheann. Tá na rialuithe agus na próisis agus nósanna imeachta gaolmhara ag teacht chun cinn agus ag forbairt i gcónaí.

Leanadh le pleananna chun seirbhísí uisce poiblí a aistriú chuig fóntas poiblí singil a dhul chun cinn ar feadh 2021. I rith na bliana, fanadh i dteagmháil, tríd an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, le roinnt páirtithe, lenar áiríodh Uisce Éireann, lucht bainistíochta na nÚdarás Áitiúil, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ceardchumainn éagsúla a dhéanann ionadaíocht ar bhaill foirne Sheirbhísí Uisce na nÚdarás Áitiúil. In 2022 beidh an fócas ar chomhaontú claochlaithe a idirbheartú, lena n-éascófar spriocanna sin na fáistine Uisce Éireann leis na seirbhísí uisce poiblí a bhainistiú agus a rialú ó 2023 amach, agus na gníomhaíochtaí claochlaithe is gá ina dhiaidh sin.

# Conclúid



## Gnóthas Leantach

Ullmhaítear ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh fad is a bhíonn an Bord, tar éis dó na fiosrúcháin chuí a dhéanamh, sásta go bhfuil na hacmhainní cuí ag Ervia leanúint ar aghaidh i bhfeidhm go ceann tamall fada. Tugtar tuilleadh mionsonraí faoin measúnú gnóthais leantaigh sin agus faoi leachtacht an Ghrúpa i nótaí 1(a) agus 23(ii) faoi seach de na Ráitis Airgeadais seo.

## Bainistíocht Riosca

Rinne an Bord measúnú forleathan ar na príomhrioscaí a bheadh ann don eagraíocht i rith 2021. Leagtar amach na rioscaí agus na rialuithe maolaithe nó gníomhaíochtaí seo ar leathanaigh 27-31.

## Caidreamh leis an Scairshealbhóir

Tá Ervia ag feidhmiú go neamhspleách óna Mháthair-Roinn (an Roinn Tithíochta, Pleanála, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta). Bíonn Energia gníomhach i mbun comhairliúcháin ar bhonn leanúnach in éineacht lena Mháthair-Roinn de réir mar a éilítear sa reachtaíocht agus sa Chód.

## Leasanna Chomhaltaí an Bhoird

Ní raibh aon leas ag na Comhaltaí Boird in Ervia ná a chuid fochuideachtaí i rith na bliana. Tá an Bord sásta go bhfuil a chuid comhaltaí saor ó aon chaidrimh ghnó nó eile a d’fhéadfadh go mbeadh tionchar ábhartha acu, nó a d’fhéadfadh go mba chosúil go mbeadh tionchar ábhartha acu, ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách.

Féadfaidh comhaltaí Boird stiúrthóireachtaí nó poist feidhmiúcháin a bheith acu nó spéis a bheith acu i gcuideachtaí tríú páirtí, lena n-áirítear bainc agus institiúidí airgeadais, ar féidir go ndéanfadh cuid acu sin (nó a bhfochuideachtaí), mar chuid de ghnáthchúrsaí gnó, idirbhearta le Ervia ar bhonn neamhspleách. Déanann na comhaltaí Boird go léir aon leas a nochtadh agus déanann siad iad féin a scaoileadh ó phlé agus cinntí Boird sa chás go mbíonn siad faoi choimhlint nó go mbíonn leas díreach nó indíreach de réir an Chóid acu. I gcásanna mar sin, coimeádtar taifead ar leithligh (nach bhfuil rochtain ag an gComhalta Boird) air.

## Measúnú Feidhmiúcháin

Faomhann an Bord buiséad bliantúil a thacaíonn leis na pleananna corparáideacha. Déantar measúnú bliantúil ar fheidhmiú iarbhír i gcomparáid leis an bplean agus buiséad. Tugtar breithniúchán cuimsitheach sna hAthbhreithniúcháin Airgeadais agus Oibriúcháin ar leathanaigh 33 agus 39.

## Taifid Chuntasaíochta

Creideann na comhaltaí Boird gur chuir siad córais agus acmhainní cuí ar fáil, lena n-áirítear pearsanra oiriúnach cáilithe cuntasaíochta a cheapadh ag a bhfuil taithí oiriúnach, chun cuntais chuí chuntasaíochta a choinneáil ar fud na heagraíochta d'fhonn oibleagáid Ervia a chomhlíonadh. Tá leabhair cuntais Ervia á gcoinneáil ag Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh.

## Iniúchóir Seachtrach

Nuair a fuarthas toiliú ón Aire, ceapadh Deloitte Ireland CDT ar dtús in 2014 mar iniúchóirí do Ghrúpa Ervia. Fuarthas toiliú ón Aire ar an 25 Márta 2019 chun Deloitte Ireland CDT a cheapadh mar iniúchóir seachtrach do Ghrúpa Ervia do na blianta 2019, 2020 agus 2021, i ndiaidh próiseas tairisceana a chur i gcrích. Fuarthas toiliú ón Aire ar an 24 Samhain 2021 chun ceapachán Deloitte Ireland CDT mar iniúchóir seachtrach do Ghrúpa Ervia a fhadú do na blianta 2022 agus 2023

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

**Tony Keohane**
Cathaoirleach

**Keith Harris**
Comhalta den Bhord

Dáta: 29 Márta 2022

# Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca



**Keith Harris**
*Cathaoirleach an Choiste*

## Mar chathaoirleach ar Choiste Iniúchta agus Riosca Ervia, tá áthas orm tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 a chur faoi bhur mbráid.

De réir an struchtúir boird aonadaigh atá i bhfeidhm in Ervia, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ("an Coiste") bunaithe ag leibhéal Ghrúpa Ervia agus feidhmíonn sé ar son Ervia agus a fhochuideachtaí ("an Grúpa"). Tugann an tuarascáil seo léargas ar obair an Choiste le 12 mhí anuas agus tugann sí eolas ar an mbealach ar chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí faoina Théarmaí Tagartha agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód").

Tá go leor ama caite ag an gCoiste le linn na bliana ar a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh agus bhí cruinnithe againn le chéile go cianda i rith phaindéim COVID-19. Bhí an Coiste i dteagmháil ar bhonn rialta leis an mbainistíocht shinsearach, le lucht na hiniúchóireachta inmheánaí, le lucht na bainistíochta riosca agus le hiniúchóir reachtúil an Ghrúpa. Anuas air sin, thug an Coiste faoi chlár iomlán athbhreithnithe ina chruinnithe i rith na bliana lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Agus a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta á chomhlíonadh aige, bíonn cruinnithe ar leith ar bhonn rialta ag Cathaoirleach an Choiste leis an ardbhainistíocht, le lucht na hiniúchóireachta inmheánaí, le lucht na bainistíochta riosca agus le hiniúchóir reachtúil an Ghrúpa.

### Ról agus freagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste ná tacú le Ervia i ndáil lena fhreagrachtaí i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Tuairisciú airgeadais
- Bainistíocht riosca
- Rialuithe Inmheánacha
- Iniúchadh inmheánach
- Iniúchadh seachtrach

Gníomhaíochtaí gaolmhara eile, lena n-áirítear polasaithe agus nósanna imeachta maidir le nochtadh cosanta, frithchalaois agus frithbhreabaireacht agus frithéilliú.

Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste le Bord Ervia maidir le hábhair a phléitear ag gach cruinniú Coiste, agus faigheann an Bord miontuairiscí an Choiste ar fad. Leagtar amach go mion i dTéarmaí Tagartha an Choiste róil agus freagrachtaí an Choiste agus tá fáil orthu ar shuíomh gréasáin Ervia (www.ervia.ie). Déantar athbhreithniú orthu gach bliain.

### Comhaltaí

Tá ceathrar Comhaltaí neamhspleácha Neamhfheidhmiúcháin de chuid Bhord Ervia ar an gCoiste. Is é Bord Ervia, i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste, a dhéanann Comhaltaí an Choiste a cheapadh. Féach Tuarascáil an Bhoird ar leathanach 73 do shonraí maidir le ballraíocht agus le tinreamh ag cruinnithe. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta an Ghrúpa.

Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ar lean)



## Tuairisciú Airgeadais

Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar iomláine phróiseas ullmhúcháin Ráiteas Airgeadais an Ghrúpa agus as athbhreithniú a dhéanamh ar na breithiúnais tuairiscithe airgeadais atá iontu, thar ceann Bhord Ervia. Ullmhaíonn foireann airgeadais a bhfuil na cáilíochtaí agus an saineolas cuí aici na Ráitis Airgeadais thar ceann an Bhoird.

Le linn na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú ar na Dréachtráitis Airgeadais sular mhol siad go ndéanfadh an Bord iad a fhaomhadh. Chomh maith leis sin, rinne an Coiste athbhreithniú ar ráitis airgeadais Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann sular fhaomh an fobhord ábhartha iad. Rinne an Coiste oiriúnacht na mbeartas agus na gcaighdeán suntasach cuntasaíochta, na meastachán agus na mbreithiúnas a úsáideadh agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, mar aon le soiléireacht agus críochnúlacht na nochtuithe sa Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a mheas. Rinne an Coiste plé ar na nithe sin leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Airgeadais agus iniúchóir seachtrach.

## Bainistíocht Riosca

Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Ghrúpa, ar fhorbairtí ó thaobh príomhrioscaí de agus ar sholáthar na próifíle riosca sprice, thar ceann Bhord Ervia, a chuireann ar a chumas do Bhord Ervia a dheimhniú gach bliain go bhfuil measúnú déanta aige ar phríomhrioscaí an Ghrúpa.

Le linn na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú, i gcomhpháirt leis an mbainistíocht shinsearach, ar phróifíl riosca an Ghrúpa, a bheartais um bainistiú riosca, a neamhchosaintí ar rioscaí a mbeadh tionchar mór acu ach ar beag an seans go dtarlóidís, agus a inghlacthacht riosca is a spriocphróifíl, agus rinneadh seo chun go bhfaomhfadh Bord Ervia é. Rinne an Coiste athbhreithniú ar chuir i láthair ar shampla de rioscaí príomha, agus rinne plé leis an mbainistíocht shinsearach ar na rialuithe inmheánach ábhartha atá ann cheana leis na rioscaí sin a laghdú.

## Rialuithe Inmheánacha

Tá an Coiste freagrach, thar ceann Bhord Ervia, as athbhreithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí agus a iomláine agus atá córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa, agus as athbhreithniú a dhéanamh le fáil amach ar cuireadh an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm go héifeachtach le linn na tréimhse tuairiscithe agus an dtugann an córas sin réamhrabhadh cuí maidir le haon chlistí agus rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Tá Ervia freagrach faoin gCód as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh ann i rith an ama agus go gcuirfear i bhfeidhm é. Déanann Ervia an fhreagracht seo a bhainistiú ar fud an ghnó tríd an ardbhainistíocht agus "an Fóram Dearbhaithe Comhtháite", ar grúpa bainistíochta é sin a bhailíonn fianaise ó na gníomhaíochtaí éagsúla rialaithe a dhéantar sa Ghrúpa d'fhonn íomhá chuimsitheach a chruthú de rialú agus riosca inmheánach. Bíonn an Fóram Dearbhaithe Comhtháite ag tuairisciú do Phríomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa. Tugann an Fóram tuiscint níos fearr ar na gníomhaíochtaí dearbhaithe atá i bhfeidhm agus déanann sé moltaí maidir le feabhas a chur orthu, le riosca a mhaolú agus maoirseacht rialachais a uasmhéadú agus chomh maith leis sin mar chuidiú chun aon bhearnaí sa dearbhú a aithint agus a réiteach.

Lean an Coiste de bheith monatóireacht a dhéanamh ar na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith sa timpeallacht rialaithe mar a lean leis an eagraíocht obair go cianda mar fhreagairt ar an bpaindéim COVID-19.

## Iniúchadh Inmheánach

Tá an Coiste, thar ceann an Bhoird, freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht agus scóip na feidhme iniúchta inmheánaigh, lena n-áirítear a phleananna, gníomhaíochtaí agus acmhainní d'fhonn a chinntiú gur féidir leis athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh ar oibriúchán rialuithe an Ghrúpa maidir le rioscaí suntasacha laistigh den Ghrúpa.

Le linn 2021, rinne an Coiste athbhreithniú ar na pleananna agus ar an obair a rinne Iniúchadh Inmheánach le linn na bliana agus ar na bearta a theastaíonn ón lucht bainistíochta dá bharr. Chuir Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí an Coiste ar an eolas go minic maidir le torthaí athbhreithnithe na hiniúchóireachta inmheánaí. Chomh maith leis sin, chíor an Coiste dul chun cinn na bainistíochta maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna ábhartha, lena n-áirítear nádúr, réim agus tráthúlacht a cuid freagraí. Rinne an Coiste athbhreithniú ar phlean bliantúil bunaithe ar riosca um iniúchadh inmheánach do 2022 agus ghlac sé leis, plean a chuimsíonn na hacmhainní a theastaíonn, agus rinne sé measúnú ar fhócas an iniúchta inmheánaigh a ailíniú leis na réimsí is mó riosca a bhfuil an Grúpa ag tabhairt aghaidhe orthu.

Le linn 2021 lean Grúpa Ervia ar aghaidh leis an luach ionracais a chur chun cinn agus béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le hiompar eiticiúil ar fud na heagraíochta tríd an bhfeachtas 'An rud is fearr a dhéanamh' a chur i bhfeidhm.

Is éard atá san fheachtas roinnt tionscnamh, lena n-áirítear nuashonruithe ar shraith beartas corparáideach a bhaineann le heitic, treoirleabhráin a dháileadh ar fhostaithe agus comhráite ráithiúla sláine a dhíríonn ar ábhair a bhaineann le sláine na huaire.

## Iniúchadh Seachtrach

Is é an Coiste atá freagrach, thar ceann Bhord Ervia, as monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas iniúchta sheachtraigh. Rinne an Coiste monatóireacht ar iomláine ráitis airgeadais an Ghrúpa agus rinne sé athbhreithniú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta agus ar na saincheisteanna tuairiscithe airgeadais iontu, agus aird á tabhairt ar ábhair a chuireann an t-iniúchóir seachtrach in iúl dó. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar phleananna, tuairiscí agus torthaí an iniúchóra sheachtraigh maidir leis an iniúchadh, agus phléigh sé iad leis an iniúchóir. Rinne an Coiste athbhreithniú ar litir an iniúchóra sheachtraigh chuig an lucht bainistíochta tar éis an iniúchta agus ar na freagraí a thug an lucht bainistíochta.

Tá an Coiste freagrach freisin, thar ceann Bhord Ervia, as na tairiscintí iniúchóireachta a thionscnamh agus as an bpróiseas roghnúcháin don iniúchóir seachtrach agus ansin as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus íocaíocht an iniúchóra sheachtraigh. Déanann an Coiste bearta cuí chun a chinntiú go gcoimeádtar caidreamh oibiachtúil gairmiúil leis an iniúchóir seachtrach.

Le linn na bliana, rinne an Coiste measúnú ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an iniúchóra, agus mar chuid de sin rinneadh athbhreithniú ar:

- Nádúr agus fairsinge na seirbhísí a sholáthraítear, agus na táillí a thuilltear, as obair iniúchóireachta agus obair neamh-iniúchóireachta dhéanann an t-iniúchóir seachtrach.
- Beartas an Ghrúpa a rialaíonn soláthar sheirbhísí neamh-iniúchóireachta don Ghrúpa a chomhlíonadh trína bhfuil rialacha agus teorannacha soiléire i bhfeidhm, a cheadaíonn seirbhísí neamh-iniúchóireachta nach bhfuil aon choimhlint leasa ag baint leo.
- Dearbhuithe soláthartha ag an iniúchóir seachtrach maidir leis sin.

Leagtar amach táillí seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad i Nóta 4 de na Ráitis Airgeadais. Níor tharla sé gur fostaíodh an t-iniúchóir chun seirbhísí a chur ar fáil a measadh go dtiocfadh coimhlint leasa dá mbarr i rith na bliana. Rinne an Coiste monatóireacht freisin ar chomhlíonadh an iniúchóra sheachtraigh leis an treoir ábhartha rialála, eitice agus ghairmiúil. Tá an Coiste sásta go bhfuil Deloitte Ireland LLP idir neamhspleách agus oibiachtúil.

Déantar éifeachtacht an iniúchóra sheachtraigh a athbhreithniú gach bliain. Dírítear sa mheasúnú ar réimsí amhail chomh stóinseach agus atá an próiseas iniúchóireachta, an fhoireann iniúchóireachta, cumarsáid agus rialachas. Bhí an t-athbhreithniú sásúil ar an iomlán. Le linn na bliana, bhuail na hiniúchóirí seachtracha go príobháideach leis an gCoiste gan aon chomhaltaí bainistíochta i láthair.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí (PIE) í fochuideachta de chuid Ervia, Líonraí Gáis Éireann, toisc go bhfuil fiach atá liostáilte ar mhargadh rialáilte aici. Mar thoradh air seo, ní fhéadfadh a iniúchóir ach na seirbhísí sin nach seirbhísí iniúchta a chur ar fáil a cheadaítear d'Eintitis Leasa Phoiblí i gcomhréir le Treoir AE (2006/43/EC arna leasú le Treoir 2014/56 AE). Déantar monatóireacht ar chomhlíonadh na rialach sin le linn na bliana. Cloíonn an Coiste go beacht leis an teorainn táille 70% do sheirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad a leagtar síos in Alt 4 de Rialachán (AE) Uimhir 537/2014.

## Éifeachtacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Déanann an Coiste athbhreithniú bliantúil ar a éifeachtacht féin. Rinneadh an t-athbhreithniú go hinmheánach trí cheistneoirí féinmheasúnaithe do 2021 a chríochnú agus bhí an t-athbhreithniú go hiomlán sásúil.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí Mari Hurley, iar-bhall den Choiste a d'éirigh as an mBord agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2021.

Thar ceann an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:



**Keith Harris**
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

29 Márta 2022

# Ráitis Airgeadais

| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ervia | **86** |
| Ráiteas faoi Ioncam an Ghrúpa | **89** |
| Ráiteas an Ghrúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile | **90** |
| Clár Comhardaithe an Ghrúpa | **91** |
| Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe sa chaipiteal gnáthscaireanna | **92** |
| Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid | **93** |
| Nótaí le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa | **94** |
| Ráiteas Ioncaim na Máthairchuideachta | **142** |
| Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Ioncam Cuimsitheach Eile | **143** |
| Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta | **144** |
| Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Athruithe sa Chothromas | **145** |
| Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Shreafaí Airgid | **146** |
| Nótaí le Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta | **147** |

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ervia



## Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

### Tuairim ar ráitis airgeadais Ervia

Dar linne, tugann ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta:

- léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta ar an 31 Nollaig 2021, agus ar bhrabús an ghrúpa agus na Máthairchuideachta don bhliain airgeadais dar críoch an dáta sin; agus
- rinneadh iad a ullmhú go cuí de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheangaltais na nAchtanna Gáis 1976 go 2009.

Is éard atá sna ráitis airgeadais ná:

ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Ráiteas faoi Ioncam Grúpa;
- Ráiteas Grúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile;
- Clár Comhardaithe an Ghrúpa;
- ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe ar Ghnáthscaireanna;
- Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 1 go dtí 28, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

ráitis airgeadais na Máthairchuideachta:

- Ráiteas Ioncaim na Máthairchuideachta;
- Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Ioncam Cuimsitheach Eile;
- Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta;
- Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Athruithe sa Chothromas;
- Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 29 go 29R, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1 de nótaí an Ghrúpa.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm mar ullmhúchán do ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta ná na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha").

### Bunús le tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) (ISAnna (Éire)) agus an dlí infheidhme. Déantar cur síos thíos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa mhír "Freagrachtaí an Iniúchóra maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais" den tuarascáil seo.

Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an Máthairchuideachta de réir na gceanglas eiticiúil a mbaineann leis an iniúchadh a dhéanaimid ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil a d'eisigh Údarás Maoirseachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla comhlíonta againn de réir na gceanglas sin. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuaireamar leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Táimid tagtha ar an gconclúid, agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, gur cuí an úsáid atá bainte ag an mBord as prionsabal cuntasaíochta an leanúnachais in ullmhúchán na ráiteas airgeadais.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, nílimid i ndiaidh aon ábhar éiginnteachta ábharaí a aithint a bhaineann le himeachtaí ná tosca, ar leithligh nó i dteannta a chéile, a chaithfeadh amhras suntasach ar chumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach go ceann tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón tráth a dtugtar údarú na ráitis airgeadais a eisiúint.

Tugtar ár bhfreagrachtaí agus freagrachtaí an Bhoird maidir leis an ngnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

### Eolas eile

Is éard atá san fhaisnéis eile ná faisnéis a áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais, diomaite de na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra ina dtaobh. Tá an Bord freagrach as an bhfaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais. Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus ní chuirimid in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe uirthi, ach amháin má luaitear a mhalairt go soiléir inár dtuarascáil.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, dá bharr sin, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir ábharach leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas san iniúchóireacht nó an ndearnadh an fhaisnéis a thuairisciú go míchruinn go hábharach ar aon bhealach eile. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha nó tuairisciú míchruinn ábharach mar sin, tá sé de cheanglas orainn a dheimhniú an ndearnadh an fhaisnéis a thuairisciú go míchruinn go hábharach nó an ndearnadh an fhaisnéis eile a thuairisciú go míchruinn. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go gcinnimid gur tugadh míráiteas ábhartha den fhaisnéis eile sin, caithfimid é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ervia (ar lean.)



## Freagrachtaí an Bhoird

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine sna Ráitis maidir le Freagrachtaí an Bhoird, tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugtar léargas cothrom fíor iontu. Tá an Bord freagrach as rialú inmheánach chomh fada agus a chinnfidh sé gá a bheith leis ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábharach, bíodh sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, tá an Bord freagrach as meastachán a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar gnóthas leantach, ag nochtadh, más infheidhme sin, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus úsáid a bhaint as prionsabal cuntasaíochta an leanúnachais mura bhfuil sé i gceist aige an Grúpa agus an Mháthairchuideachta a leachtú nó deireadh a chur lena n-oibriúcháin, nó mura bhfuil aon dara rogha réasúnta ann ach é sin a dhéanamh.

## Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais

Is í an aidhm atá againn ná ráthaíocht réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu an calaois nó earráid is cúis leis, agus tuairisc iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim ag gabháil léi. Leibhéal ard dearbhaithe atá sa dearbhú réasúnta, ach ní deimhniú é i gcónaí go n-aimseoidh iniúchóireacht a dhéantar i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) míráiteas ábharach nuair is ann do cheann. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar gur míráitis ábharacha iad más féidir a bheith ag súil leo go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchóireacht i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éireann), úsáidimid breithiúnas gairmiúil agus coimeádaimid sceipteachas gairmiúil i rith na hiniúchóireachta. Agus:

- Na rioscaí a aithint agus a mheas maidir le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaois nó earráid, nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na rioscaí sin, agus fianaise iniúchóireachta a fháil ar leor agus ar cuí í chun bonn a chur faoinár dtuairim. Maidir leis an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha de thoradh calaoise, is airde é ná an riosca i gcás míráiteas ábhartha de thoradh earráide, mar i gcás calaoise d'fhéadfadh go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, bréagléiriú, nó sárú an rialaithe inmheánaigh i gceist.
- Tuiscint ar an rialú inmheánach a fháil atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca; ach ní ar mhaithe le tuairim a thabhairt maidir le héifeachtúlacht rialú inmheánach an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta.
- Déanaimid oiriúnacht na bpolasaí cuntasaíochta agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtadh an Bhoird atá bainteach leo sin a mheas.

Cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht úsáid an Bhoird de phrionsabal cuntasaíochta an leanúnachais agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, a chinneadh cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist a baineann le himeachtaí nó coinníollacha agus a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnimid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé de dhualgas orainn inár dtuairisc iniúchóra aird a tharraingt ar na nochtuithe sna ráitis airgeadais nó, má bhíonn na nochtuithe sin easnamhach, ár dtuairim a choigeartú. Tá ár gcinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta thuairisc an iniúchóra. É sin ráite, d'fhéadfadh teagmhais nó coinníollacha a tharlaíonn sa todhchaí cosc a chur ar an eintiteas (nó, más iomchuí, an Grúpa) feidhmiú mar ghnóthas leantach.

- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, na nochtuithe san áireamh, a mheasúnú agus measúnú a dhéanamh an bhfreagraíonn na ráitis airgeadais do na bun-idirbhearta agus na bunteagmhais ar bhealach fírinneach cóir
- Fianaise leordhóthanach chuí iniúchóireachta a fháil ó thaobh na faisnéise airgeadais de a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó laistigh den Ghrúpa le bheith in ann tuairim a thabhairt faoi na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Tá iniúchóir an Ghrúpa freagrach as treorú, maoirseacht agus feidhmíocht iniúchóireacht an Ghrúpa. Is é iniúchóir an Ghrúpa amháin atá freagrach as an tuairim iniúchóireachta.

Téimid i dteagmháil leis na daoine atá freagrach as rialachas maidir leis na nithe seo a leanas, i measc rudaí eile: raon feidhme agus am na hiniúchóireachta agus torthaí suntasacha na iniúchóireachta, lena n-áirítear easpaí suntasacha sa rialú inmheánach a aithníonn an t-iniúchóir le linn na hiniúchóireachta.

## Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

### Nithe ar gá dúinn iad a thuairisciú

Bunaithe ar an obair ar tugadh fúithi le linn na hiniúchóireachta, agus uirthi sin amháin, tugaimid tuairisc:

- Go bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha na hiniúchóireachta.
- Dar linn, ba leor taifid chuntasaíochta na Máthairchuideachta chun iniúchóireacht a dhéanamh go réidh agus mar is ceart ar na ráitis airgeadais.
- Tá ráitis airgeadais na Máthairchuideachta ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Dar linn, tá an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil an Bhoird ag teacht leis na ráitis airgeadais.

### Ábhair a bhfuil sé de dhualgas orainn iad a thuairisciú mar eisceacht

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (an “Cód Cleachtais”), éilítear orainn a thuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas sin maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais, mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach i dTuarascáil an Bhoird, go bhfuil an Grúpa ag cloí le mír 1.9(iv) den Chód Cleachtais nó nach bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá againn mar thoradh ar an obair iniúchóireachta atá déanta againn ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

### Ár dtuarascáil a úsáid

Is do chomhaltaí Ervia amháin, mar chomhlacht, a dhéantar an tuarascáil seo, i gcomhréir le hAlt 15 den Acht Gáis 1976. Déanaimid ár n-obair iniúchta ionas gur féidir linn na hábhair sin a lua do chomhaltaí na Máthairchuideachta a bhfuil mar dhualgas againn iad a lua i dtuairisc iniúchóra agus chun na críocha sin amháin. Sna téarmaí is leithne agus is féidir a cheadaítear le dlí, ní dhéanaimid freagracht a admháil ná a ghlacadh d'aon ghrúpa seachas Ervia agus a chomhaltaí mar chomhlacht, as an obair iniúchta, as an tuairisc seo, ná as aon cheann de na tuairimí a tháinig muid orthu.

**Honor Moore**

Thar ceann Deloitte Ireland CDT
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil
6 Cé an Lapaigh
Corcaigh

Dáta: 30 Márta 2022

Nótaí: Ní thugann iniúchadh deimhniú maidir le cothabháil agus ionracas an tsuímh gréasáin, lena n-áirítear na rialuithe a úsáidtear leis sin a bhaint amach, agus go háirithe, maidir lena ndearnadh athruithe ar na ráitis airgeadais ón am a foilsíodh ar dtús iad. Is faoi fhreagracht na mBord atá na hábhair sin ach ní féidir le haon nós imeachta rialaithe deimhniú iomlán a thabhairt sa réimse sin.

Tá an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhúchán agus scaipeadh ráiteas airgeadais éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

# Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa
## le haghaidh na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí leanúnacha** | | | |
| Ioncam | 3 | **476,197** | 447,277 |
| Glanchostais oibriúcháin (dímheas agus amúchadh as an áireamh) | 4 | **(238,295)** | (189,323) |
| **Brabús oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (EBITDA)** | | **237,902** | 257,954 |
| Dímheas agus amúchadh | 6 | **(140,811)** | (135,317) |
| **Brabús oibriúcháin** | | **97,091** | 122,637 |
| Ioncam airgeadais | 7 | **667** | 2,782 |
| Costais airgeadais | 7 | **(16,233)** | (21,531) |
| Glanchostais airgeadais | 7 | **(15,566)** | (18,749) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | | **81,525** | 103,888 |
| Cáin ioncaim | 8 | **(16,624)** | (15,990) |
| **Brabús don bhliain** | | **64,901** | 87,898 |
| **Brabús inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | **64,901** | 87,898 |
| **Brabús don bhliain** | | **64,901** | 87,898 |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| | | |
|---|---|---|
| **Tony Keohane** | **Keith Harris** | 29 Márta 2022 |
| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | Dáta Faofa |


Nóta: Mar a mhínítear i nóta 26, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# Clár Comhardaithe an Ghrúpa

## amhail ar an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 31-Noll-21 €'000 | 31-Noll-20 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 9 | **2,470,170** | 2,468,875 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 11 | **29,089** | 27,405 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **378** | - |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **2,499,637** | 2,496,280 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Trádáil agus Infháltais Eile | 12 | **97,351** | 83,280 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 13 | **87,297** | 122,887 |
| Taiscí srianta | 14 | **46,348** | 17,603 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **896** | 4,518 |
| Sócmhainní cánach reatha | 8 | **249** | - |
| Fardail | 16 | **463** | 3,016 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **232,604** | 231,304 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **2,732,241** | 2,727,584 |
| **Gnáthscaireanna agus dliteanais** | | | |
| **Gnáthscaireanna** | | | |
| Tuilleamh coinnithe | | **(1,063,053)** | (963,783) |
| Cúlchiste aistrithe | | **(3,650)** | (657) |
| Cúlchiste fálaithe sreafa airgid | | **-** | 1,199 |
| **Gnáthscaireanna iomlána** | | **(1,066,703)** | (963,241) |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 17 | **(1,034,241)** | (1,035,075) |
| Oibleagáidí leasa scoir | 18 | **(108,804)** | (182,534) |
| Ioncam iarchurtha | 19 | **(47,469)** | (16,927) |
| Deontais | 20 | **(64,883)** | (69,857) |
| Soláthairtí | 21 | **(6,198)** | (3,391) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | 22 | **(15,751)** | (15,709) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **(189)** | - |
| Dliteanais iarchurtha chánach | 8 | **(190,215)** | (179,846) |
| **Dliteanais neamhreatha ar an iomlán** | | **(1,467,750)** | (1,503,339) |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 17 | **(1,188)** | (115,777) |
| Ioncam iarchurtha | 19 | **(12,937)** | (8,682) |
| Deontais | 20 | **(6,638)** | (6,613) |
| Soláthairtí | 21 | **(1,613)** | (4,758) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | 22 | **(174,988)** | (122,191) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **(424)** | (277) |
| Dliteanais chánach reatha | 8 | **-** | (2,706) |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **(197,788)** | (261,004) |
| **Dliteanais iomlána** | | **(1,665,538)** | (1,764,343) |
| **Caipiteal gnáthscaireanna agus dliteanais ar an iomlán** | | **(2,732,241)** | (2,727,584) |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:





| **Tony Keohane** | **Keith Harris** | 29 Márta 2022 |
|---|---|---|
| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | Dáta Faofa |

Nóta: Mar a mhínítear i nóta 26, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# Ráiteas an Ghrúpa maidir le hIoncam Cuimsitheach Eile
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain** | | **64,901** | 87,898 |
| | | | |
| **Ioncam Cuimsitheach eile** | | | |
| **Míreanna nach ndéanfar a athaicmiú mar bhrabús ná caillteanas:** | | | |
| Plean sochair sainithe gnóthacháin/(caillteanais) | 18 | **83,162** | (34,670) |
| Atomhas sócmhainní pinsin eile | 18 | **46** | 9,047 |
| Costas cánach iarchurtha maidir le hoibleagáidí sochair sainithe | 8 | **(10,401)** | 3,203 |
| **Iomlán na míreanna nach ndéanfar a athaicmiú mar bhrabús ná caillteanas** | | **72,807** | (22,420) |
| | | | |
| **Míreanna a d'fhéadfadh a athaicmiú mar bhrabús nó caillteanas:** | | | |
| Difríochtaí aistrithe nuair a dhéantar fochuideachtaí eachtracha a chomhdhlúthú | | **2,993** | (2,464) |
| (Caillteanais) / gnóthachain chóirluacha ar fhálta sreabhadh airgid | | **1,370** | (795) |
| Cáin iarchurtha ar ghluaiseacht fálaithe sreafa airgid | 8 | **(171)** | 99 |
| **Iomlán na nithe ar féidir iad a athaicmiú níos déanaí mar bhrabús nó caillteanas** | | **4,192** | (3,160) |
| | | | |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh eile don bhliain** | | **76,999** | (25,580) |
| | | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **141,900** | 62,318 |
| | | | |
| **Ioncam Cuimsitheach iomlán curtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | **141,900** | 62,318 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **141,900** | 62,318 |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| | | |
|---|---|---|
| **Tony Keohane** | **Keith Harris** | 29 Márta 2022 |
| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | Dáta Faofa |

Nóta: Mar a mhínítear i nóta 26, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe sa Chothromas

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

| | | Tuilleamh coinnithe €'000 | Cúlchiste aistrithe €'000 | Cúlchiste fálaithe sreafa airgid €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2020** | | (969,263) | (3,121) | 503 | (971,881) |
| | | | | | |
| Brabús don bhliain | | (87,898) | - | - | (87,898) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | 22,420 | 2,464 | 696 | 25,580 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | (65,478) | 2,464 | 696 | (62,318) |
| | | | | | |
| Díbhinní | 25 | 70,958 | - | - | 70,958 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | | (963,783) | (657) | 1,199 | (963,241) |
| | | | | | |
| Brabús don bhliain | | **(64,901)** | **-** | **-** | **(64,901)** |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | **(72,807)** | **(2,993)** | **(1,199)** | **(76,999)** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **(137,708)** | **(2,993)** | **(1,199)** | **(141,900)** |
| | | | | | |
| Díbhinní | 25 | **38,438** | **-** | **-** | **38,438** |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | | **(1,063,053)** | **(3,650)** | **-** | **(1,066,703)** |

Gach ní inchurtha i leith úinéirí na Máthairchuideachta.

Nóta: Mar a mhínítear i nóta 26, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# Ráiteas an Ghrúpa maidir le Sreafaí Airgid
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 15 | **248,654** | 240,439 |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí as réadmhaoin, gléasra agus trealamh | | **(124,637)** | (105,333) |
| Íocaíochtaí as sócmhainní doláimhsithe | | **(10,367)** | (10,468) |
| Deontais faighte | 20 | **1,327** | 7,998 |
| Fáltas a bhaineann le díol na Roinne fuinnimh | 7 | **-** | 375 |
| **Airgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(133,677)** | (107,428) |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Fáltais ó iasachtaí | | **40,000** | - |
| Aisíocaíocht iasachtaí | | **(151,200)** | (42,692) |
| Aisíocaíocht dliteanas léasa | 10 | **(1,200)** | (1,140) |
| Díbhinní íoctha | 25 | **(38,438)** | (70,958) |
| **Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | **(150,838)** | (114,790) |
| | | | |
| **(Laghdú) / méadú glan ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | 13 | **(35,861)** | 18,221 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 1 Eanáir | 13 | **122,887** | 105,086 |
| Éifeacht luaineachtaí sa ráta malairte ar airgead tirim atá á choinneáil | 13 | **271** | (420) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 31 Nollaig** | 13 | **87,297** | 122,887 |

Nóta: Mar a mhínítear i nóta 26, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# Nótaí le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa


| | |
|---|---|
| 1 | Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta |
| 2 | Faisnéis Rannóige |
| 3 | Ioncam |
| 4 | Glanchostais oibriúcháin (dímheas agus amúchadh as an áireamh) |
| 5 | Sochair Fostaithe |
| 6 | Dímheas agus Amúchadh |
| 7 | Glanchostais Airgeadais |
| 8 | Cáin |
| 9 | Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh |
| 10 | Sócmhainní agus Dliteanais Léasa |
| 11 | Sócmhainní doláimhsithe |
| 12 | Trádáil agus Infháltais agus eile |
| 13 | Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim |
| 14 | Taiscí Srianta |
| 15 | Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí |
| 16 | Fardal |
| 17 | Iasachtaí agus Fiachas Eile |
| 18 | Oibleagáidí leasa scoir |
| 19 | Ioncam Iarchurtha |
| 20 | Deontais |
| 21 | Soláthairtí, Teagmhais agus Gealltanais Caipitil |
| 22 | Trádáil agus suimeanna iníoctha eile |
| 23 | Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais |
| 24 | Tomhas Luacha Chóir |
| 25 | Díbhinní |
| 26 | Fochuideachtaí |
| 27 | Páirtithe Gaolmhara |
| 28 | Iartheagmhais |

Nótaí chuig an nGrúpa
Ráitis Airgeadais(ar lean)



## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

### Bunús an Ullmhúcháin

Is comhlacht corparáideach é Ervia a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976 agus a bhfuil sainchónaí air in Éirinn.

I ráitis airgeadais an Ghrúpa cuirtear le chéile ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus a cuid fochuideachtaí (a dtagraítear dóibh i dteannta a chéile mar 'an Grúpa'), suas go dtí an 31 Nollaig gach bliain. I gcomhréir le IFRS, ní dhéantar comhdhlúthú ar ghnóthais neamhrialaithe (lean n-áirítear Uisce Éireann), mar atá leagtha amach i nóta 26.

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta i gcomhréir leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS) agus le léirmhínithe Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC), arna fhormhuiniú ag an AE, agus atá i bhfeidhm do na tréimhsí cuntasaíochta ag tosú ar an 1 Eanáir 2021 nó ina dhiaidh. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro, slánaithe don mhíle is gaire, agus ullmhaítear iad ar bhonn costais stairiúil, ach amháin i gcás ionstraimí airgeadais díorthacha áirithe a thomhaistear ar luach cóir. Is é an sainmhíniú a thugtar ar luach cóir ná an praghas a gheofaí as sócmhainn a dhíol nó a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh ar dháta an tomhais.

Cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhleanúnach sna blianta ar fad a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo, ach amháin nuair a ghlactar le caighdeáin nua (mar atá leagtha amach thíos). Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, ní mór breithiúnais agus meastacháin a úsáid a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais. Leagtar amach thíos mionsonraí na mbreithiúnas cuntasaíochta is suntasaí agus meastacháin curtha i bhfeidhm.

**Gnóthas Leantach**

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta ar bhonn ghnóthas leantach na cuntasaíochta.

Tá acmhainní suntasacha airgeadais ag an nGrúpa agus ag an Máthairchuideachta agus creideann an Bord go bhfuil an Grúpa i staid mhaith lena rioscaí a bhainistiú go sásúil. Ar an 31 2021 Nollaig , bhí €87 milliún in airgead tirim agus coibhéisí airgid ag an nGrúpa (2020: €123 milliún) agus bhí áiseanna bainc trádála neamhtharraingthe tiomanta de €462 milliún ag an nGrúpa ar an 31 Nollaig 2021 (2020: €462 milliún). Tá níos mó sonraí faoi shuíomh leachtachta an Ghrúpa curtha ar fáil i nóta 23 (ii) leis na ráitis airgeadais sin.

Agus an measúnú gnóthais leantaigh á chur i gcrích, tá breithniú déanta ag an mBord ar an gcoimhlint idir an Rúis agus an Úcráin, mar a shonraítear i nóta 28 agus Aeráid, mar a shonraítear sa tuarascáil maidir leis an Athbhreithniú Oibriúcháin ar leathanach 47.

Tá sé réasúnach don Bhord a bheith ag dúil le go bhfuil go leor acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh ag oibriú go ceann dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta faofa na ráiteas airgeadais.

In 2018, d'fhógair an Rialtas go ndéanfar dhá fhóntas thráchtála rialáilte aonair faoi úinéireacht phoiblí de Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann le linn 2023. Táthar ag dréim le go ndéanfar Máthairchuideachta Ervia a scaoileadh nuair a bheidh próiseas an scartha dhlíthiúla curtha i gcrích. Tá an Bord sásta gur foirceannadh eagraithe a bheidh i gceist nuair a chuirfear scaoileadh Mháthairchuideachta Ervia i gcrích.

### Caighdeáin chuntasaíochta nua IFRS i bhfeidhm don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Rinne an Grúpa na leasuithe caighdeán seo a leanas a ghlacadh, leasuithe nach bhfuil aon tionchar ábhartha ag baint leo ar thorthaí ná ar nochtuithe ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Leasuithe ar IFRS 9, IAS 39, IFRS 7, IFRS 4 agus IFRS 16, Athchóiriú ar Thagarmhairc Ráta Úis – Céim 2
- Leasuithe ar IFRS 4, Conarthaí Árachais – iarchur IFRS 9
- Leasuithe ar IFRS 16 Léasanna Covid 19 - Lamháltais Chíosa Gaolmhara

### Cinntí maidir le clár oibre críochnaitheach de chuid Choiste Léirmhíniúcháin IFRS foilsithe

I mí Aibreáin 2021, d'fhoilsigh Coiste Léirmhíniúcháin IFRS cinnte maidir leis an gclár oibre críochnaitheach ag déanamh soiléiriú ar conas caiteachas cumraíochta agus saincheapacháin áirithe a bhaineann le socruithe néalríomhaireachta a aithint, go háirithe socruithe a bhaineann le bogearraí mar sheirbhís (SaaS). Rinne an Chuideachta a beartas cuntasaíochta a leasú maidir leis na costais chumraíochta agus saincheapacháin a tabhaíodh ag cur socruithe chun feidhme. Cuirtear síos ar chineál agus éifeacht na leasuithe mar thoradh ar athrú an bheartais seo thíos.

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

I ngeall ar socruithe SaaS, ní bhíonn smacht ag an nGrúpa faoi láthair ar an mbunbhogearraí a úsáidtear sa socrú. Nuair a chruthaítear acmhainn inaitheanta mar gheall ar chostais a tabhaíodh chun socruithe SaaS a chumrú agus a shaincheapadh agus nuair atá an chumhacht ag an gCuideachta na tairbhí eacnamaíocha a thiocfaidh ón mbunacmhainn a fháil agus srian a chur ar rochtain ar na tairbhí sin, aithnítear na costais sin mar shócmhainn bogearraí doláimhsithe ar leith agus amúchtar iad thar saol úsáideach na mbogearraí de réir méid chothroim. Déantar athbhreithniú ar an amúchadh ag deireadh gach tréimhse tuarascála ar a laghad agus féachtar ar aon athruithe mar athruithe i meastacháin chuntasaíochta. Nuair nach dtagann aitheantas ar shócmhainn bogearraí doláimhsithe mar gheall ar chostais a tabhaíodh chun cumrú agus saincheapadh, aithnítear na costais sin a sholáthraíonn seirbhís ar leith don Chuideachta (chomh maith leis an rochtain ar SaaS) mar speansais nuair a sholáthraíonn an soláthróir na seirbhísí. Nuair nach soláthraíonn na costais a tabhaíodh seirbhís ar leith, aithnítear na costais anois mar speansais le linn an chonartha SaaS.

Mar thoradh air sin, rinne an Grúpa a bheartas cuntasaíochta a leasú maidir le caipitliú bogearraí néalríomhaireachta. Cuireadh athrú an bheartais i bhfeidhm sa tréimhse reatha mar nach raibh tionchar an chuir i bhfeidhm aisghníomhach ábhartha. Leagtar amach tionchar an chinnidh maidir leis an gclár oibre a ghlacadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa i nótaí 4, 6, 11 agus 15.

### Caighdeáin agus léirmhínithe IFRS nua nár glacadh leo fós

Rinneadh na caighdeáin chuntasaíochta nua seo a leanas agus na leasuithe ar chaighdeáin atá ann cheana a eisiúint, ach níl siad in éifeacht go fóill don tréimhse chuntasaíochta seo nó níl tacaíocht ón AE ina leith go fóill:

- Leasuithe ar IFRS 3 Comhcheangail Ghnó, IAS 16 Maoin, Gléasra agus Trealamh, IAS 37 Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha agus Feabhsuithe Bliantúla 2018-2020
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais IAS 1: Dliteanais a aicmiú mar Dhliteanais Reatha nó Neamhreatha - Dáta éifeachta a Chur Siar
- Leasuithe ar IAS 1, Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais, agus ar Ráiteas Cleachtais 2 an IFRS: Beartais chuntasaíochta a nochtadh
- Leasuithe ar IAS 8, Beartais Chuntasaíochta, Athruithe i Meastacháin Chuntasaíochta agus in Earráidí Cuntasaíochta: Sainmhíniú ar Mheastacháin Chuntasaíochta
- Leasuithe ar Léasanna IFRS 16: Lamháltais Chíosa a bhaineann le COVID-19 tar éis an 30 Meitheamh 2021
- Leasuithe ar Chánacha Ioncaim IAS 12: Cáin Iarchurtha a bhaineann le Sócmhainní agus Dliteanais a eascraíonn as Idirbheart Amháin
- Conarthaí Árachais IFRS 17

Meastar nach mbeidh tionchar suntasach ag cur i bhfeidhm na leasuithe agus na bhfeabhsuithe bliantúla ar IFRS atá fágtha, ar eisiúint an 31 Nollaig 2021 ach gan éifeacht leo go fóill, ar ráitis airgeadais an Ghrúpa.

### Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

**a) Bunús an Chomhdhlúthaithe**

Fochuideachtaí

Is ionann fochuideachtaí agus eintitis atá rialaithe ag an nGrúpa. Tá smacht ann nuair atá an Grúpa neamhchosanta ar thorthaí inathraitheacha an eintitis de bharr an bhaint atá aige leis agus a bhfuil sé de chumas aige dul i bhfeidhm ar na tuairisceáin sin trína chumhacht thar an eintiteas, nó nuair atá cearta ag an nGrúpa chun na torthaí inathraitheacha sin. Cuimsítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí i ráitis airgeadais an Ghrúpa ón dáta ar a dtosaítear smacht go dtí an dáta ar a dtagann deireadh le smacht. I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, cuirtear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar aghaidh mar chostas lúide aon mhuirir bhearnúcháin.

Idirbhearta a chuirtear as an áireamh i ndiaidh chomhdhlúthaithe

Faightear réidh le hiarmhéideanna agus idirbhearta inghrúpa agus ioncam/costais neamhréadaithe ar bith ó idirbhearta inghrúpa in ullmhú ráitis airgeadais an Ghrúpa. Faightear réidh le gnóthachain neamhréadaithe a thagann chun cinn ó idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i gcomparáid leis an infheistíocht sa mhéid agus atá leas ag an nGrúpa san institiúid infheistiúcháin. Déantar caillteanais neamhréadaithe a dhíbirt ar an gcaoi chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ag díreach sa mhéid is nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnú.

Comhcheangail ghnó

Úsáidtear an modh éadála le cuntas a dhéanamh ar chomhcheangail ghnó ar an dáta éadála, (i.e. nuair a aistrítear rialú chuig an nGrúpa).

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Déantar dea-thoil a thomhas ar an dáta éadála mar:

- luach cóir na comaoine arna haistriú, móide
- méid aitheanta aon leasanna neamhrialaitheacha san eintiteas arna fháil, móide
- má bhaintear amach an comhcheangal gnó i gcéimeanna, luach cóir leas reatha cothromais an eintitis san eintiteas arna fháil, lúide
- glanmhéid aitheanta na sócmhainní inaitheanta arna bhfáil agus na ndliteanas arna nglacadh.

Nuair atá an barrachas deimhneach, aithnítear gur dea-mhéin atá ann. Nuair atá an barrachas diúltach, déantar an brabús ó cheannach sladmhargaidh a aithint láithreach bonn sa chuntas brabúis nó caillteanais. Cláraítear costais a bhaineann le héadáil, seachas na costais a bhaineann le heisiúint urrúis fiachais nó chothromais, a thabhaíonn an Grúpa i ndáil le comhcheangal gnó mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

### Cailliúint rialaithe

Nuair a chailltear smacht, dí-aithníonn an Grúpa sócmhainní agus dliteanais na fochuideachta agus aon ghnéithe de chothromas a bhaineann leis an bhfochuideachta. Aithnítear i mbrabús nó caillteanas aon bharrachas nó easnamh a thagann chun cinn nuair a chailltear smacht.

### b) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

#### Aithint

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a thomhas ag a gcostas lúide a ndímheas carntha agus a gcaillteanas carntha de bharr an bhearnúcháin. Cuimsítear i gcostais costais dhíreacha (lena n-áirítear costais atá inchurtha go díreach i leith saothair agus forchostais), costais dhíchoimisiúnaithe nó athchóirithe agus ús arna thabhú chun tógáil na sócmhainne a mhaoiniú nuair a ghlacann an tógáil sin tréimhse ama nach beag le críochnú. Is ionann sócmhainní arna dtógáil agus an costas as réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach, a thógáil agus a shuiteáil sula mbaintear úsáid tháirgiúil astu.

#### Caiteachais ina dhiaidh sin

Aithnítear caiteachas ina dhiaidh sin, mar shampla, an costas as cuid nó mír de réadmhaoin, fearas agus trealamh a athsholáthar, i suim ghlanluacha na míre más dócha go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bheidh ag baint leis an mír san am atá le teacht chuig an nGrúpa, agus más féidir an costas a thomhas go hiontaofa. Déantar suim ghlanluacha na coda athsholáthartha a dhí-aithint. Aithnítear na costais as seirbhísiú laethúil ar réadmhaoin, fearas agus trealamh sa chuntas brabúis nó caillteanais de réir mar a aithnítear iad.

#### Dímheas

Dímheasann míreanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ón uair a bhíonn siad ar fáil lena n-úsáid.

Ríomhtar an muirear as dímheas go príomha chun costas na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh a dhíluacháil, lúide an costas iarmharach measta, de réir méid chothroim thar a saol úsáideach measta. Dímheastar sócmhainní léasaithe thar théarma an léasa nó a saol úsáideach, cibé acu is giorra. Is iad na haicmithe móra sócmhainne agus a saol úsáideach measta ná:

| | |
|---|---|
| Píblínte dáileacháin | 60 bliain |
| Píblínte tarchurtha | 25 - 40 bliain |
| Stáisiúin chomhbhrúiteora | 20 bliain |
| Tuirbíní | 30,000 - 48,000 uair an chloig |
| Méadair | 15 bliain |
| Foirgnimh | 40 bliain |

Ní ghearrtar dímheas ar thalamh ná sócmhainní atá á dtógáil. Déantar athbhreithniú ar an modh dímheasa, ar shaolréanna fónta agus ar luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

#### Costais iasachta

Déantar costais iasachta a chaipitliú mar chostas sócmhainne má tá siad inchurtha go díreach i leith éadáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí. Is é atá i sócmhainn cháilitheach ná sócmhainn nach mór cuid mhór ama a chaitheamh ar a hullmhú lena húsáid bheartaithe nó lena díol. Tagann deireadh le caipitliú úis nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó áit ar cuireadh isteach ar fhorbairt ghníomhach ar feadh tréimhse fada ama.

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)



**c) Sócmhainní doláimhsithe**

Bogearraí agus bogearraí arna bhforbairt

Áirítear le costais bogearraí sócmhainní a fhorbraítear go hinmheánach agus sócmhainní a cheannaítear go seachtrach araon.

Tagraíonn bogearraí a fhorbraítear go hinmheánach a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí inaitheanta agus uathúla bogearraí atá rialaithe ag an nGrúpa. Aithnítear na costais sin mar shócmhainní doláimhsithe má mheastar gur dóchúil go mbeidh tairbhí eacnamaíocha ag baint leis na táirgí sin a sháróidh na costais. Ní dhéantar na costais sin a chaipitliú ach má chomhlíontar na critéir atá leagtha amach in IAS 38. Cuimsíonn an caiteachas a dhéantar a chaipitliú an costas as ábhair, saothar díreach, forchostais atá inchurtha go díreach i leith ullmhú na sócmhainne dá n-úsáid bheartaithe, agus costais iasachta ar shócmhainní cáilitheacha.

Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire a fuarthas a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun na sócmhainní sonracha a fháil agus úsáid a bhaint astu, ar chuntas go gcomhlíonann na costais na critéir in IAS 38 i gcomhair caipitlithe.

Amúchadh sócmhainní doláimhsithe

Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh de réir méid chothroim sa chuntas brabúis nó caillteanais thar a saol fóinteach measta, ón dáta a bhfuil siad ar fáil lena n-úsáid. Ní dhéantar amúchadh a mhuirearú ar shócmhainní forbartha nach bhfuil ar fáil le húsáid fós. Déantar bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile a amúchadh, de réir méid chothroim, thar a saol fóinteach measta suas le seacht mbliana.

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna amúchta, saolréanna fóinteacha agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí.

Costais iasachta

Déan tagairt do bheartas cuntasaíochta b) thuas

**d) Bearnúchán Sócmhainní**

Sócmhainní nach bhfuil faoi réir amúchta

Déantar sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saol fóinteach éiginnte ag baint leo nó nach bhfuil réidh le húsáid fós, agus dea-mhéin, a thástáil go bliantúil le haghaidh bearnúcháin.

Sócmhainní nach bhfuil faoi réir dímheasa/amúchta

Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní sin ar gach dáta tuairiscithe chun socrú cibé acu an bhfuil aon chomhartha bearnúcháin orthu. Más ann do chomhartha bearnúcháin, ansin meastar méid inaisghabhála na sócmhainne.

Caillteanas bearnúcháin a aithint

Chun críocha bearnúchán a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpa ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ann ar féidir a aithint astu féin (aonaid giniúna airgid nó AGAnna). Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid trína sáraíonn suim glanluacha sócmhainne a méid inaisghabhála. Is é atá sa mhéid in-aisghabhála ná luach cóir sócmhainne lúide costas as diúscairt nó luach úsáide sócmhainne, cibé acu is airde. Aithnítear caillteanais bhearnúcháin sa chuntas brabúis nó caillteanais. Maidir le caillteanais bhearnúcháin a aithnítear i dtaobh AGAnna, déantar iad a leithdháileadh ar dtús chun an méid glanluacha d'aon dea-thoil a leithdháiltear ar an AGA a laghdú, agus ina dhiaidh sin leithdháiltear iad chun laghdú a bhaint amach ar mhéid glanluacha na sócmhainní eile san AGA ar bhonn pro rata.

Caillteanas bearnúcháin a mhalartú

Ní dhéantar caillteanas bearnúcháin a fhreaschur maidir le dea-thoil. I dtaobh sócmhainní eile, déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtréimhsí roimhe sin a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe le haghaidh aon chomharthaí gur tháinig laghdú ar an gcaillteanas nó nach ann dó a thuilleadh. Ní aisiompaítear caillteanas bearnúcháin ach sa méid nach sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne an tsuim ghlanluacha, glan ó dhímheas ná amúchadh, mura aithníodh aon chaillteanas bearnúcháin.

Déantar aisiompú caillteanais bearnúcháin le haghaidh AGA a leithdháileadh ar shócmhainní an aonaid, seachas cáilmheas, ar bhonn pro rata le suimeanna glanluacha na sócmhainní sin. Aithnítear ídiú sa chuntas brabúis nó caillteanais. Agus úsáid á baint as suim ghlanluacha athbhreithnithe na sócmhainne déantar soláthar do dhímheas/amúchadh de réir méid chothroim thar an saol fóinteach a mheastar a bheith fágtha ag an tsócmhainn.

**e) Airgeadra Eachtrach**

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Máthairchuideachta agus airgeadra chur i láthair an Ghrúpa chomh maith.

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Déantar idirbhearta in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh ag an ráta atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Aistríodh sócmhainní agus dliteanais airgid arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha chuig an airgeadra feidhmiúil ag na rátaí a bhí i bhfeidhm ag dáta an tuairiscithe. Aithnítear sa chuntas brabúis nó caillteanais an gnóthachan nó caillteanas airgeadra eachtraigh a thagann chun cinn tar éis an aistrithe a dhéanamh. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta in airgeadra eachtrach a dhéantar a thomhas ar chostas stairiúil agus úsáid á baint as an ráta malairte ar dháta an idirbhirt, agus ní aistrítear arís iad ina dhiaidh sin.

Aistrítear go euro, ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe, sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha, ag cur san áireamh dea-thoil agus coigeartuithe luacha chóir mar thoradh ar éadáil. Déantar torthaí oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na meánrátaí malairte don tréimhse, nuair a fhreagraíonn siad do mheastachán réasúnta de na fíor-rátaí a tabhaíodh. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de chothromas (cúlchiste aistrithe).

**f) Ioncam Reatha**

Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha, i margaí rialaithe agus neamhrialaithe, a thagann ioncaim an Ghrúpa. Forbraíonn, oibríonn agus déanann an Grúpa cothabháil ar na líonraí tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha in Éirinn agus cuireann sé seirbhísí iompair gáis ar fáil do sholáthraithe agus lastóirí. Chomh maith leis sin, oibríonn an Grúpa agus tá sé ina úinéir ar an dá phíblíne idirnascaire gáis idir Albain agus Éire agus tá sócmhainní bonneagair líonra aige i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Cuimsíonn ioncam an Ghrúpa freisin ioncam ó léasa oibriúcháin, a aithnítear i gcomhréir le IFRIC 16 (féach ar g thíos).

Déantar ioncam a thomhas bunaithe ar an gcomaoin a measann an Grúpa go mbeidh sé ina teideal i gconradh le custaiméir, agus ní áirítear méideanna a bhailítear ar son tríú páirtithe. Aithníonn an Grúpa ioncam nuair a chomhlíontar na hoibleagáidí feidhmíochta, mar a leagtar amach iad sa chonradh, nó de réir mar a chomhlíontar iad. Aithnítear ioncam ó acmhainn iompair (billeáilte agus neambhilleáilte) thar am de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid feidhmíochta arb é acmhainn líonra a sholáthar, agus aithnítear aon ioncam a bhaineann le tráchtearraí ar bhonn an tréchuir don tréimhse le haghaidh gach custaiméara. Aithnítear ranníocaíochtaí custaiméara maidir le naisc líonraí gáis in ioncam iarchurtha nuair a fhaightear iad, agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad i gcomhréir le comhlíonadh na n-oibleagáidí feidhmíochta. Aithnítear oibleagáid feidhmíochta mar na hoibreacha nasctha agus déantar an t-ioncam uaidh sin a aithint thar am de réir mar a chuirtear na hoibreacha nasctha i gcrích.

Má mheastar nach gcomhlíontar na critéir um aithint ioncaim le haghaidh conartha, cuirtear moill le haithint ioncaim go dtí go meastar gur dóchúil inbhailitheacht. Áit is gá, déantar méid na comaoine geallta a lascainiú chun gné mhaoinithe an idirbhirt a léiriú agus cuirtear an foirceannadh úis i láthair go bliantúil mar chreidmheas don ráiteas ioncaim.

Braitheann roinnt foinsí ioncaim de chuid an Ghrúpa ar fhaomhadh a fháil ón rialaitheoir tionscail, an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU). In imthosca áirithe, d'fhéadfadh an t-ioncam rialaithe "ceadaithe" a bheith róghnóthaithe nó tearcghnóthaithe sa bhliain. Mar shampla, mar chuid dár gcomhaontú rialála, tá an Grúpa i dteideal aon tearc-aisghabháil de chostais faoi bhealach áirithe a ghnóthú amhail crapadh ar chóras gáis trí coigeartuithe ar tharaif ioncaim amach romhainn. Féadfar aon tearc-aisghabháil d'ioncam "ceadaithe" a chur san áireamh, laistigh de pharaiméadair áirithe, agus an t-ioncam rialála le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin á ríomh. Ní dhéantar coigeartú, áfach, do ró-aisghabhálacha nó tearc-aisghabhálacha sa bhliain ina n-eascraítear iad mar tá na haisghabhálacha faoi réir athruithe taraife amach romhainn atáthar a chur i bhfeidhm do sheirbhísí iompair san am atá romhainn agus mar sin de, níl a leithéid de choigeartuithe i dteideal aitheantais mar shócmhainní nó dliteanais ag an dáta tuairiscithe.

**g) Léasanna**

An Grúpa mar Léasaí

Aithnítear léasanna mar shócmhainn cirt úsáide agus dliteanas comhfhreagrach ag an dáta a bhfuil an tsócmhainn léasaithe ar fáil le húsáid ag an nGrúpa. Measann an Grúpa cibé acu an léas nó nach léas conradh nó an gcuimsíonn an conradh sin léas nó nach gcuimsíonn, ag tús an chonartha. Má thugann an conradh an ceart chun úsáid sócmhainne a rialú ar feadh tréimhse ama mar mhalairt ar chomaoin, aithnítear mar léas é.

Chun measúnú a dhéanamh ar an gceart chun sócmhainn a rialú, measann an Grúpa na rudaí seo a leanas:

- an bhfuil sócmhainn inaitheanta sa chonradh
- an bhfuil an ceart ag an nGrúpa tairbhí eacnamaíocha den tsócmhainn ar fad nach mór a fháil
- an bhfuil an ceart ag an nGrúpa an tsócmhainn a oibriú ar feadh tréimhse an chonartha.

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Déantar dliteanas an léasa (curtha i láthair laistigh 'd'Iasachtaí agus fiach eile') a thomhas ar dtús ar ghlanluach láithreach na n-íocaíochtaí léasa. Áirítear íocaíochtaí léasa atá le déanamh faoi roghanna sínidh réasúnta cinnte i dtomhas an dliteanais freisin. Lascainítear na híocaíochtaí léasa ag úsáid an ráta úis intuigthe sa léas. Mura féidir an ráta sin a chinneadh go héasca, mar a tharlaíonn i gcoitinne le léasanna sa Ghrúpa, úsáidtear ráta iasachta incriminteach an léasaí, is é sin an ráta a bheadh ar an léasaí aonair a íoc chun na cistí is gá a fháil ar iasacht d'fhonn sócmhainn ar luach comhchosúil leis an sócmhainn cirt úsáide i dtimpeallacht eacnamaíochta chomhchosúil le téarmaí, slándáil agus coinníollacha comhchosúla a fháil.

Leithdháiltear íocaíochtaí léasa idir príomhchostas agus costas airgeadais. Le linn théarma an léasa, leithdháiltear an costas airgeadais do gach tréimhse ar mhaithe le ráta úis tréimhsiúil rialta ar an dliteanas gan íoc a fháil.

Déantar sócmhainní cirt úsáide (curtha i láthair laistigh de 'Réadmhaoin, gléasra agus trealamh') a thomhas ar chostas ina mbeidh na nithe seo a leanas:

- méid an tomhais tosaigh ar dhliteanas léasa
- aon íocaíochtaí léasa a rinneadh ag an dáta tosaigh nó roimhe sin lúide aon dreasachtaí léasa a fuarthas
- aon chostais dhíreacha tosaigh, agus
- costais athchóirithe.

Go ginearálta, déantar dímheas ar shócmhainní cirt úsáide thar shaolré úsáideach ní ba ghiorra na sócmhainne agus an téarma léasa de réir méid chothroim. Má tá an Grúpa réasúnta cinnte rogha ar cheannach a feidhmiú, déantar dímheas ar an tsócmhainn cirt úsáide thar shaolré úsáideach na sócmhainne foluití.

I dtaobh léasanna atá gearrthéarmach (téarma léasa níos lú na 12 mhí)agus ar luach íseal (luach sócmhainne níos lú ná $5,000), aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasa mar chaiteachas oibriúcháin de réir méid chothrom thar théarma an léasa, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe. Ní raibh a leithéid de léasanna ag an nGrúpa le linn na tréimhsí tuairiscithe nó na tréimhsí comparáideachta.

### An Grúpa mar Léasóir

Déantar léasanna a bhfuil an Grúpa ina léasóir ina leith a aicmiú mar léasanna airgeadais nó oibriúcháin. Aon uair a dhéanann téarmaí an léasa na rioscaí agus sochair a bhaineann le húinéireacht a aistriú chuig an léasaí, déantar an conradh a aicmiú mar léas airgeadais. Déantar gach léas eile a aicmiú mar léas oibriúcháin.

Déanann an Grúpa comhaontuithe léasa agus é ina léasóir i dtaca le cuid dá phíblínte, agus déantar na léasanna sin a aicmiú mar léasanna oibriúcháin. Déantar ioncam cíosa ó léasanna oibriúcháin a aithint de réir an mhéid chothroim thar théarma an léasa chuí, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe (féach f thuas). Déantar costais dhíreacha thosaigh, a tabhaítear i rith an phróisis idirbheartaíochta agus socraithe don léas oibriúcháin, a chur le méid anonn na sócmhainne léasaithe agus déantar iad a aithint de réir an mhéid chothroim thar théarma an léasa.

Déantar na méideanna atá iníoctha ag léasaithe faoi léasanna airgeadais a aithint mar infháltais ag méid atá comhionann leis an nglaninfheistíocht a rinne an Grúpa sna léasanna. Déantar ioncam ó léasanna airgeadais a leithdháileadh ar thréimhsí cuntasaíochta ionas go bhfreagróidh siad do ráta fáltais tréimhsiúil buan ar ghlaninfheistíocht amuigh an Ghrúpa i dtaca leis na léasanna sin.

Nuair a chuimsíonn conradh gnéithe léasa agus neamhléasa, cuireann an Grúpa i bhfeidhm IFRS 15 chun an chomaoin faoin chonradh a leithdháileadh ar gach gné.

### h) Oibleagáidí Leasa Scoir

Oibríonn an Grúpa scéimeanna pinsin sochair sainithe agus ranníocaíochta sainithe araon.

### Scéim pinsin sochair sainithe

Scéim sochair iarfhostaíochta is ea scéim sochair shainithe seachas plean ranníocaíochta sainithe, a dtugtar eolas ina leith thíos.

I gcás scéimeanna a bhfuil sochar sainithe ag baint leo, úsáidtear Modh na n-Aonad Réamh-mheasta Creidmheasa leis an gcostas as sochair a chur ar fáil a mheas. Cuirtear athbhreithnithe achtúireacha i gcrích ar gach lá tuairiscithe. Déantar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a aithint ina n-iomlán sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Aithnítear lasmuigh den chuntas brabúis nó caillteanais iad agus cuirtear i láthair iad in ioncam cuimsitheach eile.

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Aithnítear an costas iar-sheirbhíse láithreach. Déantar an costas seirbhíse reatha agus gnóthachain agus caillteanais ar réitigh agus ciorrúcháin a mhuirearú ar chostais oibriúcháin, nó ar sholáthairtí i gcásanna ina ndearnadh soláthar ar dtús i gcomhar na gcostas bainteach mar chuid de sholáthar athstruchtúraithe a aithint. Cuirtear an ráta lascaine i bhfeidhm ar an nglandliteanas sainithe nó ar an nglansócmhainn shainithe ag tús na tréimhse chun an glanchostas úis ar phinsin a ríomh.

Is ionann an oibleagáid sochair scoir arna aithint sa chlár comhardaithe luach reatha an oibleagáid sochair sainithe le haghaidh na scéime agus luach cóir shócmhainní na scéime.

Aithnítear luach cóir na gceart aisíocaíochta nuair atá an Grúpa i dteideal an costas a bhaineann le seirbhís inphinsin roimhe a fháil ar ais ó chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí nuair a dhéanann fostaithe incháilithe a dteidlíochtaí a bhaineann le seirbhís inphinsin – a thagann as seirbhís i gcomhlachtaí eile san earnáil phoiblí – a aistriú chuig scéim Ervia, i gcomhréir le Líonra Aistrithe don Earnáil Phoiblí, atá faoi rialú ag Alt 4 den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1963.

Scéim pinsin ranníocaíochta sainithe
Is ionann scéim ranníoca shainithe agus scéim iarfhostaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh, agus ní bheidh aon oibleagáid dlí ná inchiallaithe ar an eintiteas méideanna breise a íoc. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha faoi na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a mhuirearú ar bhrabús nó chaillteanas sna tréimhsí a gcuireann fostaithe seirbhísí ar fáil lena linn.

**i) Deontais**
Aithnítear deontas mar dhliteanas sa chlár comhardaithe ar dtús nuair atá ráthaíocht réasúnta ann go gheofar é agus go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha a bhaineann leis. Aithnítear na deontais ioncaim, atá mar chúiteamh don Ghrúpa as speansais arna dtabhú, sa ráiteas ioncaim ar bhonn córasach sna blianta céanna ina dtabhaítear na speansais. Déantar deontais a chúitíonn an Grúpa as costas sócmhainne a amúchadh don ráiteas ioncaim ar bhonn córasach thar shaolré úsáideach na sócmhainne chun an muirear dímheasa a mheaitseáil.

**j) Soláthairtí agus Dliteanais Theagmhasacha**
Déanann an Grúpa a nochtuithe ar dhliteanais theagmhasacha a mheas maidir le dlíthíocht atá ar feithimh nó maidir le héilimh eile fós le réiteach a bhaineann le socrú de thoradh idirbheartaíochta, idirghabháil, eadráin nó rialachán Rialtais. Aithnítear foráil nuair is dócha go bhfuil oibleagáid ann ar féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ina leith i ndiaidh anailís chúramach a dhéanamh ar an gceist ar leith. Áirítear ar anailís measúnú a dhéanamh ar a dhóchúla atá sé go n-éireoidh le héileamh ar feithimh, nó go mbeidh aon dliteanas ann, agus an pointe aitheantais don dliteanas gaolmhar.

Maidir le nithe ar oibleagáidí iad a d'fhéadfadh a bheith ann nó nach sásaíonn na critéir aitheantais le haghaidh forála, aithnítear mar dhliteanais theagmhasacha iad, ach amháin más fánach an seas go ndéanfar buntáistí eacnamaíocha a aistriú.

D'fhéadfadh sé go dtiocfadh athrú ar an soláthar riachtanach sa todhchaí mar gheall ar fhorbairtí nua agus de réir mar a bheadh faisnéis bhreise ar fáil. D'fhéadfadh sé nach ionann na costais iarbhír sa phróiseas meastóireachta agus an soláthar measta rud a léireodh an neamhchinnteacht bhunúsach sa phróiseas meastacháin seo. Nochtar sonraí na bhforálacha i nóta 21.

**k) Fardail**
Déantar fardail a thomhas agus úsáid á baint as costas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle, agus úsáid á baint as an bhfoirmle costais is túisce isteach is túisce amach (FIFO) i gcomhréir le Fardail IAS 2. Tá costas déanta suas de phraghas ceannaigh agus gach costas díreach a tabhaíodh agus na fardail á dtabhairt chuig a n-ionad reatha agus a riocht reatha. Is é atá i nglanluach inréadaithe ná an costas díola iarbhír nó measta lúide gach costas atá le tabhú roimh dhiúscairt. Déantar soláthar sonrach le haghaidh nithe a bhfuil dochar déanta dóibh, atá imithe as feidhm nó nach féidir a úsáid, nuair is cuí sin.

**l) Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais**
Ionstraimí airgeadais díorthacha
I ndiaidh aibíocht an fhiach Láithrithe Phríobháidigh agus na babhtálacha rátaí úis trasairgeadra (CCIRS) a ghabhann leis, ar an 31 Márta 2021, ní úsáideann an Grúpa aon ionstraimí díorthaíocha airgeadais chun a nochtadh do rátaí malairte eachtraí a bhainistiú ach amháin conarthaí réamh-mhalairte eachtraí. Déantar tuilleadh sonraí faoi ionstraimí airgeadais díorthacha a nochtadh i nóta 23.

Déantar díorthaigh a aithint ar dtús ag luach cóir agus déantar iad a a thomhas go luach cóir ag gach dáta tuairiscithe ar leith. Déantar gnóthachain nó caillteanais a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais láithreach, ach amháin más ionstraim fhálaithe shainithe agus éifeachtach iad. Sa chás sin, braitheann uainiú an aitheantais sa chuntas brabúis nó caillteanais ar nádúr na gaolmhaireachta fálaithe.

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)



Cé go ndéantar díorthach a bhfuil luach cóir dearfach aige a aithint mar shócmhainn airgeadais, déantar díorthach a bhfuil luach cóir diúltach aige a aithint mar dhliteanas airgeadais. Ní dhéantar díorthaigh a fhritháireamh sna ráitis airgeadais ach amháin má bhíonn an ceart agus cuspóir dlíthiúil ag an nGrúpa é sin a dhéanamh. Déantar díorthach a chur i láthair mar shócmhainn neamhreatha nó mar dhliteanas neamhreatha más amhlaidh go bhfuil aibíocht na hionstraime atá fágtha níos mó ná 12 mhí agus mura bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar é a réadú nó a shocrú laistigh de 12 mhí.

Sa tréimhse chomparáideach shonraigh an Grúpa díorthaigh áirithe mar ionstraimí fálaithe i dtaca leis an riosca malairte eachtraí agus an riosca ráta úis i bhfálta luacha chóir, fálú ar an sreabhadh airgid, nó fálú de ghlaninfheistíochtaí in airgeadraí eachtracha. I ndiaidh aibíocht fhiach an Láithrithe Phríobháidigh agus na CCIRS a ghabhann leis, ar an 31 Márta 2021, ní iompraíonn an Grúpa díorthaigh sonraithe do chríocha maidir le cuntasaíocht fhálaithe.

Ag tús na gaolmhaireachta fálaithe, déanann an Grúpa an ghaolmhaireacht idir an ionstraim fhálaithe agus an mhír a fhálaítear a dhoiciméadú, chomh maith lena cuspóirí bainistíochta riosca agus an straitéis atá á chur i bhfeidhm aige chun tabhairt faoi idirbhearta fálaithe éagsúla. Ina theannta sin, ag tús an phróisis fhálaithe agus ar bhonn leanúnach, déanann an Grúpa doiciméadú ar cibé acu an bhfuil an ionstraim fhálaithe éifeachtúil chun athruithe ar luachanna cóir nó ar shreafaí airgid na míre fálaithe a bhfuil an riosca fálaithe ag gabháil léi a fhritháireamh, nó nach bhfuil. Más amhlaidh go bhfuil, ciallaíonn sé sin go gcomhlíonann an ghaolmhaireacht fhálaithe na ceanglais seo a leanas maidir le héifeachtúlacht fálaithe:

- go bhfuil gaolmhaireacht eacnamaíoch idir an mhír fhálaithe agus an ionstraim fhálaithe;
- nach bhfuil forlámhas ag tionchar an riosca chreidmheasa ar athruithe luachanna a eascraíonn as an ngaolmhaireacht eacnamaíoch sin; agus
- go bhfuil cóimheas fálaithe na gaolmhaireachta fálaithe mar an gcéanna leis an gcóimheas atá mar thoradh ar an méid atá ag an mhír fhálaithe atá á fálú ag an nGrúpa i ndáiríre agus méid na hionstraime fálaithe a úsáideann an Grúpa i ndáiríre chun an méid sin den mhír fhálaithe a fhálú.

Má theipeann ar an ngaolmhaireacht fhálaithe an ceanglas éifeachtúlachta fálaithe a bhaineann leis an gcóimheas fálaithe a chomhlíonadh, ach go bhfanann an cuspóir bainistíochta riosca don ghaolmhaireacht fhálaithe shonraithe sin mar an gcéanna, déanann an Grúpa coigeartú ar chóimheas fálaithe na gaolmhaireachta fálaithe (i.e. athchothromaíonn sé an fálú) ionas go gcomhlíonfaidh sé na critéir cháilithe arís eile.

Stopann an Grúpa de bheith ag úsáid cuntasaíocht fhálaithe sa chás nach gcomhlíonann an ghaolmhaireacht fhálaithe (nó cuid di) na critéir cháilithe a thuilleadh (i ndiaidh athchothromaithe, más infheidhme), agus sa chás sin amháin. Cuimsíonn sé sin na cásanna ina dtéann an ionstraim fhálaithe in éag nó ina ndíoltar, ina bhfoirceanntar nó ina bhfeidhmítear í. Déantar an foirceannadh a thuairisciú go hionchasach. Déantar an coigeartú luacha chóir ar mhéid anonn na míre fálaithe, a eascraíonn ón riosca fálaithe, a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ón dáta sin. Fágtar leis an gcothromas aon ghnóthachan nó caillteanas a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile agus a charntar sa chúlchiste fálaithe don sreabhadh airgid ag an am sin, agus déantar é a athaicmiú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais chomh luath agus a tharlaíonn an t-idirbheart réamhaisnéise. Nuair nach bhfuiltear ag súil leis a thuilleadh go dtarlóidh idirbheart réamhaisnéise, déantar an gnóthachan nó an caillteanas sa chúlchiste fálaithe don sreabhadh airgid a athaicmiú láithreach chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais.

Nuair a théann ionstraim fhálaithe in éag, nó má dhíoltar nó má fhoirceanntar í, nó nuair nach gcomhlíonann fálú na critéir le haghaidh cuntasaíocht fhálaithe a thuilleadh, déantar aon ghnóthachan nó caillteanas carntha iarchurtha den fhálú sa chothromas ag an am sin a athaicmiú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais láithreach.

*i. Fáluithe ar an sreabhadh airgid*

Nuair a shainítear ionstraim airgeadais dhíorthach mar fhálú den éagsúlacht ar shreafaí airgid de dhliteanas aitheanta, mar ghealltanais daingin nó mar idirbheart tuartha ar mór an dóchúlacht go ndéanfar é, aithnítear an chuid éifeachtach d'aon ghnóthachan nó caillteanas ar an ionstraim airgeadais dhíorthach go díreach in ioncam cuimsitheach eile. Nuair a aithnítear sócmhainn nó dliteanas mar thoradh ar an ngealltanas daingean nó an idirbheart tuartha, baintear an gnóthachan nó caillteanas carnach ó ioncam cuimsitheach eile agus cuimsítear é sa tomhas tosaigh ar an tsócmhainn nó an dliteanas. Mura ndéantar é sin, baintear an gnóthachan nó caillteanas carnach ó ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é sa chuntas brabúis nó caillteanais san am céanna leis an idirbheart fálaithe. Aithnítear an chuid neamhéifeachtach d'aon ghnóthachan nó caillteanas sa ráiteas ioncaim láithreach. Léiríonn luachanna córa riosca creidmheasa na hionstraime agus áirítear leo coigeartuithe chun riosca creidmheasa eintiteas agus chontrapháirtí ábhartha an Ghrúpa a chur san áireamh nuair is cuí.

## Nótaí chuig an nGrúpa Ráitis Airgeadais(ar lean)



### 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Nuair a chuirtear deireadh le hionstraim nó gaolmhaireacht fálaithe ach nuair a mheastar go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe fós, fanann an gnóthachan nó caillteanas carnach ag an bpointe sin in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é i gcomhréir leis an bpolasaí thuas nuair a tharlaíonn an t-idirbheart. Murar dóchúil a thuilleadh go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe, maidir leis an ngnóthachan carnach neamhréadaithe atá aitheanta in ioncam cuimsitheach eile, aithnítear i mbrabús nó caillteanas é láithreach.

*ii. Fáluithe ar luach cóir*

Nuair a cheaptar ionstraim airgeadais dhíorthach mar fhálú luacha chóir, aithnítear athruithe i luach cóir an díorthaigh sa chuntas brabúis agus caillteanais. Chomh maith leis sin, sonraítear an mhír fhálaithe ag luach cóir i dtaobh an riosca a bhaineann leis an bhfálú; déantar an gnóthachan nó caillteanas a eascraíonn ón riosca fálaithe a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais (mír ón líne chéanna leis an díorthach) agus déantar coigeartú ar shuim ghlanluacha na míre fálaithe. Aithnítear an sciar neamhéifeachtach sa ráiteas ioncaim láithreach. Léiríonn luachanna córa riosca creidmheasa na hionstraime agus áirítear leo coigeartuithe chun riosca creidmheasa eintiteas agus chontrapháirtí ábhartha an Ghrúpa a chur san áireamh nuair is cuí.

#### Iasachtaí

Aithnítear iasachtaí ar dtús ag luach cóir lúide costais atá inchurtha i leith idirbhirt. I ndiaidh a n-aitheantais tosaigh, sonraítear na hiasachtaí nach bhfuil i ngaolmhaireacht fálaithe luacha chóir ag an gcostas amúchta le húsáid mhodh an ghlanráta úis. Déantar iasachtaí atá sainithe i ngaol luacha chóir a thomhas ar luach cóir i gcomhair rioscaí fálaithe, agus aithnítear i mbrabús agus caillteanas aon ghnóthachain nó chaillteanais a thagann chun cinn ar athruithe ar luach cóir, ach amháin má tá na hathruithe sin inchurtha i leith riosca creidmheasa an Ghrúpa féin, agus sa chás sin aithnítear iad siúd laistigh d'ioncam cuimsitheach eile.

#### Trádáil agus Infháltais Eile

Aithnítear trádáil agus infháltais eile ar dtús ag an bpraghas idirbhearta atá infhála agus, ina dhiaidh sin, iompraítear iad ag an luach sin, mar nach bhfuil aon chomhpháirt shuntasach mhaoinithe ann, lúide liúntas cuí le haghaidh na gcaillteanas creidmheasa a mbeifí ag súil leo. Úsáidtear múnla don chaillteanas creidmheasa a bhfuiltear ag súil leis thar shaolré na sócmhainne chun foráil a dhéanamh maidir le caillteanais lagaithe, agus aithnítear an laige a bhfuiltear ag súil léi mar chostas sna caiteachais oibriúcháin. Áit is gá, cuirtear rátaí caillteanais ionchais i bhfeidhm chun an méid caillteanais creidmheasa ionchais a ríomh, bunaithe ar an bhfeidhmíocht iarbhír bailiúcháin airgid stairiúil, ar phróifíl an fhiachais de réir téarmaí. Cuirfear san áireamh mar chuid de sin tosca maicreacnamaíocha amach anseo agus tosca a bhaineann go sonrach leis na féichiúnaithe.

#### Méideanna dlite ó fhochuideachtaí (Máthairchuideachta)

Glactar gur sócmhainní airgeadais neamhdhíorthaigh na méideanna atá dlite ó fhiontar fochuideachtaí nach luaitear in aon mhargadh gníomhach. Cuirtear san áireamh iad sa trádáil reatha agus infháltais eile ar chlár comhardaithe na Máthairchuideachta, ach amháin dóibh siúd a bhfuiltear ag súil le go mbaileofar iad níos mó ná dhá mhí dhéag i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe, a chuirtear san áireamh leis an trádáil neamhreatha agus infháltais eile. Déantar iad sin a thaifeadadh ar dtús ag praghas an idirbhearta agus ina dhiaidh sin tá cuntas orthu ag an gcostas amúchta lúide an caillteanas creidmheasa a bhfuiltear ag súil leis.

Déantar bearnúchán a mheasúnú ag baint úsáide as múnla an chaillteanais chreidmheasa a bhfuiltear ag súil leis. Agus an caillteanas mar gheall ar laige á mheas, déantar na méideanna dlite ó fhochuideachtaí a choinneáil mar mhéideanna in-aisíoctha ar éileamh, infháltais a bhfuil riosca creidmheasa íseal ag baint leo agus méideanna a bhfuil méadú suntasach tagtha ar an riosca creidmheasa ón am ar aithníodh ar dtús iad. Agus caillteanas creidmheasa ionchais á shocrú, tugtar aird ar fheidhmíocht stairiúil chomh maith le faisnéis réamhbhreathnaitheach don fhochuideachta ábhartha, lena n-áirítear réamhaisnéisí mionsonraithe maidir le sreafaí airgid lascainithe nuair is cuí, agus tosca maicreacnamaíocha.

#### Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Cuimsíonn airgead tirim airgead ar láimh agus taiscí éilimh. Is éard atá i gcoibhéisí airgid ná infheistíochtaí fíorleachtacha gearrthéarmacha is féidir a chomhshó go héasca go méideanna aitheanta airgid thirim agus a bhíonn faoi réir riosca neamhshuntasach maidir le hathruithe ar luach agus go gcoimeádtar iad chun críocha gealltanais gearrthéarmacha maidir le hairgead tirim a bhaint amach seachas d'infheistíocht nó chun críocha eile. Nuair atá na coinníollacha agus an intinn ann i leith fritháirimh, cuirtear iarmhéideanna airgid thirim agus iarmhéideanna rótharraingthe le chéile agus cuirtear an t-iarmhéid chomhcheangailte sin i láthair ar an gclár comhardaithe.

#### Taiscí srianta

Is éard atá i dtaiscí srianta ná airgead tríú páirtí arna shealbhú faoi shocruithe urrús airgeadais nó rialaithe, nach bhfuil ar fáil go dleathach chun críocha oibríochtúla ná níl siad ar seilbh chun críche airgid thirim gearrthéarmacha a bhaint amach.

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)



Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile

Déantar iníocthaigh trádála agus eile a thaifeadadh ar luach cóir i dtosach, ar gnách gurb é méid tosaigh an tsonraisc móide aon chostais idirbhirt atá inchurtha go díreach ina leith, agus a thugtar anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas (FVTPL)

Déantar sócmhainní airgeadais a aicmiú mar FVTPL nuair (i) atá an tsócmhainn airgeadais á coimeád le haghaidh trádála, (ii) nuair atá an tsócmhainn sainithe mar FVTPL nó (iii) nuair comaoin theagmhasach atá sa tsócmhainn a d'fhéadfadh éadálaí a íoc mar chuid de chomhcheangal gnó lena mbaineann IFRS 3.

Déantar sócmhainní airgeadais ag FVTPL a shonrú ag a luach cóir le haon ghnóthachain nó caillteanais a eascraíonn ó atomhas á aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais. Déantar luach cóir a shocrú sa bhealach atá sainithe i nóta 24.

Ráthaíochtaí Airgeadais

Le linn gnáthchúrsaí gnó, soláthraíonn an Grúpa ráthaíochtaí agus bannaí do thríú páirtithe agus d'fhochuideachtaí. I gcásanna ina meastar éilimh a bheith dóchúil, úsáidtear an tsamhail le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha.

**m) Glan(Chostais)/Ioncam Airgeadais**

Cuimsíonn costais airgeadais ús iníoctha ar iasachtaí, muirear maoinithe ar sholáthairtí (a aithnítear i ndiaidh measúnaithe más ábharach), gluaiseachtaí luacha chóir ar shócmhainní airgeadais a aicmítear mar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais, agus glanchostais úis pinsin. Úsáidtear modh an úis ghlain le costais iasachta nach bhfuil go díreach inchurtha i leith ceannach, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithe a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais. Cuirtear an ráta lascaine i bhfeidhm ar an nglandliteanas sainithe nó ar an nglansócmhainn shainithe ag tús na tréimhse chun an glanchostas úis ar phinsin a ríomh.

Cuimsíonn ioncam airgeadais gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais atá aicmithe mar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais nó aon ioncam úis ar chistí infheistithe. Déantar ioncam úis a aithint de réir mar a bhfabhraíonn sé i mbrabús nó caillteanas, ag baint úsáide as modh an úis ghlain.

Cuirtear i láthair coigeartuithe luacha chóir ar ionstraimí maoinithe a aithnítear i mbrabús nó caillteanas mar ioncam airgeadais nó costais airgeadais, mar is cuí.

**n) Cáin Ioncaim**

Cuimsíonn speansas cánach ioncaim cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid a bhaineann sé le míreanna atá aitheanta go díreach i ngnáthscaireanna nó in ioncam cuimsitheach eile.

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin iníoctha nó infhála mheasta ar an ioncam nó caillteanas inchánach don bhliain, agus úsáid á baint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i dtaobh na mblianta roimhe sin. Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear cáin iarchurtha i dtaca le difríochtaí sealadacha idir méideanna anonn sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Déantar cáin iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach a bhfuil súil leo a bheidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil leis go n-iompóidh difríochtaí sealadacha, bunaithe ar rátaí cánacha agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh den chuid is mó roimh an dáta tuairiscithe.

Meastar go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus mar sin ní aithnítear í go dtí, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dóchúil go mbeidh brabúis inchánach oiriúnacha sna blianta beaga atá amach romhainn, óna mbeifear in ann aisiompú na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha a dhéaduchtú.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear foráil le haghaidh na nithe sin dá bhfuil an socrú cánach éiginnte, ach meastar gur dócha go mbeidh eis-sreabhadh cistí chuig údarás cánach ann amach anseo. Déantar na forálacha a thomhas ag an meastachán is fearr den mhéid a bhfuiltear ag súil lena éirí iníoctha. Tá an measúnú bunaithe ar bhreithiúnas gairmithe cánach sa Ghrúpa, á thacú ag taithí roimhe maidir le gníomhaíochtaí mar sin agus, i gcásanna áirithe, bunaithe ar chomhairle neamhspleách chánach.

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**o) Brabús Oibriúcháin**
Luaitear an brabús oibriúcháin roimh na glanchostais airgeadais agus cánachas.

**p) Idirbhearta rialála coiteanna**
Tugtar cuntas ar idirbhearta idir eintitis faoi rialú comhchoiteann ar luach seilbhe, agus aithnítear aon difear idir sin agus an chomaoin a d'íoc/a fuarthas i gcothromas mar ranníoc/dáileadh caipitiúil.

**q) Bearta Neamh-GAAP**
Sainítear EBITDA mar thuillimh roimh ús, cháin, dhímheas agus amúchadh. Sainítear glanfhiachas mar iasachtaí iomlána agus fiachais eile coigeartaithe i gcomhair tionchar fálaithe luacha chóir lúide taiscí airgid. Úsáideann an Grúpa na bearta neamh-GAAP seo chun eolas úsáideach faoi fheidhmíocht agus airgeadas a chur ar fáil don lucht bainistíochta, do scairshealbhóirí agus do pháirtithe leasmhara eachtracha.

### Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta

Éilítear ar an nGrúpa, agus na polasaithe cuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm aige, meastacháin, boinn tuisceana agus breithiúnais áirithe a dhéanamh a chreideann sé iad a bheith réasúnach bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil. Déantar iad sin a mheasúnú agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Rinne an Grúpa impleachtaí an athraithe aeráide ar a chuid oibríochtaí agus gníomhaíochtaí a mheas, leagtar amach tuilleadh eolais thíos. Táthar i ndiaidh tosca ábhartha maicreacnamaíocha a bhreithniú go cuí, paindéim Covid-19 san áireamh.

Bíonn tionchar ag na meastacháin, boinn tuisceana agus breithiúnais sin ar na méideanna sócmhainní agus dliteanais atá ann ar dháta na ráiteas airgeadais agus ar na méideanna ioncaim agus costais a aithnítear i rith na dtréimhsí tuairiscithe a chuirtear i láthair. D'fhéadfadh éifeacht ábhartha a bheith ag athruithe ar na meastacháin sin ar na ráitis airgeadais.

Ar bhonn leanúnach, úsáideann an Grúpa modhanna éagsúla lena mheastacháin a mheasúnú: taithí stairiúil, comhairliúchán le saineolaithe agus modhanna eile ar meastar iad a bheith réasúnach sna tosca áirithe atá ann. D'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin seo, agus déantar a dtionchar siúd a aithint sa tréimhse ina dtagann na fíricí is cúis leis an athbhreithniú chun solais.

**(i) Breithiúnais chriticiúla le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm**
Is iad seo a leanas na breithiúnais chriticiúla seachas iad sin a bhaineann le meastacháin (a ndéileáiltear leo astu féin thíos) atá déanta ag an nGrúpa agus na beartais chuntasaíochta sin á gcur i bhfeidhm agus a bhfuil an éifeacht is mó acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

(a) Rangú ar chostas idir caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitil
Teastaíonn breithiúnais shuntasacha le caiteachas a rangú mar chaiteachas caipitil nó oibriúcháin, go háirithe i gcásanna a mbíonn eilimintí de ghníomhaíochtaí feabhsúcháin (caipiteal) agus cothabháil (oibriúchán) araon ann. Tá beartais, rialúcháin agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ag an nGrúpa leis na rioscaí a mhaolú ó thaobh chaiteachas neamh-incháilithe a chaipitliú de.

**(ii) Neamhchinnteacht sna meastacháin**
Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí maidir leis an am atá le teacht agus maidir leis na príomhfhoinsí eile as a dtagann neamhchinnteacht meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, a bhféadfadh riosca suntasach a bheith ag baint leo maidir le coigeartú ábhartha a dhéanamh ar na suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas taobh istigh den bhliain seo chugainn.

(a) Sócmhainní bonneagar agus na sócmhainní a úsáidimid inár ngnó
Ar an 31 Nollaig 2021, ba é €2,499.3 milliún comhiomlán réadmhaoin, ghléasra agus threalamh agus shócmhainní dóláimhsithe an Ghrúpa (2020: €2,496.3 milliún), arbh é sin tromlach shócmhainní an Ghrúpa. Dá bhrí sin, tá na meastacháin agus na boinn tuisceana a rinneadh leis an luach anonn a dheimhniú ríthábhachtach sna ráitis airgeadais mar gheall go bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag in-aisghabhálacht na méideanna, nó a heasnamh sin, ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an Ghrúpa amach anseo.

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Aithníonn an Grúpa muirir dhímheasa agus amúchta go bliantúil (2021: €140.8 milliún agus 2020: €135.3 milliún) a ríomhtar go príomha chun costas a bhaineann le réadmhaoin, ghléasra agus threalamh agus sócmhainní doláimhsithe a laghdú thar a saol ionchais fóinteach eacnamaíoch (UELs).

I gcás réadmhaoine, gléasraí agus trealaimh go háirithe, tá gá le breithiúnas suntasach chun saolréanna fóinteacha measta (UELs) le haghaidh sócmhainní a shocrú, atá bunaithe ar thaithí, ionchais don am atá le teacht agus fachtóirí eile. Leagtar amach sna polasaithe cuntasaíochta seo an saol fóinteach measta le haghaidh aicmithe sócmhainní móra. Déanann an Grúpa athbhreithniú ar shaol fóinteach sócmhainní go bliantúil agus déantar aon athrú atá ag teastáil a choigeartú go hionchasach. Cuimsíonn an t-athbhreithniú seo breithniú ar uaillmhianta an Ghrúpa maidir le dícharbónú chomh maith le beartais agus pleananna an Rialtais i réimse gníomhaithe ar son na haeráide agus spriocanna i leith astaíochtaí ceaptha teasaí. Tá an Grúpa den tuairim go bhfuil saolréanna na sócmhainní aitheanta an meastachán is fearr fós ar shaol fóinteach na sócmhainní. Mar gheall ar a thábhachtaí agus atá an infheistíocht sócmhainní don Ghrúpa, d'fhéadfadh éagsúlachtaí idir saol fóinteach eacnamaíoch iarbhír agus measta tionchar a imirt ar thorthaí san am atá le teacht, tionchar dearfach nó diúltach. . Níor aithin an Grúpa, san am atá caite, aon athruithe ar shaol fóinteach a raibh tionchar ábhartha acu ar thorthaí oibriúcháin. Féach ar nóta 9 i gcomhair anailís íogaire ar an tionchar áit a ndearnadh talamh slán de shaol eacnamaíoch úsáideach ní ba ghiorra do réadmhaoin, ghléasra agus threalamh an Ghrúpa.

(b) Oibleagáidí leasa scoir
Tugtar lascaine ar shreafaí airgid sochair réamh-mheasta an Ghrúpa atá ina mbonn taca lena oibleagáid leasa scoir ag ráta a shocraítear trí thagairt do thorthaí margaidh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ar bhannaí corparáide d'ardcháilíocht. Tá gá le breithiúnas suntasach nuair atáthar ag socrú critéar do bhannaí a bheadh ináirithe don phobal óna dtagann an cuar toraidh. Is iad na critéir is tábhachtaí a mheastar le bannaí a roghnú ná méid eisithe na mbannaí corparáide, cáilíocht na mbannaí agus aitheantas na n-asluiteach atá fágtha amach. Tá gá le breithiúnas suntasach chomh maith nuair a bhíonn an cuar toraidh á dhíorthú ag téarmaí níos faide, ós rud é go bhfuil líon na mbannaí corparáide ardcháilíochta fadreathacha tearc ag faid níos faide. Sonraítear íogaireachtaí i nóta 18 maidir leis na príomhthoimhdí a úsáidtear chun dliteanais na scéime a thomhas.

(c) Forálacha agus dliteanais eile
Baineann neamhchinnteacht sa mheastachán le measúnaithe a dhéantar ar na torthaí airgeadais de staideanna tráchtála agus dlíthiúla neamhchinnte, agus is gá breithiúnas, meastachán agus toimhdí a úsáid. Is ionann na méideanna atá aitheanta mar sholáthar agus meastachán is fearr an Ghrúpa ar an gcaiteachas a theastaíonn chun oibleagáidí reatha a shocrú ar an dáta tuairiscithe. Agus an toradh is dóchúla á mheas, bunaíonn an Grúpa a mheastachán ar an bhfaisnéis atá ar fáil, ar thaithí stairiúil, ar chomhairle ó chomhairleoirí dlí agus saineolaithe eile agus ar thosca ábhartha eile ar creidtear iad a bheith réasúnta faoi mar a sheasann cúrsaí. Mar sin tagtar ar mheastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe chun déanamh cinnte go bhfreagraíonn na méideanna arna bhfabhrú don mheastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Grúpa sa deireadh. D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar an bhforáil a éilítear san am atá le teacht mar gheall ar fhorbairtí nua agus de réir mar a chuirtear faisnéis bhreise ar fáil. De bharr nádúr na bhforálacha sin agus neamhchinnteacht an mheastacháin atá i gceist, ní mheastar é a bheith praiticiúil anailís íogaireachta bhreise a dhéanamh ar na méideanna seo.

**(iii) Athrú Aeráide**
Leanann an Grúpa ar aghaidh lena mheasúnú a fhorbairt maidir leis an tionchar fadtéarmach a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide ar na sócmhainní agus dliteanais ina ráitis airgeadais. Rinneadh tionchar an athraithe aeráide a mheas agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú thar roinnt réimsí, i dtaca le luacháil na maoine, na gléasraí agus an trealaimh i seilbh an Ghrúpa den chuid is mó, mar a chuirtear síos air thuas.

## 2. Faisnéis Rannóige

Le linn 2015, d'aistrigh an Mháthairchuideachta an fiachas ar fad chuig a fochuideachta a ionchorpraíodh díreach ansin, Líonraí Gáis Éireann. Dá bharr sin, níl an Grúpa laistigh de raon feidhme Dheighleoga Oibriúcháin IFRS 8 a thuilleadh, ach tá rogha déanta ag an nGrúpa an fhaisnéis rannóige seo a leanas a chur i láthair.

| Rannóg | Suíomh geografach | Cur síos ar tháirgí agus sheirbhísí |
|---|---|---|
| Líonraí Gáis Éireann | Éire agus an RA | Forbraíonn, oibríonn agus cothabhálann gnó Líonraí Gáis Éireann na líonraí tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha in Éirinn agus cuireann siad seirbhísí iompair gáis ar fáil do sholáthraithe agus lastóirí. Chomh maith leis sin, is le rannóg gnó Líonraí Gáis Éireann an dá phíblíne Idirnascaire gháis idir Albain agus Éire, a dhéanann an rannóg a oibriú. Tá sócmhainní bonneagair líonra ag an rannóg i dTuaisceart Éireann agus in Oileán Mhanann. Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha a thagann ioncam an Ghrúpa.<br><br>Tá gnó Aurora Telecom, a sholáthraíonn bonneagar leathanbhanda snáithín optúil dhorcha ardchaighdeáin, mar chuid den rannóg seo chomh maith. |
| Máthairchuideachta Ervia | Éire | Le linn na bliana 2021, chuimsigh oibríochtaí Mháthairchuideachta Ervia réimsí nach bhfuil faoi réim rannóg gnó Líonraí Gáis Éireann, a n-áirítear;<br>• Seirbhísí Gnó, a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil don Ghrúpa sna réimsí seo: Seirbhísí Idirbhirt, Airgeadas, Acmhainní Daonna, TF, Árachas, Saoráidí agus Tacaíocht Tionscadal.<br>• Ionad Grúpa atá déanta suas d'oifig Phríomhfheidhmeannach an Ghrúpa, Airgeadas Grúpa, AD Grúpa, Cúrsaí Dlí, Straitéis agus Rialáil Tráchtála, agus<br>• Tionscadail Mhóra, lárionad feabhais chun príomhthionscadail straitéiseacha um bonneagar gáis agus uisce a chur i gcrích.<br>• Tugann Slabhra Soláthair tacaíocht don ghrúpa iomlán.<br><br>Déantar costais i dtaobh Ervia a athmhuirearú ar rannóga gnó Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann. Tá costais oibriúcháin na rannóige seo leagtha amach thíos glan ó na hathmhuirir agus is é atá iontu go príomha ná costais phinsin nach costais airgid thirim iad. |

I gcomhréir le IFRS 10, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa (mar a mhínítear tuilleadh i nóta 26). Dá bharr sin, níl Uisce Éireann cuimsithe sa nóta sin.

### (a) Ioncam de réir ionaid gheografaigh

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Éire | **433,189** | 410,972 |
| An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | **43,008** | 36,305 |
Déantar ranníocaíochtaí custaiméirí ó naisc nua, a fhaightear roimh ré, a thaifeadadh ar dtús mar ioncam iarchurtha. Scaoiltear na ranníocaíochtaí sin chuig an ráiteas ioncaim ansin mar ioncam, de réir mar a chuirtear na hoibreacha naisc (oibleagáid feidhmíochta) i gcrích.

## 20. Deontais

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(76,470)** | (83,206) |
| Is infhaighte sa bhliain | **(1,327)** | (1,213) |
| Amúchta | **6,583** | 6,500 |
| Arna chur chun sochair an ráitis ioncaim | **738** | 395 |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | **(1,045)** | 1,054 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(71,521)** | (76,470) |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-21 €'000 | 31-Noll-20 €'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | **(64,883)** | (69,857) |
| Reatha | **(6,638)** | (6,613) |
| **Iomlán** | **(71,521)** | (76,470) |

Sa ráiteas ioncaim, ní aithnítear aon choinníollacha a bhaineann le deontais nár comhlíonadh. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh deontais éirí in-aisíoctha mura gcloífí leis na coinníollacha a leagadh síos sna comhaontuithe deontais. Níl an Grúpa ag súil go dtiocfaidh imthosca mar sin chun cinn agus níor aisíocadh deontais sa bhliain airgeadais reatha nó sa bhliain airgeadais roimh ré.

Deontais €1.3 milliún infhaighte le haghaidh 2021 (2020: €1.2 milliún) a bhain le maoiniú deontais ó Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpaigh (INEA) le haghaidh staidéar oibre maidir le gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, i leith infheistíochta i stáisiúin Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite agus bonneagar a bhaineann le Bithghás chomh maith le forbairt beartas agus nósanna imeachta i dtaca le Teicneolaíocht Oibríochtúil Gáis Líonraí Gáis Éireann. Tá roinnt coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú deontais sin fós i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

## 21. Soláthairtí, Teagmhais agus Gealltanais Caipitil

### Soláthairtí

| | Athstruchtúrú €'000 | Éilimh fhéinárachaithe €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2021** | (82) | (8,067) | (8,149) |
| Soláthairtí déanta | - | (468) | (468) |
| Soláthairtí úsáidte | 34 | 772 | 806 |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | (48) | (7,763) | (7,811) |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-21 €'000 | 31-Noll-20 €'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | (6,198) | (3,391) |
| Reatha | (1,613) | (4,758) |
| **Iomlán** | (7,811) | (8,149) |

### Athstruchtúrú

Le linn 2013, d'fhógair Grúpa Ervia clár deonach téarfa agus luathscoir le haghaidh fostaithe a chomhlíon critéir cháilitheacha áirithe. Rinne an Grúpa íocaíochtaí foirceanta agus íocaíochtaí pinsin gaolmhara €0.034 milliún ar an gcomhiomlán le linn 2021 maidir le ceathrar fostaithe a chuaigh ar scor faoi théarmaí an chláir. Meastar go mbeidh an chuid is mó de na dliteanais sin glanta faoi 2023.

### Éilimh fhéinárachaithe

Tá féinárachas ag an nGrúpa maidir le héilimh áirithe chun díobháil agus damáiste a ghnóthú. Tá an fhoráil ann ag deireadh na bliana le haghaidh na gcostas measta a bhaineann le teagmhais atá i ndiaidh tarlú suas leis an 31 Nollaig 2021. Déantar na híocaíochtaí de réir mar a réitítear na cásanna. Cuimsítear an muirear sa ráiteas ioncaim faoi chostais oibriúcháin. Mar gheall ar nádúr na n-éileamh sin níltear cinnte faoi dháta an tsocraithe ach measann an Grúpa go mbeidh an chuid is mó d'éilimh socraithe faoi 2024.

### Teagmhais

Tá dliteanais theagmhasacha i dtaobh deontais nochta i nóta 20.

Bíonn an grúpa faoi réir dlíthíochta, éileamh agus díospóidí conartha éagsúla le linn ghnáthchúrsa na n-oibríochtaí. Cé go mbíonn gné éiginnteachta ag gabháil le himeachtaí ar bith den sórt sin, ní mheasaimid go mbeidh drochéifeacht ábhartha ag réiteach na n-imeachtaí sin sa deireadh ar thorthaí an Ghrúpa ó oibríochtaí, ar shreafaí airgid oibriúcháin ná ar ghlanseasamh airgeadais.

### Gealltanais chaipitil

| | 2021 €'milliún | 2020 €'milliún |
|---|---|---|
| Caiteachas caipitil atá ar conradh ach nach bhfuil soláthar déanta ina leith | 56 | 55 |

## 22. Trádáil agus suimeanna iníoctha eile

| | 31-Noll-21 €'000 | 31-Noll-20 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna iníoctha trádála | **(18,866)** | (9,778) |
| Speansais fhabhraithe | **(100,451)** | (80,174) |
| Suimeanna iníoctha eile | **(51,775)** | (30,514) |
| Cáin agus creidiúnaithe árachais shóisialaigh | **(19,647)** | (17,434) |
| **Iomlán** | **(190,739)** | (137,900) |
| | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamh-reatha | **(15,751)** | (15,709) |
| Reatha | **(174,988)** | (122,191) |
| **Iomlán** | **(190,739)** | (137,900) |
| | | |
| **Cáin agus creidiúnaithe árachais shóisialaigh** | | |
| ÍMAT/árachas sóisialta | **(3,143)** | (3,843) |
| CBL | **(16,504)** | (13,591) |
| **Iomlán** | **(19,647)** | (17,434) |

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

### Conarthaí i malairt eachtrach agus babhtálacha airgeadra

Chuaigh an Grúpa i mbun conarthaí i malairt eachtrach i dtaca le híocaíochtaí soláthraithe (atá i ndollair SAM agus i steirling) agus i dtaca le fálú oibriúcháin atá bunaithe ar steirling. Tá aibíochtaí ag na conarthaí seo a shíneann chomh fada le 2024. Ní dhearnadh na trádálacha a bhí i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2021 a shainiú chun críocha cuntasaíochta fálaithe.

### Babhtálacha trasairgeadra ráta úis (CCIRS) agus babhtálacha ráta úis

Aisíocadh tráinse deiridh fhiach an Láithrithe Phríobháidigh de chuid an Ghrúpa, €111 milliún, ar an 31 Márta 2021 i mbealach a bhí ag teacht leis an sceideal. Rinneadh na babhtálacha trasairgeadra ráta úis (CCIRS) agus na babhtálacha ráta úis bainte leis a úsáideadh chun an nochtadh seo a fhálú freisin a aibiú ar an 31 Márta 2021. Rinneadh CCIRS a shainiú mar ionstraim fhálaithe. Faoi ghaol na cuntasaíochta fálaithe, déantar an bhabhtáil trasairgeadra a dhí-chomhbhailiú ina dá ghné éagsúla. Déantar iad a shainiú i bpáirt mar seo: fálú cóirluacha (sainithe - FVTPL) agus fálú ar an sreabhadh airgid (FVTOCI)Ní dhearna na babhtálacha ráta úis a shainiú chun críocha cuntasaíochta fálaithe.

### Aicmithe cuntasaíochta agus luachanna córa

Comhcheanglaíonn an tábla seo a leanas eolas maidir le:

- aicmí ionstraimí airgeadais bunaithe ar a gcineál agus ar a saintréithe;
- méideanna anonn na n-ionstraimí airgeadais;
- luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais (seachas ionstraimí airgeadais nuair atá an méid anonn geall le bheith comhionann lena luach cóir); agus
- leibhéil ordlathais luachanna córa do shócmhainní airgeadais agus do dhliteanais airgeadais ar nochtadh luach cóir ina leith.

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Féach ar nóta 24 le haghaidh nochtuithe faoi IFRS 13 maidir le tomhas luachanna córa.

| | Ordlathas luachanna córa | FVTPL – neam-hainmnithe €'000 | FVTPL – ainmnithe €'000 | FVTOCI €'000 | Iomlán ar chostas amúchta €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | | | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | | | |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | 1,273 | - | - | - | 1,273 |
| Trádáil agus infháltais eile² | | - | - | - | 90,517 | 90,517 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid³ | | - | - | - | 87,297 | 87,297 |
| Taiscí srianta | | - | - | - | 46,348 | 46,348 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | 1,273 | - | - | 224,162 | 225,435 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile⁴ | | - | - | - | (1,035,429) | (1,035,429) |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | (612) | - | - | - | (612) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile¹ | | - | - | - | (70,641) | (70,641) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | (612) | - | - | (1,106,070) | (1,106,682) |
| **Glan(dliteanais)/sócmhainní airgeadais** | | 661 | - | - | (881,908) | (881,247) |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | | | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis trasairgeadra | Leibhéal 2 | - | 5,618 | (1,371) | - | 4,247 |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | 271 | - | - | - | 271 |
| Trádáil agus infháltais eile² | | - | - | - | 73,780 | 73,780 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid³ | | - | - | - | 122,887 | 122,887 |
| Taiscí srianta | | - | - | - | 17,603 | 17,603 |
| **Iomlán na sócmhainní/(dliteanais) airgeadais** | | 271 | 5,618 | (1,371) | 214,270 | 218,788 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile⁴ | Leibhéal 2 | - | (4,131) | - | (1,146,721) | (1,150,852) |
| Babhtálacha ráta úis | Leibhéal 2 | (132) | - | - | - | (132) |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | (145) | - | - | - | (145) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile¹ | | - | - | - | (40,292) | (40,292) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | (277) | (4,131) | - | (1,187,013) | (1,191,421) |
| **Glan(dliteanais)/sócmhainní airgeadais** | | (6) | 1,487 | (1,371) | (972,743) | (972,633) |

¹.Níor cuireadh speansais agus dliteanais chánach fabhraithe san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

² Níor cuireadh réamhíocaíochtaí san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

³ Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh agus tuairiscítear an glanmhéid sa chlár comhardaithe nuair atá ceart infheidhmithe le dlí ag an nGrúpa na méideanna a aithnítear a fhritháireamh agus nuair atá rún ann iad a shocrú ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna. Ar an 31 Nollaig 2021, tá €25.1 milliún in airgead tirim agus coibhéisí airgid (2020: €66.1 milliún) frithchaite in éadan rótharraingtí bainc €0.3 milliún (2020: €28.1 milliún), agus cuireadh glansuíomh €24.8 milliún i láthair mar airgead tirim agus coibhéisí airgid (2020: €37.9 milliún). Ar an 31 Nollaig 2021, ní raibh an Grúpa i ndiaidh dul isteach in aon mháistirshocrú glanluachála ná socruithe eile mar sin.

⁴Ba é luach cóir na n-iasachtaí agus an fhiachais eile ar an 31 Nollaig 2021 ná €1,073.8 milliún (2020: €1,227.5 milliún).

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Is mar seo a leanas luachanna córa ionstraimí airgeadais, iad rangaithe de réir aicmiú na hionstraime:

| | Sócmhainní neamhreatha €'000 | Sócmhainní reatha €'000 | Dliteanais neamhreatha €'000 | Dliteanais reatha €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Conarthaí i malairt eachtrach | 378 | 896 | (189) | (424) | 661 |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | **378** | **896** | **(189)** | **(424)** | **661** |
| | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | - | - | - | (132) | (132) |
| Babhtálacha ráta úis trasairgeadra | - | 4,247 | - | - | 4,247 |
| Conarthaí i malairt eachtrach | - | 271 | - | (145) | 126 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | - | 4,518 | - | (277) | 4,241 |

### Sócmhainní agus dliteanais díorthacha atá aitheanta mar fháluithe

Cuireann an Grúpa na critéir atá sainithe ag IFRS 9 i bhfeidhm d'fhonn na díorthaigh a aicmiú mar fhálta. Is iad na hionstraimí díorthaigh atá eachtrach don Ghrúpa amháin a cháilíonn don chuntasaíocht fhálaithe. I ndiaidh aibíocht fhiach an Láithrithe Phríobháidigh agus na CCIRS a ghabhann leis, ar an 31 Márta 2021, ní iompraíonn an Grúpa díorthaigh sonraithe do chríocha maidir le cuntasaíocht fhálaithe.

Déantar éifeachtúlacht an fhálaithe a shocrú ag tús na gaolmhaireachta fálaithe agus trí mheasúnuithe tráthúla a dhéanamh ar éifeachtúlacht ionchasach chun a chinntiú go bhfuil gaolmhaireacht eacnamaíoch fós ann idir an mhír fhálaithe agus an ionstraim fhálaithe.

Úsáideann an Grúpa na catagóirí seo a leanas le haghaidh fálta:

**(i) Fálaithe luacha chóir (sainithe - FVTPL)**
Ní dhearna aon fhálaithe a shainiú i ngaolmhaireacht fálaithe luacha chóir ar an 31 Nollaig 2021. Ba é cion neamhéifeachtach na bhfálaithe luacha chóir ná €nialas le haghaidh 2020 agus 2021.

**(ii) Fálaithe sreabhaidh airgid (FVTOCI)**
Ní dhearna aon fhálaithe a shainiú i ngaolmhaireacht fálaithe sreabhaidh airgid ar an 31 Nollaig 2021. Ba €nialas an luach a aithníodh sa chuntas brabúis agus caillteanais mar gheall ar neamhéifeacht fálaithe ar an sreabhadh airgid in 2021 (2020: €nialas).

Is mar seo a leanas an luaineacht i gcúlchiste an Ghrúpa le haghaidh fálú ar an sreabhadh airgid (roimh cháin):

| | CCIRS €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2021** | (1,371) | (1,371) |
| Glanathrú ar luachanna córa | 1,371 | 1,371 |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | - | - |

### Bainistíocht riosca airgeadais

Tá beartais bainistithe riosca airgeadais curtha ar bun ag an nGrúpa chun na rioscaí atá ann don Ghrúpa a shainaithint agus a anailísiú, le srianta agus rialaithe fóirsteanacha riosca a leagan síos agus le monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus go gcloítear le teorainneacha. Déantar beartais agus córais bainistithe riosca airgeadais a athbhreithniú go rialta ionas go mbeidh siad ag teacht le hathruithe sna dálaí margaidh agus le gníomhaíochtaí an Ghrúpa. Sna caighdeáin agus nósanna imeachta oiliúna agus bainistíochta atá ag an nGrúpa, déantar iarracht timpeallacht rialaithe a fhorbairt atá idir eagraithe agus fhiúntach, ina dtuigeann na fostaithe ar fad na róil agus oibleagáidí atá acu.

Agus díorthaigh á n-úsáid, déanann an Grúpa na ceanglais san Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992 a chomhlíonadh, chomh maith le haon cheanglais agus coinníollacha faoi mar a d'fhéadfadh an tAire Airgeadais a shonrú. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm trína ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar an gcomhlíonadh sin agus mar sin é a thuairisciú don Bhord go rialta.

Ní dhéantar feidhm chistíochta an Ghrúpa a oibriú mar aonad brabúis agus déantar bainistíocht ar staideanna airgid ar bhealach chun riosca a sheachaint. Tá cúis bhailí bhunúsach ghnó taobh thiar de gach idirbheart ciste agus tá diantoirmeasc ar sheasaimh amhantracha.

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

**(i) Riosca creidmheasa**

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe lena dtéann sé i mbun idirbheart. Cuimsítear leis sócmhainní arna gcoimeád le bainc agus institiúidí airgeadais, idirbhearta i ndáil le hionstraimí airgeadais díorthacha agus nochtuithe creidmheasa a thagann chun cinn ó chaidrimh thrádála le custaiméirí. Is é cuspóir na bainistíochta riosca creidmheasa ná neamhchosaint ar riosca creidmheasa a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha.

Freagraíonn suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais don uasmhéid neamhchosanta creidmheasa, ar an dáta tuairiscithe:

| | 31-Noll-21 €'000 | 31-Noll-20 €'000 |
|---|---|---|
| Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh) | **90,517** | 73,780 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **87,297** | 122,887 |
| Taiscí srianta | **46,348** | 17,603 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **1,273** | 4,518 |
| **Iomlán** | **225,435** | 218,788 |

### (i) (a) Riosca creidmheasa a bhaineann le ciste

Tugann Ciste faoi ghníomhaíochtaí cistíochta uile thar ceann an Ghrúpa Ervia. Déanann Ciste an Ghrúpa na rioscaí creidmheasa bainteach le ciste a bhainistiú trí húsáid a bhaint as teorannacha creidmheasa frithpháirtí, a thógann san áireamh, i measc fachtóirí ábhartha eile, rátálacha creidmheasa foilsithe. Is é polasaí an Ghrúpa ná go gcuirtear airgead i dtaisce den chuid is mó le hinstitiúidí a choimeádann rátáil creidmheasa de ghrád infheistíochta. Déanann Ciste an Ghrúpa a neamhchosaint ar chontrapháirtí ciste a mheas agus a thomhas go rialta.

Déantar na trádálacha díorthacha uilig a chur i gcrích ag cloí le Sonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais, arna n-eisiúint i gcomhréir le forálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992, a eisíodh den uair dheireanach i Nollaig 2020. Leagan sé sin amach na critéir ar gá a chomhlíonadh maidir le gach contrapháirtí díorthaigh a mbíonn gnó ag an nGrúpa leis. Déanann Ciste an Ghrúpa a neamhchosaint ar chontrapháirtí ciste a mheas agus a thomhas go rialta. Nuair a d'fhéadfadh an neamhchosaint ar ionstraimí díorthacha a bheith ábhartha i leith ghlanfhiachas an Ghrúpa, déanfar a mheas ar chóir don Ghrúpa dul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa.

*Ráthaíochtaí Airgeadais*

I ngnáthchúrsa a ghnó, téann an Grúpa i mbun gnóthais agus gealltanais áirithe le haghaidh tríú páirtithe i dtaobh oibleagáidí a fheidhmiú faoi shocruithe conarthacha. Tá oibleagáidí chuig tríú páirtithe ráthaithe ag litreacha creidmheasa nó eisithe ag institiúidí airgeadais. Cé gur féidir nach dtugtar aitheantas do na hoibleagáidí seo ar chlár comhardaithe an Ghrúpa, bíonn rioscaí creidmheasa ann atá bainteach leis na hionstraimí seo mar cuireann siad an Grúpa faoi gealltanas íocaíochtaí a dhéanamh, thar ceann fochuideachtaí, i gcás gnímh shonraigh agus, mar sin de, bíonn siad mar chuid de riosca foriomlán an Ghrúpa. Liostaítear thíos na luachanna ainmniúla de na gealltanais sin (i.e. uasnochtadh do riosca creidmheasa faoi na hoibleagáidí sin).

| | 31-Noll-21 €'000 | 31-Noll-20 €'000 |
|---|---|---|
| Litreacha creidmheasa | **700** | 1,400 |
| **Iomlán** | **700** | 1,400 |

### (i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil

Féach nóta 12 le haghaidh anailís ar neamhchosaint an Ghrúpa ar riosca creidmheasa a bhaineann le trádáil.

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

**(ii) Riosca maoinithe agus leachtachta**

Is ionann cur chuige an Ghrúpa maidir le riosca maoinithe agus leachtach a bhainistiú ná a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun a chuid dliteanas a chomhlíonadh nuair atá siad dlite, bíodh sé sin i rith ghnáthdhálaí nó i ndálaí anáis. Tá Cistíocht an Ghrúpa freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain ag an nGrúpa ar leachtacht leordhóthanach le déanamh cinnte de go mbeidh an Grúpa in ann oibleagáidí a eascraíonn óna oibriúcháin laethúla, oibleagáidí maidir le haibíocht fiachas agus eisíocaíochtaí infheistíochta caipitiúla a réiteach. Forbraíonn agus coimeádann Cistíocht an Ghrúpa gaolmhaireachtaí le hinstitiúidí airgeadais chun a dtuiscint ar an ngnó a fhorbairt agus chun a dtiomantas fadtéarmach don ghnó a thógáil. Déantar gach seirbhís baincéireachta agus cistíochta a aimsiú ag praghsanna iomaíocha.

### (ii) (a) Maoiniú

Tá sé mar sprioc ag an nGrúpa a dhéanamh cinnte de go mbeidh saoráidí creidmheasa tiomanta i bhfeidhm aige chun 120% dá chroí-riachtanais tionscadail a chlúdach thar bhliain amháin agus go ndéanfar na saoráidí sin a shocrú le cúnaint airgeadais agus oibriúcháin chuí chun a chinntiú go bhfuil a dhóthain solúbthachta ag an lucht bainistíochta chun a ghnó a oibriú.

Saoráidí ar fáil don Ghrúpa ar an dáta tuairiscithe;

| | 31-Noll-21 €'000 | 31-Noll-20 €'000 |
|---|---|---|
| Iasachtaí (gan dliteanais léasa san áireamh) | **(1,020,176)** | (1,134,399) |
| Saoráidí geallta | **(1,484,783)** | (1,595,600) |

Tháinig fiachas an Ghrúpa ó Láithriú Príobháideach in aibíocht an 31 Márta 2021. Úsáideadh acmhainní airgid atá cheana ann agus sreafaí airgid oibriúcháin leis an bhfuascailt sin a mhaoiniú. In 2021 thosaigh Líonraí Gáis Éireann an próiseas chun a Saoráid Chreidmheasa Imrothlaigh (RCF), príomhshaoráid leachtachta an Ghrúpa a athmhaoiniú. Críochnaíodh an próiseas seo mí Eanáir 2022 nuair a chuaigh Líonraí Gáis Éireann isteach RCF nua €300 milliún RCF le sindeacáit de bhainc idirnáisiúnta agus intíre. Tá dáta aibíochta tosaigh d'Eanáir 2027 ag an tsaoráid nua cúig bliana agus úsáidfear í le haghaidh críoch corparáideach ginearálta.

Bogadh rátáil chreidmheasa an Ghrúpa go Líonraí Gáis Éireann in 2015. Tá Líonraí Gáis Éireann rátáilte mar A ag Standard & Poor's (2020: A) agus A2 ag Moody's Investor Services(2020: A3). Leis an rátáil láidir chreidmheasa sin, cuirtear rogha leathan foinsí maoinithe ar fáil do Líonraí Gáis Éireann agus déantar a chinntiú gur féidir leis an nGrúpa maoiniú ar chostas íseal a chruinniú.

### (ii) (b) Barrachais airgid

Is chun críocha an leibhéal fiachais a laghdú a úsáidtear barrachais airgid go príomha. Cuirtear barrachais airgid i dtaisce le bainc ar contrapháirtithe iad. Déanfaidh an Grúpa airgead barrachais a infheistiú in euro nó in airgeadra oibríochtaí thar lear.

### (ii) (c) Nochtadh do riosca leachtachta

Is iad seo a leanas aibíochtaí conarthacha dliteanas airgeadais (agus sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear an íocaíocht úis nár lascainíodh a bhaineann le hiasachtaí agus na sreafaí glana airgid nár lascainíodh atá inchurtha i leith ionstraimí airgeadais. Cuimsítear sa nochtadh insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid le haghaidh díorthaigh a bhfuil socraíocht chomhlán chomhuaineach airgid ag baint leo, e.g. réamhchonradh i malairt eachtrach.

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

| | Suim ghlanluacha €'000 | Sreafaí airgid conarthacha €'000 | < 1 bhliain €'000 | 1-2 bhliain €'000 | 2-5 bliana €'000 | <5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **(1,035,429)** | **(1,123,345)** | **(11,264)** | **(11,468)** | **(834,441)** | **(266,172)** |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | **(70,641)** | **(70,641)** | **(65,224)** | **(5,417)** | **-** | **-** |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | **(1,106,070)** | **(1,193,986)** | **(76,488)** | **(16,885)** | **(834,441)** | **(266,172)** |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | **661** | **661** | **472** | **170** | **19** | **-** |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | **661** | **661** | **472** | **170** | **19** | **-** |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(1,105,409)** | **(1,193,325)** | **(76,016)** | **(16,715)** | **(834,422)** | **(266,172)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (1,150,852) | (1,235,070) | (128,499) | (10,095) | (330,437) | (766,039) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | (40,292) | (40,292) | (32,408) | (7,884) | - | - |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | (1,191,144) | (1,275,362) | (160,907) | (17,979) | (330,437) | (766,039) |
| Babhtálacha ráta úis | (132) | (266) | (266) | - | - | - |
| Babhtálacha ráta úis trasairgeadra | 4,247 | 5,628 | 5,628 | - | - | - |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | 126 | 126 | 126 | - | - | - |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | 4,241 | 5,488 | 5,488 | - | - | - |
| **Glandliteanais airgeadais** | (1,186,903) | (1,269,874) | (155,419) | (17,979) | (330,437) | (766,039) |

**(iii) Riosca margaidh**
Is é atá i riosca margaidh ná an fhéidearthacht go mbeadh drochthionchar ag athruithe ar fhachtóirí margaidh ar luach shócmhainní airgeadais, dliteanais nó sreafaí airgid ionchais an Ghrúpa don todhchaí.

Tá Ciste an Ghrúpa freagrach as riosca margaidh a bhainistiú maidir le rátaí úis agus rátaí malairte airgeadra. Déantar gach ceann de na hidirbhearta sin a chur i gcrích laistigh de na treoirlínte a leagtar síos sa Bheartas Cistíochta agus a bheartú i gcomhlíonadh le Sonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais, arna n-eisiúint i gcomhréir le forálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992, a eisíodh den uair dheireanach i Nollaig 2020. Tá Ciste an Ghrúpa ag féachaint le cuntasaíocht fálaithe a chur i bhfeidhm chun luaineacht sa bhrabús agus caillteanas a bhainistiú má bhíonn a leithéid ábhartha i gcomhthéacs an Ghrúpa.

(iii) (a) Riosca an ráta malairte
Eascraíonn riosca an ráta malairte ón bhfíric go ndéantar cuid d'oibríochtaí an Ghrúpa in airgeadraí eile seachas euro (steirling go príomha). Is é an cuspóir atá i gceist agus riosca ráta malairte á bhainistiú ná brabúsacht a chosaint agus tionchar na n-éagsúlachtaí ábhartha mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte a íoslaghdú.

**Bhí rátaí malairte GBP/EUR mar seo a leanas:**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| An meánráta | **0.860** | 0.889 |
| Ráta ag deireadh na bliana | **0.841** | 0.895 |

Is féidir nochtadh do riosca an ráta malairte a achoimriú mar seo a leanas:

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

*• Fochuideachtaí atá ag feidhmiú in airgeadra eachtrach (steirling)*
Déantar sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an tuairiscithe. Déantar torthaí oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na meánrátaí malairte don tréimhse, nuair a fhreagraíonn siad do mheastachán réasúnta de na fíor-rátaí a tabhaíodh. Déantar na difríochtaí malairte nuair a dhéantar na glansócmhainní oscailte a aistriú arís, agus na torthaí, a aithint san ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de chothromas (cúlchiste aistrithe). Déanann Ciste an Ghrúpa monatóireacht ar an riosca sin, agus má mheastar gur riosca ábhartha é, déanann siad fálú ar an riosca agus margaí malairte eachtraí á n-úsáid.

Aistrítear cistiú inghrúpa d'fhochuideachtaí airgeadra eachtraigh go euro. Úsáidtear na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe leis sin a dhéanamh. Tógtar an brabús/caillteanas a thagann chun cinn ar aistriú chistiú in-ghrúpa go fochomhlachtaí eachtracha chuig an ráiteas ioncaim. Déantar an brabús/caillteanas a eascraíonn ó aistriú na ndliteanas airgeadra eachtraigh a aistriú chuig an ráiteas ioncaim freisin, sa mhéid agus a úsáidtear iad chun airgead a sholáthar nó fálú a dhéanamh in aghaidh an chistithe inghrúpa i bhfochuideachtaí eachtracha.

*• Neamhchosaint ar idirbhearta*
Ó am go chéile déanann an Grúpa ceannacháin in airgeadraí eachtracha. Is é beartas an Ghrúpa an neamhchosaint seo ar idirbheart a bhainistiú. Leis sin a dhéanamh, féachtar chun ceannacháin agus díolacháin a ghlanluacháil in airgeadraí eachtracha sa mhéid agus is féidir. Áit nach féidir é sin a dhéanamh, déanfar nochtuithe a fhálú agus úsáid á baint as díorthaigh atá ceadaithe faoin bPolasaí Ciste.

Faoi réir an Bheartais Chistíochta, déanfar aon idirbheart ionchasach a bhfuil coibhéis níos mó ná €300,000 aige in airgeadraí eachtracha a mheas i dtaca leis na rioscaí gnó a mbaineann leis agus, más cuí sin, déanfar na rioscaí airgeadra a fhálú chun aon neamhréireanna diúltacha a d'fhéadfadh eascairt as gluaiseachtaí airgeadra a mhaolú.

### Anailís ar íogaire ráta malairte
Dá n-éiríodh an euro níos láidre nó níos laige, mar a léirítear thíos, i gcomparáid le steirling ar an 31 Nollaig, thagadh méadú/(laghdú) ar ioncam cuimsitheach eile agus ar bhrabús nó caillteanas den mhéid a thaispeántar thíos. Tá an anailís seo bunaithe ar neamhréireanna sa ráta malairte, a mheas an Grúpa go réasúnach go bhféadfadh siad a bheith ann ag an dáta tuairiscithe. Glacann an anailís leis go bhfanann na neamhréireanna eile ar fad, go háirithe rátaí úis, seasta agus déanann sí neamhshuim de thionchar na ndíolachán agus na gceannachán a bhfuiltear ag súil leo.

| | **Brabús roimh ghnóthachan/(caillteanas) cánachais 31-Noll-21 €'000** | **Ioncam Cuimsitheach eile 31-Noll-21 €'000** | **Brabús roimh ghnóthachan/(caillteanas) cánachais 31-Noll-20 €'000** | **Ioncam Cuimsitheach eile 31-Noll-20 €'000** |
|---|---|---|---|---|
| Láidriú 5% | **(1,280)** | **(2,319)** | (241) | (1,991) |
| Lagú 5% | **1,280** | **2,319** | 241 | 1,991 |

Rinneadh na boinn tuisceana seo a leanas bunaithe ar an anailís íogaireachta thuas:

- bíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fhálaithe ar an ráiteas ioncaim amháin, agus
- bíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha ar fhálta sreabhaidh airgid iad ar ioncam cuimsitheach eile amháin (ní bhaineann seo ach le 2020 amháin).

### (iii) (b) Riosca an rátaí úis
Eascraíonn riosca an ráta úis as athruithe rátaí úis a mbíonn tionchar acu ar luach margaidh shócmhainní agus dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus a théann i bhfeidhm ar ghlanioncam trí thionchar a imirt ar mhuirir airgeadais.

Clúdaíonn nochtadh an Ghrúpa do luaineachtaí i rátaí úis dhá chineál riosca:

(i) riosca go dtiocfadh athrú ar na sreafaí airgid a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar ráta comhlúthach; agus

(ii) riosca go dtiocfadh athrú ar luach sócmhainní agus dliteanas airgeadais ar ráta seasta.

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Déanann an Grúpa monatóireacht ar neamhchosaint ar riosca ráta úis ar bhonn leanúnach d'fhonn tairbhe a bhaint as timpeallachtaí a bhfuil ráta úis íseal acu, ar mhaithe le hoibleagáidí ráta úis an Ghrúpa a réiteach agus cinnteacht maidir le próifíl caiteachais ar rátaí úis an Ghrúpa a mhéadú. Is é beartas an Ghrúpa rátaí úis seasta a choinneáil trí íosmhéid 60% den ghlanfhiachas seasta a choinneáil ar feadh bliana agus 50% de a choinneáil ar feadh trí bliana. Úsáideann an Grúpa roinnt modhanna éagsúla, lena n-áirítear dul i mbun díorthaigh a bhaineann le fiachas ráta seasta agus rátaí úis, chun an riosca ráta úis atá ar a phunann fiachais a bhainistiú.

Ba é seo a leanas céatadán fhiachas seasta agus comhlúthach an Ghrúpa (gan dliteanais léasa a chur san áireamh) amhail an 31 Nollaig:

| | 2021 €'000 | 2021 % | 2020 €'000 | 2020 % |
|---|---|---|---|---|
| Ag rátaí seasta[1] | **(920,210)** | **90.2%** | (1,034,553) | 91.2% |
| Ag rátaí comhlúthacha | **(99,966)** | **9.8%** | (99,846) | 8.8% |
| **Iomlán** | **(1,020,176)** | **100.0%** | (1,134,399) | 100.0% |

[1] Cuimsíonn an figiúr comparáideach 2020 babhtálacha ráta úis. Bhí €922.4 milliún i bhfiachas ar ráta seasta ag an nGrúpa (babhtálacha ráta úis as an áireamh) ar an 31 Nollaig 2020. Ní raibh babhtálacha ráta úis ar bith ag an nGrúpa ar an 31 Nollaig 2021.

Ar an 31 Nollaig 2020, bhí US$140 milliún d'fhiachas ráta seasta gan íoc (coibhéis €111.2 milliún) in idirbheart Láithrithe Phríobháidigh dollar SAM a críochnaíodh ar an 31 Márta 2009. D'fhonn na neamhchosaintí ar rátaí malairte dollair SAM bainteacha a fhálú agus na bunrátaí úis a thiontú chuig euro comhlúthach, bhí babhtáil thrasairgeadra ráta úis ag an nGrúpa a rinne próifíl aibíochta an fhiachais a mheaitseáil. Ar an 31 Nollaig 2020, bhí babhtálacha ráta úis gan íoc ag an nGrúpa le príomhshuim bharúlach de €111.2 milliún, rud a thosaigh i H2 2017 agus rinneadh iad a bhabhtáil ar feadh ceithre bliana, rud a dhaingnigh an ionstraim fiachais Láithrithe Phríobháidigh go héifeachtach go dtí go dtiocfadh sí in aibíocht i Márta 2021.

Ar an 31 Nollaig 2021, ba é 1.09% an meánráta úis ualaithe a gearradh ar an bpunann fiachais sheasta (2020: 1.33%) a chuimsigh trí bhanna de €925.0 milliún san iomlán .

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Bhí meánmharthanacht ag an bhfiachas ar ráta seasta de | **5.63 bliain** | 5.94 bliain |

Déantar costais úis a bhaineann le hiasachtaí ar ráta athraitheach a athshocrú ar bhonn tráthúil le haghaidh mí amháin, trí mhí nó sé mhí thar an ráta margaidh atá i réim.

### Anailís íogaireachta ar shreabhadh airgid le haghaidh fiachas ar ráta comhlúthach

Is é is aidhm do bheartais agus nósanna imeachta an Ghrúpa maidir leis riosca ráta úis a bhainistiú agus a rialú, mar a leagtar amach thuas, an tionchar atá ag luaineachtaí gearrthéarmacha sa ráta úis ar ghnóthachain an Ghrúpa a laghdú. Mar sin féin, beidh tionchar ag athruithe fadtéarmacha ar ghnóthachain an Ghrúpa.

Meastar go mbeadh tionchar ag gluaiseacht 50 bonnphointe sna rátaí úis ar an 31 Nollaig ar an mbrabús roimh chánachas de réir na méideanna a léirítear thíos, agus go mbeadh an t-athrú ar an luach cóir ar ioncam cuimsitheach eile mar a léirítear thíos:

| | Brabús roimh cháin 31-Noll-21 €'000 | Brabús roimh cháin 31-Noll-20 €'000 | Ioncam Cuimsitheach eile 31-Noll-21 €'000 | Ioncam Cuimsitheach eile 31-Noll-20 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Méadú 50 bp | **(500)** | (499) | **-** | - |
| Laghdú 50 bp | **500** | 499 | **-** | - |

Rinneadh na boinn tuisceana seo a leanas bunaithe ar an anailís íogaireachta thuas:

- fanann gach athróg eile, rátaí airgeadra eachtraigh ach go háirithe, mar an gcéanna;
- ní bhaineann ach le hionstraimí airgeadais díorthacha agus fiachas comhlúthach;
- glactar leis go bhfuil díorthaigh arna sainiú mar fháluithe sreafa airgid i gcoinne luaineachtaí i rátaí úis éifeachtach go hiomlán, arna dtaifeadadh go hiomlán laistigh de chothromas agus gan aon tionchar acu ar an ráiteas ioncaim(ní bhaineann seo ach le 2020 amháin);

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin; agus
- déileáiltear leis an gcéim chomhlúthach d'aon mhalairt nó aon fhiachas ráta chomhlúthaigh amhail is nach mbeadh aon ráta úis socraithe cheana féin, mar sin bíonn tionchar ag athrú ar rátaí úis ar feadh 12 mhíosa don chion úis fhabhraithe de na ríomhaireachtaí íogaireachta.

## 24. Tomhas Luacha Chóir

Éilíonn cuid de bheartais agus nochtuithe cuntasaíochta an Ghrúpa go ndéanfar na luachanna córa a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadais a thomhas. Agus luach cóir sócmhainne nó dliteanais á mheas aige, úsáideann an Grúpa sonraí ó mhargaí inbhraite sa mhéid agus atá na sonraí sin ar fáil.

Déantar luachanna córa a chatagóiriú i leibhéil dhifriúla in ordlathas luacha chóir bunaithe ar na hionchuir a úsáidtear sna teicnící luachála mar seo a leanas;

- Leibhéal 1: praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhionanna.
- Leibhéal 2: ionchuir nach na praghsanna a luadh iad, a cuireadh san áireamh i Leibhéal 1, atá infheicthe le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, go díreach (i.e. praghsanna) nó go hindíreach (i.e. bunaithe ar phraghsanna).
- Leibhéal 3: ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cóir sócmhainne nó dliteanais a chatagóiriú ar leibhéil áirithe d'ordlathas an luacha chóir, ansin déantar an tomhas luacha chóir a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna den ordlathas luachanna córa mar an t-ionchur den leibhéal is ísle atá suntasach don tomhas iomlán. Aithníonn an Grúpa aistrithe idir leibhéil d'ordlathas luachanna córa ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ar tharla an t-athrú lena linn. Ní raibh aon aistrithe ann in 2021 nó in 2020.

### (a) Luach cóir sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais a thomhaistear ar luach cóir ar bhonn athfhillteach

Sa tábla seo a leanas leagtar amach na teicnící luachála a chuireann an Grúpa i bhfeidhm chun luach cóir a thomhas, i dteannta le haon ionchuir dobhraiteacha suntasacha.

| Cineál | Teicníc luachála | Ionchuir dhobhraiteacha shuntasacha |
|---|---|---|
| Conarthaí réamhmhalairte (*Féach ar nóta 23*) | Bíonn luach cóir conarthaí réamh-mhalairte ar aghaidh bunaithe ar a bpraghas luaite, má tá sé ar fáil.<br>Mura bhfuil praghas luaite ar fáil, meastar luach cóir mar an difríocht idir praghas ar aghaidh na conartha agus an praghas ar aghaidh reatha um aibíocht iarmharach na conartha.<br>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |
| Babhtálacha ráta úis agus babhtálacha trasairgeadra ráta úis *<br>*(Féach ar nóta 23)* | Tógadh san áireamh i luach cóir na mbabhtálacha ráta úis agus na mbabhtálacha trasairgeadra ráta úis na rátaí seasta, comhlúthacha agus margaidh atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe.<br>Léirigh luachanna córa riosca creidmheasa na hionstraime agus cuimsíonn siad coigeartuithe chun riosca creidmheasa eintiteas agus chontrapháirtí an Ghrúpa a chur san áireamh nuair is cuí sin.<br>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |
| Láithriú Príobháideach *(cuid fálaithe den luach cóir)**<br>*(Féach ar nóta 23)* | Rinneadh luach cóir an ráta fiachais seasta a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú ó na glanluachanna reatha agus úsáid á baint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe.<br>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |

*nach bhfuil ábhartha ach don réamh-thréimhse i ndiaidh aibíochta fhiach an Láithrithe Phríobháidigh agus babhtálacha trasairgeadra ráta úis bainteacha ar an 31 Márta 2021.

## 24. Tomhas Luacha Chóir (ar lean)

### (b) Luach cóir dliteanas airgeadais nach ndéantar a thomhas ar luach cóir (ach tá nochtuithe luacha chóir de dhíth)

Déantar luach cóir iasachtaí, arna dtomhas ag an gcostas amúchta, a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú chuig na glanluachanna reatha agus úsáid á bhaint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe - Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2. Ní raibh aon ionstraimí airgeadais ann a rinneadh a thomhas ag a gcostas amúchta ach a nochtadh luach cóir ina leith agus a aicmíodh mar Leibhéal 3 sa bhliain reatha nó sa bhliain roimhe seo.

## 25. Díbhinní

### Díbhinní fógartha

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Chuig an Státchiste | **38,438** | 70,958 |
| **Iomlán** | **38,438** | 70,958 |

### Díbhinn íoctha

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Díbhinn bhliantúil a íocadh leis an Státchiste | **38,438** | 47,283 |
| Díbhinn speisialta ar dhíolachán an ghnó Fuinnimh íoctha leis an Státchiste | **-** | 23,675 |
| **Iomlán** | **38,438** | 70,958 |

Tá Stát na hÉireann ina úinéir tairbhiúil 100% ar Ervia. Tá na díbhinní bliantúla bunaithe ar 45% (2020: 45%) den bhrabús coigeartaithe na bliana roimhe, mar a ordaítear leis an Rialtas. I mí an Mhárta 2022, d'fhaomh an Bord dearbhú agus íoc díbhinne bliantúil de €30.1 milliún, bunaithe ar 45% den bhrabús coigeartaithe na bliana 2021, faoi réir Ráitis Airgeadais 2021 de chuid Ervia a bheith tugtha faoi deara ag an Rialtas.

In 2018, tar éis teacht ar chomhaontú leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, choinnigh Ervia €5.1 milliún díbhinne siar. Tá sé seo le híoc in 2023 le ráta úis cuí ag carnadh go bliantúil.

## 26. Fochuideachtaí

Bhí na fochuideachtaí seo a leanas ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta ar an 31 Nollaig 2021:

| An chuideachta | Nádúr an Ghnó | Oifig Chláraithe | % de Shealbhán Gnáth-Scairchaipitil |
|---|---|---|---|
| Líonraí Gáis Éireann | Tarchur Gáis | Bóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh, Éire. | 100% |
| Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC | Tarchur Gáis | Bóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh, Éire. | 100% |
| GNI (UK) Limited | Tarchur Gáis | 8th Floor, 20 Farringdon Street, London, United Kingdom EC4A 4AB | 100% |
| Aistriú Sheirbhísí Líonra DAC | Nach bhfuil ag Trádáil | Bóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh, Éire. | 100% |

| Gnóthas Neamhrialaithe | Nádúr an Ghnó | Oifig Chláraithe | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Uisce Éireann | Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce | Teach Colvill, 24/26 Sráid Thalbóid, Baile Átha Cliath 1, Éire. | (i) |

## 26. Fochuideachtaí(ar lean)

(i) Ar an 31 Nollaig 2021, bhí scair vótála amháin ag an nGrúpa in Uisce Éireann, ach ní raibh aon chearta eacnamaíocha ag gabháil leis an scair sin. Bhí 325 scair ag an Aire Airgeadais agus ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (2020 araon : 325) nach raibh aon chearta vótála ag gabháil leo ach a raibh na cearta eacnamaíocha go léir ag gabháil leo arbh ghá leo chun go mbainfí leas as gníomhaíochtaí Uisce Éireann.

Luaitear in IFRS 10 go bhfuil "infheisteoir i gceannas ar institiúid infheistiúcháin nuair a nochtar an t-infheisteoir do, nó nuair atá cearta aige chun, torthaí éagsúla óna phlé leis an institiúid infheistiúcháin agus nuair atá sé de chumas aige dul i bhfeidhm ar na torthaí sin trína chumhacht thar an institiúid infheistiúcháin". Is ionann scair vótála amháin an Ghrúpa in Uisce Éireann agus ceart a bhí ann cheana féin ar an 31 Nollaig 2021 trína dtugtar cumhacht don Ghrúpa beartais airgeadais agus oibriúcháin Uisce Éireann a rialáil. Mar sin féin, ós rud é nach féidir úsáid a bhaint as an gcumhacht sin chun torthaí athraitheacha a fháil, de bharr nach bhfuil aon chearta ag an nGrúpa i leith thorthaí athraitheacha Uisce Éireann ag an dáta sin, mar a éilíonn IFRS 10 agus, dá bharr san, chun cloí le ceanglais an IFRS, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a comhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

## 27. Páirtithe Gaolmhara

Is comhlacht corparáideach é Ervia a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976. Tá Stát na hÉireann ina úinéir tairbhiúil 100% ar Ervia. Féach ar nóta 25 le haghaidh nochtuithe i dtaca le díbhinní an Ghrúpa.

### Uisce Éireann

Meastar gur páirtí gaolmhar de chuid an Ghrúpa é Uisce Éireann, ar bhunús phátrún na bhfíricí atá leagtha amach i nóta 26.

Iarmhéideanna infhaighte ag an dáta tuairiscithe, i dtaca leis na hidirbhearta a shonraítear thíos, mar seo a leanas:

| | 31-Noll-21 €'000 | 31-Noll-20 €'000 |
|---|---|---|
| Uisce Éireann | **4,849** | 24,444 |
| | **4,849** | 24,444 |

Luachanna idirbhirt le linn na bliana:

| | | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| Lársheirbhísí idirbhirt & tacaíochta | (a) | **49,320** | 52,403 |
| Costais chaiteachas caipitiúil athmhuirearaithe | (b) | **11,764** | 21,706 |
| Costais phinsean | (c) | **1,153** | 1,019 |

**(a) Costais idirbheartaíochta agus seirbhísí tacaíochta**
Cuireann an Grúpa seirbhísí straitéise, rialachais, bainistíochta riosca, bainistíochta soláthair chaipitil, idirbheart agus tacaíochta ar fáil d'Uisce Éireann trí Lárionad an Ghrúpa, réimsí na Mórthionscadal agus Seirbhísí Gnó. Dearadh an eagraíocht Seirbhísí Gnó chun seirbhísí idirbheartaíochta agus tacaíochta a sholáthar i réimsí an Airgeadais, an tSoláthair, Saoráidí, Árachais, Tacaíochta Tionscadail, Acmhainní Daonna agus Teicneolaíochta Faisnéise. Déantar na costais a bhaineann leis an iasacht fostaithe a athmhuirearú go hUisce Éireann ar bhonn modha chun iomlán na gcostas a fháil ar ais agus ní thuilltear aon chorrlach. Féach nóta 29P le haghaidh tuilleadh mionsonraí maidir le costais idirbheartaíochta agus costais seirbhísí tacaíochta.

**(b) Costais caiteachais caipitiúil a thabhaigh Grúpa Ervia agus a rinneadh a athmhuirearú ar Uisce Éireann**
Beartaíonn Uisce Éireann leis an nGrúpa i dtaca le tionscadail a seachadtar go lárnach agus a seachadtar sa ghnó, lena n-áirítear costais phárolla arna dtabhú ag an réimse Mórthionscadal. Déantar costais Uisce Éireann atá inchurtha go díreach a athmhuirearú ar bhonn míosúil gan fhorchostais nó chorrlach á gcur i bhfeidhm orthu ag Grúpa Ervia.

**(c) Costas pinsin**
Oibríonn an Grúpa scéim pinsin le sochar sainithe. Glacann roinnt fostaithe de chuid Uisce Éireann páirt sa scéim sin. Tugtar cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19. Aithníonn an Mháthairchuideachta, mar fhostóir urraithe don phlean, an glanchostas sochair shainithe, ach ní aithníonn Uisce Éireann ach na ranníocaíochtaí iníoctha amháin don bhliain a bhaineann le fostaithe Uisce Éireann. Cuimsíonn costais seirbhísí reatha an Ghrúpa le haghaidh 2021 (mar a leagtar amach i nóta 18) ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain maidir le fostaithe de chuid Uisce Éireann (mar a leagtar amach thuas). Níl na costais sin cuimsithe i gcostais sochair fostaí an Ghrúpa.

## 27. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

### Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí

Tá na príomhbhainisteoirí déanta suas de Bhord Ervia, POF Ervia agus a chuid tuarascálacha díreacha. Cionroinntear príomhchostais bainistíochta ar aonáin ar leith laistigh de ghrúpa Ervia bunaithe ar na seirbhísí atá tugtha. Is glanchostais iad na costais atá nochtaithe de chionroinnt chostais Uisce Éireann, atá mar gnóthais neamhrialaithe.

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha le haghaidh fostaithe | **(1,532)** | (1,529) |
| Sochair iarfhostaíochta | **(155)** | (150) |
| **Iomlán** | **(1,687)** | (1,679) |

### Comhaltaí Boird

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag comhaltaí an Bhoird sa Ghrúpa ag aon uair le linn na bliana ná ag an dáta tuairiscithe.

### Comhlachtaí Rialtais

Mar aon le heintitis go leor eile, bíonn an Grúpa ag plé i ngnáthchúrsa a ghnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas, amhail Bord Soláthair an Leictreachais, Eirgrid agus na hÚdaráis Áitiúla agus le bainc Éireannaigh áirithe a bhfuil i bpáirt faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann. Bíonn na hidirbhearta ar fad ar ghnáth-théarmaí tráchtála. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an nGrúpa le haon bhanc den sórt sin le linn na bliana, ag an dáta tuairiscithe, ná do dheireadh na tréimhse comparáidí.

## 28. Iartheagmhais

Níor tharla teagmhais eile ar bith idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar fhaomh an Bord na ráitis airgeadais, arbh teagmhais iad arbh ghá na ráitis airgeadais a choigeartú nó nochtuithe breise a dhéanamh dá mbarr.

Mar a thuairiscítear i ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin, táimid ag déanamh dlúthfhaireachán ar an dóigh a bhfuil cúrsaí ag forbairt sa choimhlint idir an Rúis agus an Úcráin agus ag déanamh measúnú ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann dár n-oibríochtaí mar a thagann an staid chun cinn go leanúnach. Is imeacht neamhchoigeartúcháin í seo do na ráitis airgeadais.

# Ráiteas Ioncaim na Máthairchuideachta
## le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí leanúnacha** | | | |
| Ioncam | | **-** | - |
| Glanchostais oibriúcháin (dímheas agus amúchadh as an áireamh) | 29A. | **(7,195)** | (7,400) |
| **Caillteanas oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (EBITDA)** | | **(7,195)** | (7,400) |
| Dímheas agus amúchadh | 29C. | **(1,349)** | (1,426) |
| Caillteanas oibriúcháin | | **(8,544)** | (8,826) |
| Ioncam airgeadais | 29D. | **15,361** | 48,045 |
| Costais airgeadais | 29D. | **(2,039)** | (2,520) |
| Glanioncam Airgeadais | 29D. | **13,322** | 45,525 |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | | **4,778** | 36,699 |
| Cáin ioncaim | 29E. | **(322)** | 2,028 |
